




SPÓRT
ÉIREANN
RANNPÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Tuarascáil Bhliantúil 2019

www.sportireland.ie



GHLAC
466,380

DUINE PÁIRT I 1,427 DTIONSCNAMH RANNPHÁIRTÍOCHTA A SOLÁTHRAÍODH AR BHONN ÁITIÚIL (MNÁ A BHÍ I 51% DÍOBH, FIR A BHÍ I 47% DÍOBH, AGUS SHAINAITHIN 2% DÍOBH MAR INSCNE 'EILE')

GHLAC **163,608** GCAILÍN AGUS **74,526** BHEAN PÁIRT I GCLÁIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA

GHLAC **37,711** BHEAN PÁIRT I **205** CINN DE CHLÁIR SPRIODHÍRITHE UM MNÁ SA SPÓRT



Ghlac **94,270** duine páirt in idirghabhálacha ar thacaigh an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leo, lenar áiríodh an Míle Laethúil, parkrun, Marcanna Clós Súgartha, Saorshúgradh Cailce agus tionscnaimh um Obair Bhaile Ghníomhach



Ghlac **24,488** nduine páirt i Rith Spraoui 5 km agus i Siúlóidí Náisiúnta ar reáchtáil Operation Transformation iad



Fuair **2,200** ceann de Chlubanna/Grúpaí tacaí cistiúcháin ó na Comhpháirtíochtaí

Ghlac **14,929** nduine páirt i dtionscnaimh a bhí spriodhírithe ar Dhaoine Scothaosta


NA DAOINE A SPRIODHÍRÍMID ORTHU

- > DAOINE I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE
- > DAOINE SCOTHAOSTA
- > DAOINE ÓGA
- > DAOINE FAOI MHÍCHUMAS
- > MNÁ AGUS CAILÍNÍ
- > MIONLAIGH EITNEACHA
- > DAOINE DÍFHOSTAITHE



24,387

Ghlac 24,387 nduine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh Chomhpháirtíochta agus fuair 2,649 nduine eile oiliúint i gcláir Feasachta ar Mhíchumas, i gcláir um Uathachas sa Spórt agus i gcláir Oiliúna agus Oideachais i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas de chuid Ionad CARA



Chuir **10,398** nduine de Cheannairí Spóirt agus d'Oibrithé Deonacha 696 Chúrsa Cumhdaigh i gcrích

Fuarthas cistiú **€7.3M** go díreach ó Spórt Éireann, a bhí freagrach as 33% de chistiú iomlán na gComhpháirtíochtaí

Leithdháileadh cistiú breise **€2.3M** ó Spórt Éireann ar thionscadail shonracha faoi Scéim na gCuntas Díomhaoin (10%) freisin

Infheistíodhn **€22.3M** sa Líonra Comhpháirtíochtaí (lenar áiríodh cistiú sochar comhchineáil)



Tugadh **1,214,746** chuairt ar shuíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí sa bhliain 2019

Bhí **152,662** leantóir meán sóisialta ag na Comhpháirtíochtaí ar fud Facebook, Twitter agus Instagram

Trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, chláraigh **110,196** dhuine do 808 n-imeacht áitiúla ar fud na tíre le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt

Ghlac breis agus **47,000+** duine páirt in imeachtaí suaitheantais le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt, lenar áiríodh Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa agus an Lá Náisiúnta Corpacmhainne

Clár Ábhar

Teachtaireacht ón Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	4
Brollach ó Spóirt Éireann	5
Cuid 1 – Cúlra, Acmhainní agus Cistiú	6
Cuid 2 – Éachtaí an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019	14
Cuid 3 – Cás-Staidéir ar Thionscnaimh Spóirt Éireann agus Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt	27
Cuid 4 – Meastóireacht	61
Cuid 5 – Na Chéad Chéimeanna Eile do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	65
Aguisíní	70
Aguisín A - Liosta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	71
Aguisín B - Gluais Téarmaí	72
Aguisín C - Sonraí Teagmhála na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	74

Teachtaireacht ón Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt don bhliain 2019 a chur i láthair. Tugtar sa tuarascáil seo forbhreathnú ar an obair thábhachtach a rinne Spóirt Éireann agus na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt agus tarraingítear aird inti ar na hiarrachtaí a rinne siad leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú i measc spriocphobail thábhachtacha ar fud na hÉireann.

Le linn na bliana 2019, lean Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le hobair i gcomhar le clubanna, scoileanna, grúpaí pobail agus oibrithe deonacha chun rannpháirtíocht sa spórt a spreagadh agus a fhorbairt i ngach pobal in Éirinn. Fianaise ar rath na gComhpháirtíochtaí maidir le leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú is ea an líon mór daoine de gach aois a bhíonn páirteach ina gcuid clár, tionscnamh agus imeachtaí. Tá sé soiléir go n-imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt tionchar dearfach ar phobail, go háirithe ar spriocghrúpaí a bhíonn faoi thearcionadaíocht go minic.

Agus cláir, acmhainní agus tacaí éagsúla oiliúna á soláthar aige d'oibrithe deonacha, dá gclubanna agus dá bpobail, imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí ról ríthábhachtach maidir le hobair dheonach a chothú ar fud na tíre freisin. Trí obair go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus le heagraíochtaí laistigh den earnáil spóirt agus lasmuigh di araon, leanfaidh an líonra Comhpháirtíochtaí le ról lárnach a imirt in obair dheonach phobaltréoraithe a ghníomhachtú. Tá sé ríthábhachtach go n-aithneois an rannchuidiú a dhéanann ár n-oibrithe deonacha spóirt, go leanfaimis le tacaíocht a thabhairt dá bhfás agus go dtabharfaimis an oiread deiseanna agus is féidir chun a rannpháirtíocht leanúnach a chothú.

Ceann de na príomhdheiseanna le haghaidh fáis sa bhliain 2020 agus ina diaidh a bheidh i dtuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar na deiseanna agus na saoráidí rannpháirtíochta atá ar fáil cheana féin do gach earnáil den tsochaí. Tháinig méadú suntasach ar an raon spóirt agus gníomhaíochtaí fhisiciúla atá ar fáil le blianta beaga anuas, agus Údarás Áitiúla, soláthraithe tráchtála agus geallsealbhóirí tábhachtacha eile ag baint tairbhe as an bhfeasacht mhéadaithe atá ag daoine ar an luach a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt ar feadh an tsaoil.

Le linn fhreagairt na hÉireann do COVID-19, tá na Comhpháirtíochtaí ag cur raon leathan tionscnamh áitiúil agus náisiúnta i bhfeidhm, ina spriocdhírítear ar chohóirt an daonra arb eol dúinn go bhfuil an seans is lú ann go mbeidh siad gníomhach le linn na géarchéime. Mar sin, d'fhorbair na Comhpháirtíochtaí tionscnaimh nua atá ceaptha go sonrach do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas, do mhná agus cailíní agus do dhaoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Ag an am céanna, dhear siad tionscnaimh nuálacha speisiúla do theaghlaigh, do leanaí agus do dhéagóirí.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt do na daoine sin a rannchuidíonn le rath an spóirt ar fud na hÉireann; cabhraíonn gach idirghníomhaíocht dhearfach leis an uaillmhian atá againn rátaí rannpháirtíochta a mhéadú, neamhghníomhaíocht a laghdú agus deireadh a chur leis na grádáin i rannpháirtíocht sa spórt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Spóirt Éireann agus le baill foirne agus comhaltaí boird na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt as a dtiomantas leanúnach do chothroime rochtana ar an spórt a chinntiú do chách.

Brendan Griffin T.D.

An tAire Brendan Griffin TD

Aire Stáit don Turasóireacht agus don Spórt

Brollach ó Spóirt Éireann

Tarraingítear aird i Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann don tréimhse 2018-2022 ar “an rannchuidiú suntasach is féidir leis an spóirt a dhéanamh chun cáilíocht na beatha a fheabhsú agus chun dul i ngleic le cuid mhór dúshlán sochaíoch agus comhshaoil”. Chuir an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt é féin ar thús cadhnaíochta an aistir i dtreo spóirt cuimsitheach ar feadh an tsaol a bhaint amach do chách agus leanann sé le tathant a dhéanamh ar son daoine atá faoi thearcionadaíocht sa spóirt faoi láthair. Pléitear i dTuarascáil Bhliantúil na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt don bhliain 2019 na tionscnaimh éagsúla a chuir Spóirt Éireann agus na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt ar fáil ar fud na hÉireann agus léirítear inti go bhfuil deiseanna rannpháirtíochta ann do gach duine.

A bhui le tacaíocht ón Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt agus leis an gcistiú leanúnach ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus ón gClár Éire Shláintiúil, d'éirigh le Spóirt Éireann an soláthar seirbhísí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a mhéadú an athuair do phobail a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. Leithdháileadh níos mó ná €2m sa bhliain 2019 chun tacú leis na ról mar Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal agus mar Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a chur i bhfeidhm i ngach ceann de na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt ar fud na tíre. Chabhraigh na ról sin le láithreach na gComhpháirtíochtaí a mhéadú laistigh de phobail agus éascaíonn siad forbairt leanúnach clár inbhuanaithe ar leibhéal áitiúil. Infheistíodh cistiú airgeadaíoch arbh fhiú níos mó ná €16.5m é sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019 agus áirithíodh infheistíocht sochar comhchineáil agus dhíreach arbh fhiú €5.5m eile í ó fhoinsí áitiúla chun tacú le gnáthoibríochtaí an líonra.

Bhí breis agus leathmhilliún duine gníomhach ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt trí dheiseanna rannpháirtíochta a soláthraíodh ar bhonn áitiúil sa bhliain 2019. Mná a bhí i níos mó ná 51% de na rannpháirtithe i gclár Chomhpháirtíochta, agus 163,608 gcaílin agus 74,526 bhean páirteach iontu. Ar an mbealach sin, comhlíonadh na cuspóirí atá le Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt trí dheiseanna cuimsitheacha éagsúla a thabhairt do mhná chun páirt a ghlacadh sa spóirt i dtimpeallacht thacúil spreagúil. Ghlac 24,387 rannpháirtí faoi mhíchumas páirt i ndeiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar bhonn áitiúil freisin trí obair an líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt.

Mar thoradh ar an meastóireacht leanúnach a dhéantar ar chláir a gcistíonn Spóirt Éireann iad, go háirithe cláir a sholáthraítear tríd an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, is féidir le Spóirt Éireann fianaise láidir inbhraite a thabhairt dá chuid comhpháirtithe agus maoinitheoirí ar na tairbhí a ghabhann lena chuid oibre. Cabhraíonn an tuiscint mhéadaithe sin ar thionscnamh rathúil gníomhaíochta fisiciúla a réachtáil le gach duine a oibríonn le Spóirt Éireann cinntí fianaisebhunaithe infheistíochta a dhéanamh agus luach ar airgead a chinntiú agus spóirt á sholáthar ar fud na hÉireann.

Beag beann ar an bpaindéim COVID-19, is amhlaidh, gach lá i bpobail ar fud na tíre, go leanann Spóirt Éireann le cabhair a thabhairt do dhaoine bheith gníomhach agus le deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spóirt. Mar fhreagairt don phaindéim, chinn ár gComhpháirtíochtaí leanúint le bheith ag obair ón mbaile nuair is féidir agus oibríthe deonacha riachtanacha a chur ar fáil d'Údarás Áitiúla ar fud na hÉireann chun tacú leis an bhfeachtas “Glaó an Phobail”. Agus leas á bhaint acu as an líonra ollmhór teagmhálaithe pobail áitiúil atá acu, d'imir na Comhpháirtíochtaí ról rithábachtach maidir le daoine atá i ngátar agus pobail atá i ngéarchéim a chur i dteagmháil le hoibríthe deonacha áitiúla agus le hacmhainní áitiúla pobail.

Mar fhocal scoir, thar ceann Spóirt Éireann, gabhaimid buíochas leis na gníomhaireachtaí, na grúpaí agus na daoine aonair uile a rannchuidigh leis an tuarascáil seo. Gabhaimid buíochas freisin leis na baill foirne agus na hoibríthe deonacha a raibh baint acu le cláir agus tionscadail a sholáthar ar leibhéal áitiúil.



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
Spóirt Éireann



John Treacy
Príomhfheidhmeannach
Spóirt Éireann

Cuid 1 Cúlra, Cistiú agus Acmhainní



1.1 Faisnéis Chúlra maidir leis an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt rannpháirtíocht sa spóirt in Éirinn a mhéadú ó 43% go 50% faoin mbliain 2027, figiúr atá coibhéiseach le méadú 1% in aghaidh na bliana. Chun an méid sin a bhaint amach, cuirtear in iúl sa bheartas gur gá dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta trí spriocdhírú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú a rannpháirtíocht ná an mheán-rannpháirtíocht fhoriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, mná agus cailíní agus grúpaí mionlaigh eitnigh amhail an Lucht Siúil.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt na ról thábhachtacha a imríonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a chothú agus an dóigh ar féidir leo cabhrú leis na gníomhartha rannpháirtíochta atá leagtha amach sa Bheartas a chomhlíonadh.

“Imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról ríthábhachtach. Cuireadh de chúram air go háirithe leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe i measc na n-earnálacha sin den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht sa spóirt faoi láthair. Láidreacht luachmhar ar leith is ea an cumas atá acu deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spóirt forásach, nuálach agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil.” – Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 ngníomh san iomlán sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann 26 cinn díobh. Gné lárnach de Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt dea-thorthaí a bhaint amach, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga don Spóirt. A bhí leis an infheistíocht mhéadaithe a fuair sé ón Rialtas sa bhliain 2019, bhí Spóirt Éireann in ann cumas agus inniúlacht an líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú agus tacaí réigiúnacha breise a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga. Bhí ceathrar ball foirne ar a laghad ag gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt den chéad uair riamh sa bhliain 2019, ba iad sin:

- Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt
- Riarthóir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt
- Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt
- Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal.


Tá an tuarascáil seo ar an tríú tuarascáil bhliantúil déag maidir leis an tionscnamh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Léirítear inti an obair a rinne an líonra náisiúnta, ina bhfuil 29 gComhpháirtíocht san iomlán, sa bhliain 2019. Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear trí chóras tuairiscithe Spóirt Éireann, comhthiomsaítear í i mbunachar sonraí náisiúnta lena rianaítear a dhoimhne agus a leithne atá tionscnaimh Chomhpháirtíochta. Taispeántar gníomhaíochtaí Comhpháirtíochta ón mbunachar sonraí sin mar eiseamláirí dea-chleachtais agus cuirtear iad i láthair mar chás-staidéir níos déanaí i gCuid 3 den tuarascáil seo.

1.2 Spóirt Éireann agus Cistiú na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Croí-Infheistíocht

Tugann Spóirt Éireann tacaíocht do 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá an croí-infheistíocht sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag méadú ar bhonn bliantúil, ó €4.9m sa bhliain 2014 go €7.3m sa bhliain 2019.

Fíor A – Miondealú ar an gCroi-infheistíocht a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2014-2019



Úsáidtear an chroi-infheistíocht chun tacú le croi-obair an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a sholáthar: Cláir Náisiúnta; Tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna; Forbairt Straitéiseach; Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal; an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt; Cláir um Mná sa Spóirt; agus cláir ghinearálta rannpháirtíochta.

Leithdháileadh €1,015,000 chun tacú leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019, agus Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ag baint dea-thorthaí amach i 29 limistéar Comhpháirtíochta. Tá sé mar aidhm leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh. Oibríonn na hOifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i gcáil comhordaithe le gach geallsealbhoir ábhartha chun deiseanna rannpháirtíochta a mhéadú agus a chothú do dhaoine faoi mhíchumas.

Leithdháileadh €1,015,000 eile chun tacú le ról mar Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal i 29 gComhpháirtíocht. Cuirtear de chúram ar Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal pobail áitiúla a ghníomhachtú ar roinnt bealaí difriúla, lena n-áirítear cláir agus tionscnaimh oiliúna spriocdhírthe a chomhordú do chlubanna agus pobail.

Infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

Tá Spóirt Éireann ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón mbliain 2015 amach chun sraith beart a fhorbairt faoi Plean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin. Faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, soláthraíonn Spóirt Éireann raon clár spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla faoi na bearta seo a leanas, atá ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.


Beart 1	Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal
Beart 2	An Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt
Beart 3	Bearta Spóirt do Phobail faoi Mhíbhuntáiste chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil
Beart 4	Trealamh Spóirt a Sholáthar i Limistéir faoi Mhíbhuntáiste

Spriocdhírtear ar na nithe agus na daoine seo a leanas i ngach tionscadal a gcistíonn Spóirt Éireann iad trí Chiste na gCuntas Díomhaoin:

1. Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta;
2. Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;
3. Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000).


Tá an infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag méadú ar bhonn bliantúil, ó €1.7m sa bhliain 2015 go €2.3m sa bhliain 2019. Chumasaigh sé sin dóibh tionscadail nuálacha éagsúla a reáchtáil ar leibhéal áitiúil.

Fíor B – Miondealú ar an Infheistíocht a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó Chiste na gCuntas Díomhaoin 2015-2019



D'éirigh le Spórt Éireann €5m a áirithiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2019, agus €2.3m de sin ag dul chun tairbhe go díreach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na hÉireann. Fuair na tionscadail Chomhpháirtíochta seo a leanas cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2019.

Fíor C – An Infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin de réir Tionscadal sa bhliain 2019




1.3 Foinsí Eile Cistiúcháin do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spórt Éireann agus deiseanna rannpháirtíochta sa spórt a sholáthar, tacaíonn an croíchistiú a fhaigheann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó Spórt Éireann le cláir rannpháirtíochta sa spórt a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta agus le hinfheistíochtaí náisiúnta agus áitiúla ó ghníomhaireachtaí is comhpháirtí a ghníomhachtú.

Sa bhliain 2019, ba le 88% den chroí-infheistíocht ó Spórt Éireann sna Comhpháirtíochtaí a cumhdaíodh croithuarastail agus croíchostais oibriúcháin an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Le tacaíocht ó chomhpháirtithe áitiúla, go háirithe Údarás Áitiúla, soláthraítear leis an infheistíocht sin ó Spórt Éireann na croí-acmhainní agus an croíchreat a theastaíonn chun rannpháirtíocht sa spórt a fhorbairt ar leibhéal áitiúil. Is infheistíocht thábhachtach í lena gcabhraítear le cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir agus ar thionscnaimh a gcistíonn Spórt Éireann iad trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus a chistítear ar bhonn áitiúil trí infheistíochtaí ó Údarás Áitiúla, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón gClár Éire Shláintiúil, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó Bhoird Oideachais agus Oilíúna.

Tugtar sa ghráf thíos miondealú ar an gCroí-infheistíocht ó Spórt Éireann sa bhliain 2019 de réir tuarastal, costais oibriúcháin agus infheistíocht cláir.

Fíor D – Miondealú ar an gCroí-infheistíocht a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt




Bhí cistiú ó Spórt Éireann (Croíchistiú, Cistiú do Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, Cistiú do Chláir um Mná sa Spórt agus Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin) freagrach as 43% den chistiú iomlán a fuair na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019. Cruinníodh an 57% eile ó fhoinsí áitiúla, lenar áiríodh infheistíocht dhíreach airgeadaíoch agus sochar comhchineáil.

Tábla 1 – Miondealú ar an gCistiú a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019


Cineál Cistiúcháin	€	%
Croíchistiú/Cistiú Clár ó Spórt Éireann agus Deontais ó Spórt Éireann do Chláir do Dhaoine faoi Mhíchumas	€7,026,507	32%
Cistiú ó Spórt Éireann trí Chiste na gCuntas Díomhaoin	€2,330,140	10%
Deontais ó Spórt Éireann do Chláir um Mná sa Spórt	€265,000	1%
Infheistíocht Airgeadaíoch (a Foinsíodh ar bhonn Áitiúil)	€7,126,232	32%
Sochar Comhchineáil (a Foinsíodh ar bhonn Áitiúil)	€5,518,746	25%
Iomlán	€22,266,625	100%

Fíor E – Miondealú ar an gCistiú agus an Sochar Comhchineáil a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019




Ag teacht sna sála ar an gcroíchistiú ó Spórt Éireann, bhí na hÚdaráis Áitiúla ar an gcéad phríomhfhoinsé eile cistiúcháin don líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019. Ba mhó i bhfad an méid a fuarthas ó Údaráis Áitiúla áirithe ná an méid a fuarthas ó chinn eile. Foinsí suntasacha eile cistiúcháin don líonra ba ea ioncam saothraithe, cistiú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus cistiú ón gClár Éire Shláintiúil. Tá na foinsí áitiúla a ranníoc leis an infheistíocht airgeadaíoch €7,126,232 a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí leagtha amach thíos.

Fíor F – Soláthraithe an Chistiúcháin Airgeadaíoch Áitiúil ar fud an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019



Tá na foinsí áitiúla a ranníoc leis an sochar comhchineáil €5,518,746 a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí leagtha amach thíos.

Fíor G – Soláthraithe an tSochair Chomhchineáil Áitiúil Iomláin ar fud an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019



Tháinig méadú 20% ar an gcistiú a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí ó Spóirt Éireann, ó €6.07m don bhliain 2018 go €7.29m don bhliain 2019. Bíonn ag éirí go fóill leis na Comhpháirtíochtaí cistiú a áirithiú ó fhoinsí áitiúla. Ba ó fhoinsí áitiúla a fuarthas 57% den chistiú iomlán. Bhí cistiú airgeadaíoch ó fhoinsí áitiúla freagrach as 32% den tacaíocht ar fad a fuair na Comhpháirtíochtaí agus bhí tacaíocht sochar comhchineáil freagrach as ceathrú cuid den chistiú ar fad.

Tá áthas ar Spóirt Éireann a thabhairt faoi deara arís gur ó fhoinsí áitiúla a cumhdaíodh níos mó ná 50% de chostais an líonra Comhpháirtíochtaí, ar aon dul leis na moltaí ón Athbheithniú a rinne Fitzpatrick & Associates ar na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2005. Tugann sé faoi deara freisin, áfach, gurbh fhearr Comhpháirtíochtaí áirithe ag infheistiú áitiúil a áirithiú ná cinn eile, agus díreofar air sin sna blianta 2020 agus 2021.

1.4 Baill Foirne, Boird Bhainistíochta agus Coistí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Baill Foirne na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Is é Spóirt Éireann a chistíonn croíbhail foirne na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Is trí fhoinsí eile a chistítear pearsana eile de chuid na gComhpháirtíochtaí. Mar aon le Comhordaitheoirí agus Riarthóirí, ba trí chistiú ó Spóirt Éireann a tacaíodh le 29 nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal agus le 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt laistigh den líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019. Mar thoradh ar an gcistiú sin, méadaíodh leibhéal foirne go ceathrar ar a laghad i ngach ceann de na 29 gComhpháirtíocht agus comhlíonadh Gníomh 12 atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, ina sonraítear an méid seo a leanas:

“Agus aghaidh á tabhairt ar na grádáin mhíchumais ó thaobh rannpháirtíochta de, féachfaimid ar an bhféidearthacht atá ann líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a thabhairt isteach, rud a bheidh ailínithe leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bheifí ag súil leis go n-oibreodh na hOifigigh sin go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ábhartha, leis an earnáil mhíchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le hionad CARA agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt”.

Chistigh Spóirt Éireann 132 dhuine sa líonra Comhpháirtíochtaí go hiomlán nó go páirteach sa bhliain 2019. Chistigh sé 85 dhuine go hiomlán. D’earcaigh an líonra Comhpháirtíochtaí 31 duine ar intéirneachtaí agus ar shocrúcháin fostaíochta. Chonraigh na Comhpháirtíochtaí 478 dteagascóir chun cláir, cúrsaí, ceardlanna agus tionscnaimh a sholáthar laistigh den struchtúr Comhpháirtíochtaí freisin.

D’fhostaigh na Comhpháirtíochtaí 223 dhuine san iomlán de bhail foirne pháirtaimseartha agus lánaimseartha sa bhliain 2019, rud a bhí cothrom le 210 bhfostaí lánaimseartha. Fir a bhí i 107 nduine den 223 fhostaí (48%) agus mná a bhí i 116 dhuine díobh (52%).

Boird Bhainistíochta agus Coistí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt - Rannpháirtíocht agus Ionadaíocht

- Ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, chuir daoine ó raon leathan eagraíochtaí is comhpháirtí 7,624 huairé an chloig d’obair dheonach san iomlán isteach ar Bhoird Chomhpháirtíochta agus ar Choistí Comhpháirtíochta sa bhliain 2019.
- D’fhóin 391 dhuine san iomlán ar bhoird Chomhpháirtíochta sa bhliain 2019. Tá sé sin cothrom le meánlíon 13 dhuine ar gach bord.
- Mná a bhí i 37% de chomhaltaí boird Chomhpháirtíochta. Is airde an figiúr sin ná an sprioc a leagtar síos sa Bheartas um Mná sa Spóirt agus sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, is é sin go sealbhódh mná 30% ar a laghad de na ról ar bhoird chomhlachtaí cistithe faoin mbliain 2027.
- Cuireann comhaltaí boird tacair scileanna ar leith lena gComhpháirtíocht. Baineann an saineolas sin le réimsí amhail airgeadas, bainistíocht, caidreamh poiblí, rialachas agus acmhainní daonna. Cabhraíonn an méid sin ar fad le réachtáil éifeachtach na gComhpháirtíochtaí.

Bhí Údarás Áitiúla, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus an earnáil oideachais ar na trí rannpháirtí is gníomhaí ar Bhoird Bhainistíochta Comhpháirtíochta sa bhliain 2019.

1.5 Tacaí ó Spóirt Éireann

Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Téann Spóirt Éireann i dteagmháil leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus lena gcuid ball foirne ar bhonn rialta. Sa bhliain 2019, tháinig Spóirt Éireann le chéile le comhordaitheoirí Comhpháirtíochta ar bhonn aonair le linn cruinnithe plean oibriúcháin a seoladh in oifig Spóirt Éireann idir mí Eanáir agus mí Aibreáin. Rinne Spóirt Éireann athbhreithnithe

forbartha le gach Comhpháirtíocht idir mí Aibreáin agus mí na Samhna freisin. Rinneadh na hathbhreithnithe sin in oifig na gComhpháirtíochtaí agus áiríodh leo cruinnithe struchtúrtha lena gcuid comhordaitheoirí, oifigeach forbartha agus ionadaithe boird. Cuireadh na nithe a foghlaimíodh ó na hathbhreithnithe sin san áireamh in obair na gComhpháirtíochtaí agus Spórt Éireann sa bhliain 2020.

D'éagraigh Spórt Éireann sraith cruinnithe agus ceardlann leis na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019 ar mhaithe le cumas, scileanna agus eolas na hearnála a fhorbairt. Óstáladh dhá chruinniú ar leith i mí Eanáir agus i mí Feabhra chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha oibre i gcomhar le Comhpháirtíochtaí atá faoi stiúir ag Údaráis Áitiúla agus le Comhpháirtíochtaí ar Cuideachtaí Teoranta iad. D'óstáil Spórt Éireann cruinniú le comhordaitheoirí Comhpháirtíochta thar dhá lá i mí Aibreáin chun dul i gcomhairle leo maidir le Plean Rannpháirtíochta Spórt Éireann, chun forbairt ó thaobh meastóireachta de a chomhroinnt leo agus chun réamhbhreathnú ar an tuarascáil bhliantúil don bhliain 2018. I mí na Bealtaine, d'éagraigh Spórt Éireann cruinnithe ar leith chun Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal agus Comhordaitheoirí Tionscadal Eachtraíochta Uirbí a uasoiliúint agus chun an dea-chleachtas a chomhroinnt leo. D'éagraigh Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann oiliúint bhreise do bhaill foirne Comhpháirtíochta sa bhliain 2019, ar lena linn a díródh ar anailís riachtanas, ar theoiric an athraithe iompraíochta agus ar mheastóireacht ar mhaithe le héifeachtacht a gcuid tionscnamh a mhéadú.

I mí an Mheithimh, d'óstáil Spórt Éireann cruinniú d'ionadaithe boird Chomhpháirtíochta agus do stiúrthóirí seirbhíse Údaráis Áitiúil chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt dóibh ar na hinfheistíochtaí méadaithe ó Spórt Éireann agus ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus chun dul i gcomhairle leo maidir le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt. D'fhreastail comhordaitheoirí Comhpháirtíochta ar lá líonraithe a d'éagraigh Spórt Éireann do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Ina dhiaidh sin, tionóladh cruinniú aon lae le comhordaitheoirí Comhpháirtíochta chun na nithe a foghlaimíodh ó na cuairteanna ar an láithreán sa bhliain 2019 a chomhroinnt agus chun creat léargas nua a thabhairt isteach.

Soláthraíonn na Comhpháirtíochtaí tuarascáil lár bliana do Spórt Éireann le linn na bliana. Cuireann siad an tuarascáil bhliantúil uathu faoi bhráid Spórt Éireann ag deireadh na bliana ansin. Chuir Spórt Éireann creat nua faireacháin do na Comhpháirtíochtaí chun feidhme sa bhliain 2019, rud lena dtugtar mionléargas ar ghnéithe éagsúla d'fheidhmíocht na gComhpháirtíochtaí. Áirítear leo sin rialachas na gComhpháirtíochtaí, a mhéid a théann siad i bhfeidhm ar rannpháirtithe agus an tionchar atá acu.

Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta Spórt Éireann

- Chuir ceithre Chomhpháirtíocht Idirghabhálacha Forbartha Eagraíochta i gcrích i réimse an Chultúir agus na Feidhmíochta sa bhliain 2019, ar lena linn a pléadh le measúnú eagraíochta, le héifeachtacht foirne agus le caidreamh idirghrúpa.
- Chuir seisear Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Clár Forbartha Ceannaireachta ARENA Spórt Éireann i gcrích sa bhliain 2019.
- D'fhreastail 70 ball foirne Comhpháirtíochta ar raon leathan comhdhálacha foghlama, cúrsaí agus ceardlann inar pléadh le réimsí amhail bainistíocht tionscadal, bainistíocht riosca, pleanáil straitéiseach agus rialachas.
- Glacadh seisear ball foirne Comhpháirtíochta/comhaltaí boird Chomhpháirtíochta isteach sa Deimhniú Gairmiúil sa Rialachas, atá faoi stiúir ag Spórt Éireann agus ag an bhForas Riaracháin.
- Glacadh dháréag ball foirne Comhpháirtíochta isteach i gClár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE Spórt Éireann.
- Bhí teagmháil leanúnach ann le réimsí eile cláir agus seirbhíse amhail an Clár Sláinte agus Folláine 'Find Your Fit', Clár Meantóireachta M-Power agus Clár Fostaíochta Céimithe ASPIRE.
- Bhí teagmháil leanúnach ann le raon seirbhísí Forbartha Cumais Eagraíochta ar fud an líonra freisin i réimsí amhail seirbhísí comhairleacha acmhainní daonna, forbairt lámhleabhar d'fhostaithe agus freastal ar ghrúpaí oibre.



Cuid 2
Éachtaí an Líonra
Comhpháirtíochtaí
Áitiúla Spóirt sa
bhliain 2019

2.1 Réamhrá

Tugann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoi raon leathan gníomhartha ar mhaithe le leibhéal rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ina bpobal áitiúil. Tá na gníomhartha sin grúpáilte ina gceithre réimse toraidh:

- Oibriú chun clubanna, cóitseálaithe agus oibríthe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir clubanna áitiúla spóirt, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí eanála
- Tuilleadh deiseanna a chruthú le haghaidh rochtain a fháil ar an oideachas agus an oiliúint a bhaineann le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhírthe a sholáthar ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a mhéadú
- Faisnéis a sholáthar faoin spórt agus faoi ngníomhaíocht fhisiciúil ar mhaithe le feasacht agus rochtain a chruthú.

2.2 Clubanna Áitiúla Spóirt agus Pobail Áitiúla a Fhorbairt

Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt is ea leibhéal inbhuanaithe forbartha a chinntiú laistigh de na struchtúir áitiúla spóirt. Ar fud an líonra, oibríonn na Comhpháirtíochtaí i gcomhar le clubanna agus grúpaí chun a chinntiú go bhfuil struchtúir i bhfeidhm chun gach duine den phobal a chumasú páirt a ghlacadh i raon leathan roghanna spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla.

Éascaítear an timpeallacht inbhuanaithe sin trí dheiseanna a thabhairt d'oibríthe deonacha agus do chóitseálaithe feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus ar cháilíocht na rannpháirtíochta sa spórt ina bpobal.

Cistiú do Thacaí Club agus Pobail

Thug na Comhpháirtíochtaí tacaí cistiúcháin do 1,813 club agus do 387 ngrúpa pobail ar fud na tíre sa bhliain 2019. Trí Chroichistiú, d'infheistigh Spórt Éireann €253,000 i dtacaíocht Forbartha Club agus Pobail ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019.


Obair Forbartha Club

Tacaíonn na Comhpháirtíochtaí le soláthraithe spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla ar fud na tíre. Oibríonn siad le clubanna spóirt, le pobail agus le daoine aonair freisin chun deiseanna nua spóirt agus conairí nua chun an spóirt a thabhairt isteach ar mhaithe le rannpháirtíocht san aclaíocht fhisiciúil a chothú.

Chuige sin, tharla sé sa bhliain 2019

- go raibh 7,343 cinn san iomlán de chruinnithe agus de ghlaonna teileafóin ann idir clubanna agus Comhpháirtíochtaí, a raibh mar aidhm leo comhairle neamhfhoirmiúil a chomhroinnt
- go raibh 8,039 gcinn san iomlán de chruinnithe agus de ghlaonna teileafóin ann idir grúpaí pobail agus Comhpháirtíochtaí, a raibh mar aidhm leo comhairle neamhfhoirmiúil a chomhroinnt.

Tábla 2 – Gníomhartha Forbartha Club/Pobail de réir Líon Clubanna/Grúpaí Pobail



Léirítear san íomhá thuas roinnt de na gníomhartha eile a rinne na Comhpháirtíochtaí chun tacaíocht a thabhairt do chlubanna agus do ghrúpaí pobail sa bhliain 2019.

Imríonn na Comhpháirtíochtaí ról ríthábhachtach i gcomhairle a thabhairt do chlubanna maidir le planáil agus meastóireacht agus maidir le caighdeán agus beartais rialachais a fhorbairt. Tríd an obair thacaíochta sin, cabhraítear le clubanna feabhsuithe a dhéanamh ar mhaithe le baill a mhealladh agus a choinneáil.

2.3 Cúrsaí agus Ceardlanna Oiliúna agus Oideachais

Soláthraíonn na Comhpháirtíochtaí raon deiseanna tábhachtacha oiliúna agus uasoiliúna ar leibhéal áitiúil d’oibríthe deonacha, do chóitseálaithe agus do riarthóirí. Dhá chlár den sórt sin is ea an clár Ceannaireachta Óige agus an clár Tacáí d’Oibríthe Deonacha.

Ceannaireacht Óige

Tríd an gclár seo, forbraítear scileanna cineálacha ceannaireachta ar féidir iad a úsáid i raon cúnsí spóirt agus/nó áineasa agus ar féidir leo cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimora. Leantar le hoibríthe deonacha oilte a fhorbairt tríd an gclár freisin, ar daoine iad ar féidir leo cabhrú le tionscnaimh spóirt agus áineasa a sholáthar laistigh dá bpobal agus, ag an am céanna, oiliúint a sholáthar do dhaoine óga, iad a choinneáil gafa leis an spóirt, a bhfreagracht a mhéadú, cur lena muinín agus lena bhféinmheas agus deis a thabhairt dóibh tabhairt faoi obair dheonach ar feadh an tsaoil.


Tacaí d’Oibríthe Deonacha

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo sainaitheint a dhéanamh ar dhaoine aonair a dhéanann obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas agus cúnaimh a thabhairt dóibh scileanna ceannaireachta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a ghnóthú lena n-úsáid sa phobal, e.g. mar chóitseálaithe, mar cheannairí, mar réiteoirí, mar chomhaltaí coiste, etc.

- Rinne na Comhpháirtíochtaí 399 gcinn dhifriúla de chúrsaí, ceardlanna agus seimineáir oiliúna agus oideachais a phleanáil agus a sholáthar i gcomhar lena ngníomhaireachtaí is comhpháirtí
- Ghlac 29,991 duine páirt sna cúrsaí oiliúna sin.

Tugtar san fhíor seo a leanas míondealú ar na cineálacha oiliúna agus ar mhéid na hoiliúna a soláthraíodh sa bhliain 2019.

Fíor H - Gníomhartha Oiliúna agus Oideachais agus an Líon Rannpháirtithe



2.4 Cláir Spórt Éireann a Sholáthar

Ceardlanna Cumhdaigh agus Róil Chumhdaigh

Tá clár Cumhdaigh Spórt Éireann dírithe ar cheannairí spóirt agus ar aosaigh a ghabhann do ghníomhaíochtaí spóirt a eagrú do leanaí agus do dhaoine óga. Is é sprioc an chláir feasacht a mhéadú ar an dea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí. Tairgeann Spórt Éireann trí cheardlann i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh.

- Cumhdach 1 - Bunfheasacht (gach cóitseálaí)
- Cumhdach 2 - Oifigeach Leanaí an Chlub (sainiúil don ról)
- Cumhdach 3 - Teagmhálaí Ainmnithe (sainiúil don ról)

Tá mionsonraí faoi na ceardlanna sin leagtha amach thíos:

Cumhdach 1 – Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí	Cumhdach 2 - Oifigeach Leanaí an Chlub	Cumhdach 3 – Teagmhálaí Ainmnithe
Ní mór do gach Cóitseálaí, Oifigeach Leanaí agus Teagmhálaí Ainmnithe an Cheardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí a chur i gcrích ar dtús. Maireann an cúrsa trí huairé an chloig. Tugtar eolas do rannpháirtithe sa Cheardlann seo faoin dea-chleachtas agus faoi na ceanglais dhlíthiúla a chur chun feidhme maidir le leas na leanaí a ghlacann páirt sa spórt a chosaint.	Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Oifigigh Leanaí i gclub ar leith Cumhdach 1 (Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí) a chur i gcrích agus páirt a ghlacadh ina dhiaidh sin i gceardlann Oifigeach Leanaí Club a mhaireann trí huairé an chloig. Leis an gceardlann sin, cabhraítear le hOifigeach Leanaí an Chlub feidhm a ról sa club a chomhlíonadh agus tacú leis an dea-chleachtas i réimse an chumhdaigh a chur chun feidhme sa club.	Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe i gclub ar leith Cumhdach 1 (Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí) a chur i gcrích agus ba cheart dó/dí an cheardlann Teagmhálaí Ainmnithe a mhaireann trí huairé an chloig a chur i gcrích. Féadfaidh club an t-aon duine amháin a cheapadh chuig post an Oifigigh Leanaí Club agus chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe araon. Mar sin féin, moltar sa dea-chleachtas go gcoinneofaí iad mar ról leithleacha.

Oifigeach Leanaí an Chlub (sainiúil don ról)

Ba cheart d'Oifigeach Leanaí an Chlub bheith leanbhárnach agus féachaint, mar phríomhaidhm aige/aici, le héiteas leanbhárnach a bhunú laistigh den club. Tá an tOifigeach Leanaí ina nasc idir na leanaí agus na haosaigh sa club. Glacann sé/sí freagracht freisin as faireachán a dhéanamh ar an tionchar a imríonn beartas an club ar dhaoine óga agus ar cheannairí spóirt agus as tuairisc a thabhairt do Choiste Bainistíochta an Chlub air sin.

Teagmhálaí Ainmnithe (sainiúil don ról)

Ba cheart do gach club/eagraíocht duine a ainmniú chun freagracht a ghlacadh as déileáil le haon ábhair inní faoi chosaint leanaí. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as líomhaintí mí-úsáide leanaí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú do TUSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, do Sheirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann) agus/nó don Gharda Síochána/do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Moltar go mbeadh an duine sin ina (h) oifigeach sinsearach laistigh den club. Más rud é go mbeidh deacracht ann duine aonair ar leith a shainaitheint chun an ról a ghlacadh, áfach, féadfar Oifigeach Leanaí an Chlub a cheapadh mar Theagmhálaí Ainmnithe a luaithe a bheidh tuiscint shoiléir ag an gclub/an eagraíocht ar fhreagrachtaí an dá ról. Ba cheart ainm agus sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról a leagan amach i mbeartas agus nósanna imeachta cosanta leanaí na heagraíochta.

Sa bhliain 2019, chuir 8,516 dhuine san iomlán de cheannairí spóirt agus d'oibrithe deonacha oiliúint Cumhdach 1 i gcrích ar fud 559 gceardlann a reáchtáil na Comhpháirtíochtaí. D'fhreastail thart ar 1,167 n-oibrí dheonacha ar an oiliúint leantach d'Oifigigh Leanaí ar fud 85 cheardlann ina dhiaidh sin. Agus Cumhdach 3 á sholáthar, fuair 715 rannpháirtí oiliúint sa ról mar Theagmhálaí Ainmnithe le linn 52 cheardlann a d'eagraigh na Comhpháirtíochtaí.

Tábla 3 – Achoimre ar aschuir Chumhdaigh sa bhliain 2019


	CUMHDACH 1	CUMHDACH 2	CUMHDACH 3
An líon ceardlann a soláthraíodh	559	85	52
An líon rannpháirtithe	8,516	1,167	715

2.5 Tionscnaimh Rannpháirtíochta na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Agus tionscnaimh spriocdhírthe á ndearadh, á soláthar agus á n-athbhreithniú go díreach acu, méadaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt an leibhéal rannpháirtíochta áitiúla, go háirithe i measc grúpaí sóisialta a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. Tríd an saineolas áitiúil agus trí na naisc áitiúla atá acu laistigh den bhonneagar spóirt, is féidir leis na Comhpháirtíochtaí riachtanais shonracha a shainaithint agus pleanáil dá réir sin.

Mhéadaigh an líon daoine a ghlac páirt i dtionscnaimh de chuid na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó 52,000 duine sa bhliain 2007 go 466,380 duine sa bhliain 2019. Tugann an tomhas ardleibhéal sin le fios go mbíonn feidhmíocht an líonra Comhpháirtíochtaí ag feabhsú agus ag forbairt gach bliain.


Fíor I – An Líon Daoine a nDeachaigh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i bhFeidhm Orthu idir na blianta 2007 agus 2019



* Cé gur cuireadh athchuirteanna ar parkrun ar áireamh don bhliain 2015, níl siad ar áireamh sna figiúirí do na blianta ina dhiaidh sin

- Ghlac 466,380 duine páirt i 1,427 gcinn de thionscnaimh rannpháirtíochta a soláthraíodh ar bhonn áitiúil sa bhliain 2019.
- I dteannta na dtionscnaimh thuas, tacaíonn na Comhpháirtíochtaí le roinnt idirghabhálacha gníomhaíochta fisiciúla amhail parkrun, Marcanna Clós Súgartha, an Míle Laethúil, Saorshúgradh Cailce agus tionscnaimh um Obair Bhaile Ghníomhach freisin. Níor cuireadh na hidirghabhálacha sin ar áireamh sna figiúirí Comhpháirtíochta toisc gurb iad geallsealbhoirí seachtracha a stiúranann go príomha iad (e.g. parkrun) nó toisc go bhfuil sé doiligh iad a thomhas (i.e. cá mhéad duine a bhí gníomhach agus cé chomh minic agus a bhíodh siad gníomhach, e.g. Marcanna Clós Súgartha, Saorshúgradh Cailce agus tionscnaimh um Obair Bhaile Ghníomhach). Is idirghabhálacha tábhachtacha iad a bhfuil figiúirí suntasacha ag gabháil leo, áfach. Mar sin, cuirtear iad i láthair ar leithligh sa tuarascáil seo ionas nach saobhfar leanúnachas an tuairiscithe sonraí ar obair thraidisiúnta na gComhpháirtíochtaí. Ar an mbealach sin, tugtar sásra trínar féidir rannchuidiú na n-idirghabhálacha a aithint agus faireachán a dhéanamh ar fhás ina leith sa todhchaí.
- Ghlac 94,270 duine eile páirt in 42 idirghabháil rannpháirtíochta ar tacaíodh leo ar bhonn áitiúil sa bhliain 2019. Déanann an tacaíocht a thugann na Comhpháirtíochtaí do na hidirghabhálacha sin rannchuidiú suntasach breise maidir le rannpháirtíocht i gníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a mhéadú i bpobail ar fud na hÉireann.


Fíor J - Idirghabhálacha agus an Líon Rannpháirtithe



Tugtar san fhíor seo a leanas miondealú ar na grúpaí éagsúla a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2019.

2.5.2 Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a soláthraíodh sa bhliain 2019

Fíor K - Spriocgrúpaí agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.2 Catagóirí na dTionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt

De na 466,380 rannpháirtí a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh sa bhliain 2019, cuireadh 182,998 nduine i mbun gníomhaíochta trí chláir Chomhpháirtíochta, cuireadh 99,268 nduine i mbun gníomhaíochta trí imeachtaí Comhpháirtíochta, chuathas i bhfeidhm ar 154,630 duine trí chláir Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, tarraingíodh 17,972 dhuine isteach trí bhlas-seisiúin agus chuathas i bhfeidhm ar 11,512 dhuine trí champaí spóirt. Déantar cur síos gairid sa tábla thíos ar na cúig chatagóir tionscnaimh Chomhpháirtíochta atá ann.

Tábla 4 - Cur Síos ar Chatagóirí Tionscnaimh

Catagóir Tionscnaimh	Cur Síos
Cláir na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná deiseanna rannpháirtíochta faid shocraithe a mhaireann tréimhse is mó ná seisiún nó dhó. Is gnách go soláthraítear iad thar roinnt seachtainí nó laethanta neamh-chomhleanúnacha, e.g. Fir ag Gluaiseacht, Beir Beo ar an Saol, Clár Siúil an Phobail
Imeachtaí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná imeachtaí rannpháirtíochta faid shocraithe a mhaireann lá amháin de ghnáth. Is gnách go socraíonn rannpháirtithe sprioc chun dul isteach san imeacht agus tabhairt faoi roinnt oiliúna nó go dteastaíonn bunclaíocht nó bunscoilleana uathu chun páirt a ghlacadh ann, e.g. rití 5 km, an tSraith Rothaíochta, Mion-Mharatóin
Blas-Seisiún	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná deiseanna rannpháirtíochta aonuaire nach mó ná eispéireas aonair, cé go bhféadfadh go mbeadh treorú chuig deiseanna níos fadtéarmaí ag gabháil leo. Is gnách nach dteastaíonn aon oiliúint roimh ré agus beagán scile/aclaíochta roimhe ó rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh iontu, e.g. Laethanta Spraoi, Oícheanta 'Bí Gníomhach', imeachtaí teaghlaigh, seachtainí cur chun cinn, etc.
Campaí Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná campaí lena dtairgtear deiseanna rannpháirtíochta spóirt i spórt ar leith nó i roinnt spórt. Is gnách go maireann siad tréimhse is lú ná seachtain, e.g. Campaí Sacair Chumann Peile na hÉireann, Campaí Cúl CLG
Cláir na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná deiseanna rannpháirtíochta mar a bhfuil Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ar an bpríomhsholáthraí don tionscnamh. Tá seans ann go soláthróidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt tacaíocht agus acmhainní dóibh, e.g. Ilchomórtais Rugbaí, Blitzchomórtais CLG, sraitheanna sacair

Léirítear san fhaisnéis thíos an líon rannpháirtithe a ndeachthas i bhfeidhm orthu i ngach catagóir.


Fíor L - Catagóirí Tionscnaimh agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.3 Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a soláthraíodh sa bhliain 2019

Tugtar san fhíor seo a leanas forbheathnú ar na cineálacha tionscnamh a soláthraíodh sa bhliain 2019.

Fíor M - Tionscnaimh Rannpháirtíochta agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.4 Teoiric an Athraithe Iompraíochta

Ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar chur i bhfeidhm Theoiric an Athraithe Iompair maidir leis an obair a dhéanann na Comhpháirtíochtaí i rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, iarradh ar na Comhpháirtíochtaí príomhthionchar gach tionscnaimh a chatagóiriú faoi na colúin de Shamhail Athraithe Iompair COM-B. Déantar cur síos níos mine sa tábla thíos ar na cineálacha tionchair ar shamhail COM-B. Trasnaíonn roinnt gníomhartha thar chineálacha éagsúla tionchair. I gcásanna den sórt sin, roghnaigh na Comhpháirtíochtaí an tionchar is suntasaí.


Tábla 5 – Cur Síos ar Shamhail Athraithe Iompraíochta COM-B

PRÍOMHTHONCHAR FAOI SHAMHAIL ATHRAITHE IOMPRAÍOCHTA COM-B	CUR SÍOS
Forbairt Cumais Fhisiciúil	Gníomhartha lena bhforbraítear scileanna an rannpháirtí go príomha, e.g. cláir a sholáthraítear thar roinnt seisiún
Forbairt Cumais Shíceolaíoch	Gníomhartha lena bhforbraítear eolas an rannpháirtí go príomha, e.g. blaslaethanta, cumarsáidí lena ngabhann díriú ar fhaisnéis
Forbairt Deiseanna Fhisiciúla	Gníomhartha lena bhforbraítear bonneagar, saoráidí agus trealamh go príomha, lena laghdaítear costas go príomha nó lena bhfeabhsaítear rochtain go príomha, e.g. forbairtí caipitil, lascainí, soláthar faisnéise amhail eolairí club agus saoráide
Forbairt Deiseanna Sóisialta	Gníomhartha lena bhforbraítear cultúr rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil go príomha, e.g. cumarsáidí lena ngabhann díriú sóisialta
Inspregadh Machnamhach	Gníomhartha lena dtugtar spriocanna do rannpháirtithe go príomha, e.g. imeachtaí rannpháirtíochta, cumarsáidí lena ngabhann díriú ar spriocanna
Inspregadh Uathoibríoch	Gníomhartha lena bhforbraítear nósanna rannpháirtithe go príomha, e.g. idirghabhálacha a mbíonn tionchar fadtéarmach acu agus lena ngabhann rochtain éasca agus tionchar beag ar an duine aonair de ghnáth

Cuirtear i láthair san fhíor seo a leanas an líon rannpháirtithe a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh rannpháirtíochta faoi gach ceann de na colúin athraithe iompair.

Tugtar le fios i samhail COM-B nach mór do dhuine aonair Cumas (Fhisiciúil agus Síceolaíoch), Deis (Fhisiciúil agus Shóisialta) agus Inspregadh (Machnamhach agus Uathoibríoch) a bheith aige/aici chun a (h)iompraíocht a athrú. Léirítear sa ghráf thíos go bhforbraítear Cumas Fhisiciúil go príomha i 55% de na tionscnaimh Chomhpháirtíochta agus nach bhforbraítear Cumas Síceolaíoch go príomha ach i 6% díobh. Léirítear ann freisin go bhfuil sé mar aidhm le 6% de na tionscnaimh Chomhpháirtíochta Inspregadh Machnamhach a chothú. Is gá roinnt oibre a dhéanamh chun leibhéal bhonnlíne náisiúnta a bhunú ó thaobh Cumais, Deise agus Inspregtha de chun cabhrú le hiarrachtaí na gComhpháirtíochtaí a dhíriú ar an réimse is éifeachtaí oibre. D'fhéadfaí fleiscmhodúl a réachtáil trí Mhonatóir Spóirt na hÉireann chun cabhrú leis na bonnlínte sin a bhunú sa todhchaí. Más rud é go mbeidh gach ceann de na sé réimse de shamhail COM-B ag teastáil chun an iompraíocht a athrú, is féidir go mbeidh ar na Comhpháirtíochtaí tuilleadh acmhainní a dhíriú ar thionscnaimh lena bhforbraítear gnéithe seachas Cumas Fhisiciúil i measc rannpháirtithe.

Fíor N - Teoiric an Athraithe Iompraíochta agus an Líon Rannpháirtithe



2.6 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú

Soláthar Faisnéise

Gníomhaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt mar mhol faisnéise agus mar phointe teagmhála laistigh dá bpobal. Oibríonn siad chun faisnéis a chomhroinnt agus chun a gcuid spriocghrúpaí a threorú agus a tharchur chuig an gcéad chéim eile is cuí, bíodh sé sin ina nasc chuig club spóirt, chuig eagraíocht phobalbhunaithe nó chuig deis oibre deonaf.

Bailíonn na Comhpháirtíochtaí faisnéis leanúnach faoi chineál agus méid na hoibre a dhéanann siad chun faisnéis a thabhairt dá bpobal agus chun a gcuid gníomhaíochtaí agus clár a phróifiliú. Tugtar sa tábla seo a leanas forbheathnú ar an raon ardán cumarsáide a mbaineann na Comhpháirtíochtaí leas astu, idir mhodhanna meán traidisiúnta agus mhodhanna meán sóisialta.

Tábla 6 – Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Cur Chun Cinn na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019

Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí na Meáin Thraidisiúnta	2018	2019	-/+%
An líon agallamh ar an raidió	156	173	11%
An líon alt sa phreas áitiúil	696	769	10%
An líon alt sa phreas náisiúnta	42	62	48%
An líon preaseisiúintí a eisíodh	613	610	0%
An líon nuachtlitreacha a priontáladh	56,370	17,220	-69%
An líon láithreas ar an teilifís	15	13	-13%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí Chur Chun Cinn ar Líne	2018	2019	-/+%
Suíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt: an líon alt nua	1,120	1,158	3%
Suíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt: an líon amas	1,587,834	1,214,746	-23%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí na Meáin Shóisialta	2018	2019	-/+%
Facebook: an líon postálacha/nuashonruithe	14,754	15,795	7%
Facebook: an líon leantóirí	83,738	99,383	19%
Twitter: an líon tvúiteanna	20,474	11,243	-45%
Twitter: an líon leantóirí	37,113	40,659	10%
Instagram: an líon postálacha	2,501	1,368	-45%
Instagram: an líon leantóirí	5,744	12,620	120%
LinkedIn: an líon leantóirí	1,112	781	-30%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí Sheirbhísí Téacsbhunaithe	2018	2019	-/+%
An líon teachtaireachtaí téacs a seoladh trí sheirbhís teachtaireachtaí téacs	55,317	50,718	-8%
An líon ceann de ghrúpaí WhatsApp	74	85	15%
An líon daoine i ngrúpaí WhatsApp	2,129	1,560	-27%

Tá na Comhpháirtíochtaí gníomhach freisin in acmhainní sonracha a fhorbairt chun aird a tharraingt ar an raon gníomhaíochtaí agus deiseanna atá ar fáil ar bhonn áitiúil agus chun na gníomhaíochtaí agus na deiseanna sin a chur chun cinn. Déantar amhlaidh i bhfoirm nuachtlitreacha, preaseisiúintí, leabhrán, eolairí agus doiciméad aistrithe. Coimeádann na Comhpháirtíochtaí bunachair shonraí eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla ar bun, mar aon le liostaí teagmhálaithe ríomhphoist.

Is féidir leis na Comhpháirtíochtaí a gcuid oibre a chur chun cinn trí na tuarascálacha bliantúla uathu freisin. Chomh maith leis sin, úsáideann siad foilseacháin agus láithreoireachtaí taighde go minic chun teachtaireachtaí tábhachtacha a scaipeadh maidir le rannpháirtíocht. Soláthraíodh 556 láithreoireacht do Chomhairleoirí, do bhaill foirne Údarás Áitiúil, do ghrúpaí pobail agus do chomhpháirtithe/geallsealbhóirí eile sa bhliain 2019.

Tábla 7 – Achoimre ar Fhaisnéis Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a Tháirgeadh agus a Scaipeadh sa bhliain 2019

Acmhainní Faisnéise a Tháirgeadh	2018	2019	-/+%
An líon nuachtlitreacha a foilsíodh	73	92	26%
An líon bileog/leabhrán faisnéise a dáileadh	78,690	58,715	-25%
An líon preaseisiúintí a eisíodh	613	610	0%
Spéis an Phobail Áitiúil	2018	2019	-/+%
An líon daoine/clubanna/grúpaí ar an liosta ríomhphoist	72,604	80,606	11%
Taighde agus Tuarascálacha a Scaipeadh	2018	2019	-/+%
An líon tuarascálacha bliantúla a dáileadh	2,857	1,477	-48%
An líon tuarascálacha meastóireachta a priontáladh	318	118	-63%
An líon tuarascálacha taighde a priontáladh	206	25	-88%
An líon láithreoireachtaí a tugadh	562	556	-1%

2.7 Líonrú, Tathant agus Múscailt Feasachta

Gné thábhachtach d’obair na gComhpháirtíochtaí is ea comhghuaillíochtaí agus caidreamh a fhorbairt le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta agus mórábhair imní a chur in iúl i réimse an bheartais. Chun an ghné sin dá gcuid oibre a chur i gcrích, téann na Comhpháirtíochtaí go gníomhach i mbun obair coiste agus gníomhaíochtaí líonraithe ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Ghlac na Comhpháirtíochtaí páirt i 629 ngníomh a bhain le líonraí a fhorbairt agus le tathant a dhéanamh ar son a gcuid spriocgrúpaí sa bhliain 2019.

Tugann na líonraí áitiúla agus náisiúnta clubanna spóirt, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, oibrithe deonacha agus comhpháirtithe oibre eile le chéile agus cruthaíonn siad deiseanna le haghaidh fiontair chomhpháirtíochta a imríonn tionchar ar an spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal contae agus náisiúnta agus a chuireann acmhainní ar fáil don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal contae agus náisiúnta.

Trí na gníomhartha líonraithe agus múscailte feasachta sin, méadaítear a mhéid a théann na Comhpháirtíochtaí i bhfeidhm ar dhaoine agus próifíltear an obair leanúnach a dhéanann siad. Is bonn braite iad freisin le haghaidh comhairle agus moltaí maidir leis na nithe is féidir leis an gComhpháirtíocht a dhéanamh chun cabhrú le clubanna agus comhpháirtithe spóirt.

Tábla 8 – Forbhreathnú ar an gcineál gníomhartha a raibh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt páirteach iontu sa bhliain 2019


CINEÁLACHA GNÍOMHARTHA	AN LÍON GNÍOMHARTHA
Feachtais agus Iarrachtaí Brústocaireachta	55
Líonraí nó Coistí Áitiúla ar glacadh páirt iontu	236
Líonraí Réigiúnacha agus Náisiúnta ar glacadh páirt iontu	73
Tionscadail taighde ar glacadh páirt iontu	39
Comhdhálacha ar freastalaíodh orthu	160
Aighneachtaí Beartais/Straitéise a rinneadh	66
Iomlán	629

Trí ghníomhartha a dhéanamh i réimse an tathanta agus an bheartais, cumasaítear do na Comhpháirtíochtaí cur chun cinn a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an spórt i saol an phobail.

2.8 Teagmháil Comhpháirtíochta

Féachann na Comhpháirtíochtaí le deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a stiúradh agus a chomhordú ar bhonn áitiúil. Sholáthair croibhaill foirne Comhpháirtíochta 232 thionscnamh sa bhliain 2019. I gcomparáid leis sin, rinne teagascóirí, grúpaí pobail, clubanna, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, oibríthe deonacha agus comhpháirtithe eile 1,195 thionscnamh a sholáthar. Léirítear san fhíor thíos an raon soláthraithe tionscnamh sa bhliain 2019.

Fíor O - An Príomhshásra Soláthair do Thionscnaimh Rannpháirtíochta



Gné thábhachtach eile d'obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt is ea comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí eile ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a chur chun cinn. Chuige sin, chuaigh na Comhpháirtíochtaí i dteagmháil le 163 eagraíocht sa bhliain 2019.

Chuaigh na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt i mbun na nithe seo a leanas sa bhliain 2019;


- 579 gcomhpháirtíocht le 58 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
- 85 chomhpháirtíocht le cúig Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas
- 55 chomhpháirtíocht le dhá chomhpháirtí eile a gcistíonn Spórt Éireann iad
- 659 gcomhpháirtíocht le 98 gcomhpháirtí sheachtracha eile

Bhí Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, grúpaí pobail agus clubanna spóirt ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair do na Comhpháirtíochtaí le linn dóibh tionscnaimh a reáchtáil sa bhliain 2019.

- Chuathas i bhfeidhm ar 129,732 dhuine trí thionscnaimh ina raibh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.
- Chuathas i bhfeidhm ar 79,456 dhuine trí thionscnaimh ina raibh scoileanna ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.
- Chuathas i bhfeidhm ar 79,486 dhuine trí thionscnaimh ina raibh Grúpaí pobail/Clubanna spóirt ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.

Le linn na bliana 2019, chuaigh na Comhpháirtíochtaí i dteagmháil le spóirt dhifriúla ar mhaithe le deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt dá spriocphobal. Léirítear san íomhá seo a leanas an raon spóirt ar ghabh daoine dóibh agus páirt á nglacadh acu i dtionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2019. Glacadh páirt i mbreis agus 49 spórt le linn na tréimhse sin. Seachas tionscnaimh ilspóirt, bhí rugbaí, sacar agus rothaíocht ar na trí spórt is mó rannpháirtíocht sa bhliain 2019. Chuathas i bhfeidhm ar 105,539 nduine trí thionscnaimh ilspóirt, ar 53,849 nduine trí thionscnaimh rugbaí, ar 46,862 dhuine trí thionscnaimh shacair agus ar 41,351 dhuine trí thionscnaimh rothaíochta.

Fíor P - Cineál Spóirt agus an Líon Rannpháirtithe



Cuid 3

Cás-Staidéir ar Thionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt

Seachtain Eorpach an Spóirt 2019

Is é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin Náisiúnta ar ainmigh an Coimisiún Eorpach é le haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn. Cuireadh Seachtain Eorpach an Spóirt ar siúl idir an 23 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2019.

Thacaigh Spóirt Éireann le naoi n-imeacht shuaitheanta agus d'éagraigh cúig Chomhpháirtíocht Oícheanta #BíGníomhach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Laois, i Liatroim agus i gCill Mhantáin. Ghlac níos mó ná 46,000 duine páirt sna himeachtaí suaitheanta sin le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. De bhreis air sin, bhí rannpháirtíocht iontach ann ar leibhéal náisiúnta. Cláraíodh 808 n-imeacht áitiúla san iomlán ar fud na tíre trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann. Meastar gur ghlac 110,196 dhuine san iomlán páirt sna himeachtaí sin mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Bhí imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt ag teacht le straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann ach tacú le himeachtaí suaitheanta ina spriocdhírtear ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal, lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine scothaosta agus teaghlaigh, agus le himeachtaí ina dtacaítear leis na téamaí 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' agus na himeachtaí sin a chur chun cinn. Tá achoimre ar imeachtaí suaitheanta na Seachtaine Eorpaí ar fáil thíos.

Le linn na bliana 2019, chuaigh na Comhpháirtíochtaí i dteagmháil le spóirt dhifriúla ar mhaithe le deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt dá spriocphobal. Léirítear san íomhá seo a leanas an raon spóirt ar ghabh daoine dóibh agus páirt á nglacadh acu i dtionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2019. Glacadh páirt i mbreis agus 49 spóirt le linn na tréimhse sin. Seachas tionscnaimh ilspóirt, bhí rugbaí, sacar agus rothaíocht ar na trí spóirt is mó rannpháirtíocht sa bhliain 2019. Chuathas i bhfeidhm ar 105,539 nduine trí thionscnaimh ilspóirt, ar 53,849 nduine trí thionscnaimh rugbaí, ar 46,862 dhuine trí thionscnaimh shacair agus ar 41,351 dhuine trí thionscnaimh rothaíochta.

Imeachtaí Suaitheanta

An Satharn an 14 Meán Fómhair, Páirc an Fhionnuisce. An Fhéile Sacair agus an Fhéile Spóirt arna réachtáil ag An Spóirt in aghaidh an Chiníochais in Éirinn (SARI).

Sheol SARI Seachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn leis an bhFéile Sacair agus leis an bhFéile Spóirt dá chuid, ar imeachtaí bliantúla iad, Dé Sathairn an 14 Meán Fómhair i bPáirc an Fhionnuisce. I mbliana, ghlac 36 fhoireann ag a raibh imreoirí ó níos mó ná 60 tír páirt sa chomórtas. Áiríodh leo foireann ón bpobal Rohingya in Éirinn atá lonnaithe i gCeatharlach, foireann dídeanaíthe Siriacha atá lonnaithe anois i mBealach an Doirín, foirne ó lonaid Soláthair Dhíriugh, Belfast United Together – ar foireann í atá comhdhéanta d'imreoirí ón dá thaobh den scoilt sheicteach agus ó chúlraí eitneacha ilchineálacha – agus na Mochre Lionesses, a thaistil ón mBreatain Bheag chun imirt i gcomórtas na mban. Bhí clubanna spóirt ó áiteanna ar fud na tíre i láthair ag an imeacht freisin chun a spóirt a shárthaispeáint. Áiríodh leis na spóirt sin lomaíocht CLG, Leadóg Thábla, Cruicéad, Eitpheil, Taidhtí, Tarraingt na Téide agus Balla Dreapadóireachta. Taispeánadh gach spóirt ar fud an lae agus tugadh spreagadh do chuairoteoirí triail a bhaint as spóirt nua nó gníomhaíocht nua.

An Domhnach an 22 Meán Fómhair, Campas Spóirt Éireann. An Fhéile Spóirt do Theaghlaigh

Le linn na Féile Spóirt do Theaghlaigh, shárthaispeáin 20 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta cineálacha éagsúla spóirt agus gníomhaíochta sa Láthair Náisiúnta faoi Dhíon, rud ar fhreastail níos mó ná 4,000 duine air. Bhí an t-imeacht ina dheis do gach aosach agus gach leanbh, beag beann ar a n-aois agus a gcumas, triail a bhaint as na háiseanna den chéad scoth i gCampas Spóirt Éireann i dteannta pearsana aithnidiúla ó shaol an spóirt in Éirinn. Ina measc sin bhí: Michael Breen, Buaiteoir Chraobh Iománaíochta na hÉireann; Ciara Trant, a bhuaigh Craobh na hÉireann trí huaire; Niamh McCarthy, Ambasadóir Sheachtain Eorpach an Spóirt; agus Alan Brogan, sárimreoir CLG le Baile Átha Cliath.

An Domhnach an 22 Meán Fómhair, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath. Míle Ascaill Uí Ghríofa

Rás bóthair aon mhíle ar Ascaill Uí Ghríofa i Marino is ea Míle Ascaill Uí Ghríofa. Réachtáladh é den chéad uair le 36 bliana anuas. Imeacht pobail neamhbhrabúis a bhí faoi stiúir ag an bpobal ba ea an t-imeacht. Ba é Cumann Cheantar na Naomh Uile agus Club Lúthchleasaíochta Marino a réachtáil é Díoladh na háiteanna uile don imeacht. Ghlac 1,000 duine páirt ann, idir an rás cathaoir rothaí, an t-imeacht uainithe agus an t-imeacht neamhuainithe teaghlaigh. Bhris Shane Healy curiarracht dhomhanda an mhíle is gasta do dhaoine os cionn 50 bliain d'aois.

An Mháirt an 24 Meán Fómhair, Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath. Lá Folláine na mBan

Cuireadh Lá Folláine na mBan ar siúl i Halla na Cathrach mar chuid d'Fhéile Spóirt Bhaile Átha Cliath de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhí ar siúl idir an 23 Meán Fómhair agus an 29 Meán Fómhair. Cuireadh ranganna Taidhtí, lóga agus Pilates ar siúl ar maidin agus ag am lóin. Cuireadh Oíche Folláine Ban ar siúl ar labhraíodh aoichainteoirí lena linn. Ina measc sin bhí: Nicola Connolly-Byrne, Speisialtóir Cumhachtúcháin agus Bunaitheoir ar I AM POSITIVE MINDSET; Moire O'Sullivan, Reathaí Sléibhe, rásaí eachtraíochta, údar agus máthair; agus Eileen Gleeson, Bainisteoir Cúnta fhoireann peile náisiúnta ban Phoblacht na hÉireann. Riaradh bia ar urraigh Camille Thai é agus cuireadh aireachas agus suaimhneas ar siúl ag deireadh na hoíche.

An Déardaoin an 26 Meán Fómhair, Ar fud na Tíre. An Lá Náisiúnta Corpacmhainne

Reáchtáil Cuir Muintir na hÉireann ag Bogadh an ceathrú 'Lá Náisiúnta Corpacmhainne' bliantúil trína líonra áiseanna baill, lena n-áirítear clubanna sláinte, spórtlanna agus ionaid fóillíochta ar fud na tíre. Is é atá i gceist leis go n-óstálann na hionaid rannpháirteacha ceiliúradh don Lá Náisiúnta Corpacmhainne amhail ranganna aclaíochta saor in aisce, ionduchtuithe spórtlainne saor in aisce agus snámh oscailte. Glacann scoileanna páirt ann freisin ach tabhairt faoin dúshlán um 'Dhul i nGleic leis an Múinteoir' ar fud na tíre. Ba é Féile Corpacmhainne an Cheantair Dugaí an t-imeacht suaitheanta, ar lena linn a óstáladh ranganna aclaíochta saor in aisce amhail HIIT (Traenáil Eatramhach Ard-Déine), Boogie Bounce agus BodyPump i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath. Dáileadh duaiseanna amhail gléasanna Fitbit, ballraíocht spórtlainne agus dearbháin trealaimh spóirt ar rannpháirtithe ádhúla ar an lá.

An Aoine an 27 Meán Fómhair, Ar fud na Tíre. Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa

Chomhordaigh Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann (IPPEA) Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa (ESSD), inar iarradh ar scoileanna dhá uair an chloig sa lá a chaitheamh ar ghníomhaíocht fhisiciúil. Ag teacht sna sála ar chur chun feidhme tosaigh Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa in Éirinn le trí bliana anuas, rinneadh an-iarracht an líon scoileanna agus daltaí atá ag glacadh páirt ann a mhéadú. Sa bhliain a chuaigh thart, tháinig méadú ó 51 cheann go 200 ceann ar an líon scoileanna atá ag clárú chun páirt a ghlacadh ann. Reáchtáil an Cumann feachtas láidir meán sóisialta, lena áiríodh 10 gcomórtas chun dul isteach i gcrannchur le haghaidh dearbháin trealaimh corpoideachas a bhuachan dá scoil.

An Satharn an 28 Meán Fómhair, Ollscoil Mhá Nuad. An Lá Cumais Spóirt

Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara an chéad Lá Cumais Spóirt dá cuid riamh, ar lena linn a sárthaispeánadh na cineálacha difriúla spóirt atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i gCill Dara agus sa cheantar máguaird. D'éirigh go geal leis an gcéad imeacht sin. Ghlac níos mó ná 300 duine páirt sa lear gníomhaíochtaí a bhí á soláthar ag an tríocha Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a ndearnadh ionadaíocht dóibh ag an imeacht. Ní hé amháin go raibh na tuismitheoirí, na múinteoirí agus na cúramóirí a d'fhreastail ar na himeachtaí in ann na himeachtaí a thriail, ach cuireadh faisnéis faoi chlubanna agus faoi ghníomhaíochtaí ar fáil dóibh freisin.

An Satharn an 28 Meán Fómhair, Oícheanta #BíGníomhach

Is é atá in oícheanta #BíGníomhach ná imeacht a chuirtear ar siúl ar fud na hEorpa chun Seachtain Eorpach an Spóirt a cheiliúradh. Reáchtáladh imeachtaí oíche go comhuaineach an 28 Meán Fómhair 2019. Is é aidhm na n-imeachtaí sin ná deiseanna a thabhairt don phobal i gcoitinne páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla spóirt agus feasacht a mhéadú ar Sheachtain Eorpach an Spóirt agus ar na deiseanna a chruthaíonn sí chun an mana #BíGníomhach a chomhlíonadh.

An Domhnach an 29 Meán Fómhair, Ar fud na Tíre. An Lá Náisiúnta Siúil

D'óstáil 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' Lá Náisiúnta Siúil Pobail inar tugadh spreagadh do gach duine dul amach agus an saol mór amuigh faoin spéir a thaiscéaladh. Chomh maith leis sin, chuaigh 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' i mbun comhpháirtíochta leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i gCill Dara, i Laois agus i gCeatharlach le haghaidh Dhúshlán Shli na Bearú, ar lena linn a shiúil níos mó ná 350 duine fad 5 km, 10 km nó 20 km feadh chosán tarraingthe na Bearú. Ba í sin an chéad uair riamh a reáchtáladh imeacht den sórt sin feadh na Bearú ach táthar dóchasach go spreagfaidh sé daoine an cosán tarraingthe a úsáid ar bhonn níos minice. Bhí Nationwide i láthair ar an lá chun é a scannánú. Chabhraigh sé sin leis an limistéar, an obair a dhéanann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Seachtain Eorpach an Spóirt a chur chun cinn.



An Domhnach an 29 Meán Fómhair 2019, Baile Átha Cliath. Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath

D'óstáil Rothaíocht Éireann Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, a thosaigh agus a chríochnaigh i bPáirc an Fhionnuisce. Ba é an Mórthuras Rothair an t-imeacht suaitheanta le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn. Ghlac geall le 6,000 duine páirt sa bhealach 60 km nó 100 km trí Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a raibh radharc cósta i gceist le fad 25 km de.

#Dúshlán5Nóiméad

Rinne Spórt Éireann beart de réir a bhriathair ach páirt a ghlacadh sa #Dúshlán5Nóiméad gach lá le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ba é a bhí i gceist leis sin gur ghlac gach duine san fhoirgneamh páirt i ngníomhaíocht cúig nóiméad gach lá ag 3pm. Ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu bhí Tarraingt na Téide, Rásaí Uibhe agus Spúnóige, Rásaí Málaí, Scipeáil agus damhsa Bollywood, a bhí ar an ngníomhaíocht ba mhó éileamh, iontas na n-iontas! Gach lá, thaifeadamar gach a ndearnamar, phostálamar ar na meáin shóisialta é agus chlibeáladamar eagraíocht eile chun dúshlán a chur fúthu páirt a ghlacadh ann. Chruthaigh an rud ar fad an-chuid gníomhaíochta ar fud an Champais de réir mar a thosaigh foireann an Champais, Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann, Cuir Muintir na hÉireann ag Bogadh agus Cumann Peile na hÉireann ag glacadh páirt ann. Chuir siad dúshlán faoi eagraíochtaí eile ina dhiaidh sin tabhairt faoin #Dúshlán5Nóiméad agus, dá bharr sin, bhíomar á gclibeáil ag a lán eagraíochtaí ar fud na tíre ina bhfíseáin #Dúshlán5Nóiméad.

Rannpháirteachas leis na Meáin Shóisialta

Tugadh aitheantas d'Éirinn i gCruinniú Chomhordaitheoirí Náisiúnta agus Chomhpháirtithe na nGradam #BíGníomhach as ár láithreacht láidir ar na meáin shóisialta sa tréimhse roimh Sheachtain Eorpach an Spóirt agus le linn na seachtaine sin. Is mian leis an Eoraip Éire a úsáid mar dhea-chás staidéir i dtaca le hoibriú le lear comhpháirtithe difriúla agus le conas a d'éirigh linn iad a mhealladh chun bheith chomh gníomhach sin ar na meáin shóisialta. Ba í Éire an tríú tír ba ghníomhaí ar na meáin shóisialta. Ba as an tír seo a tháinig 14% de na postálacha uile ar an Oíche #BíGníomhach ar fud na hEorpa.



Thacaigh Spórt Éireann le naoi n-imeacht shuaitheanta agus d'éagraigh cúig Chomhpháirtíocht Oícheanta #BíGníomhach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Laois, i Liatroim agus i gCill Mhantáin. Ghlac níos mó ná 46,000 duine páirt sna himeachtaí suaitheanta sin le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae Cheatharlach Campa Cúl Cuimsitheach, i gcomhar le CLG Cheatharlach

FORBHREATHNÚ



Agus é ina thionscnamh de chuid Kellogg's agus Chumann Lúthchleas Gael (CLG), d'oibrigh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Cheatharlach i gcomhar le CLG Cheatharlach chun ceann amháin de na chéad Champaí Cúl lánchuimsitheacha riamh in Éirinn a thairiscint. Ba é cuspóir an Champa Cúl ná deis a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas foghlama agus fisiciúil araon peil Ghaelach a fhoghlaim agus a imirt i dtimpeallacht chorráiteach, shábháilte agus thaitneamhach, scileanna sóisialta a fhorbairt agus muinín a mhéadú. Bhí an campa ar siúl ag Páirc Uí Chuilinn-Netwatch, áit a n-óstáiltear foirne CLG Cheatharlach agus a bhfuil bealach isteach do chathaoirreacha rothaí.

AIDHMEANNA



- Gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ar bhealach spráil taitneamhach trí ghníomhaíochtaí CLG.
- Spriocdhírú ar leanaí idir 6-13 bliana d'aois nach mbeadh in ann páirt a ghlacadh i gcampa samhraidh Cúl in éineacht lena gcairde ar shlí eile.
- Cur leis an leibhéal feasachta agus eolais atá ag cóitseálaithe agus oibríthe deonacha CLG ar obair a dhéanamh le leanaí faoi mhíchumas trí thraenáil a thógáil ag an gcampa.
- Feasacht a mhéadú ar an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i limistéar Cheatharlach.

CUR CHUN FEIDHME

- Bhuail Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Cheatharlach le CLG Cheatharlach roimh an gcampa chun gach gné den Champa Cúl a phlé.
- Chuir an Chomhpháirtíocht oiliúint Ionad CARA in "Uathachas sa Spórt" ar gach cóitseálaí agus oibrí deonach de chuid CLG chun cur leis an eolas atá acu ar obair a dhéanamh le leanaí faoi mhíchumas.
- Cinneadh leathlá agus lá iomlán araon a thairiscint, toisc go dtuirsíonn roinnt de na leanaí go tapa. Cé gur tairgeadh ar phraghas níos ísle é, tugadh feisteas oifigiúil Champa Cúl do na rannpháirtithe sa leathlá freisin.
- Chomhordaigh an Chomhpháirtíocht an campa in éineacht le CLG Cheatharlach thar na cúig lá, idir shroicheadh, shíniú isteach, ghníomhaíochtaí, lón agus bhailiú ag deireadh an lae.

"Tá an t-ádh orm go raibh mo mhac in ann páirt a ghlacadh sa champa uathúil seo le linn na saoire samhraidh. Eispéireas iontach a bhí ann ó thús go deireadh, agus thaitin gach soicind leis. Mar thuismitheoir le leanbh a bhfuil riachtanais bhreise aige de bharr uathachais agus neamhord próiseála céadfaí, is mór agam go dtroideann Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach agus a daoine breátha go crua ar mhaithe le gnáthshaol a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas. Is aingil Chuimsithe Cheatharlach iad."

TORTHAÍ

Chláirigh 40 leanbh faoi mhíchumas ó Cheatharlach, ó Chill Dara, ó Laois, ó Chill Mhantáin agus ó Loch Garman don champa. Bhí cineálacha éagsúla míchumais i láthair, lena n-áiríodh míchumas Intleachtúil, Amhairc agus Fisiciúil. Fuair na rannpháirtithe uile sa lá iomlán agus sa leathlá araon lánfheisteas Champa Cúl Kellogg's. Dúirt thuismitheoirí nach féidir lena leanaí rochtain a fháil ar na limistéir ina réachtáiltear na campaí de ghnáth. Trí pháirt a ghlacadh i gcampa cuimsitheach agus tríd an bhfeisteas oifigiúil céanna a fháil, áfach, mhothaigh siad, ar fhilleadh ar ais ar an scoil dóibh, go bhfuair siad an t-eispéireas céanna lena bpiaráí.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tar éis an champa, sheol an Chomhpháirtíocht agus CLG Cheatharlach litreacha léiriú spéise amach chuig clubanna áitiúla CLG, agus club á lorg acu chun an clár 'CLG do Chách' a riar. Oibreoidh an Chomhpháirtíocht le CLG Cheatharlach chun campa Cuimsithe a réachtáil arís sa bhliain 2020.

Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin

Ón Tolg go Saol Sláintiúil – Rith 5 km an Chabháin



FORBHREATHNÚ

Ba é cuspóir an chláir tacaíocht a thabhairt d'fhíorthosaitheoirí feabhas a chur ar a leibhéal chorpacmhainne agus siúlóid, bogshodar nó rith 5 km a chríochnú ag deireadh an chláir 6 seachtaine.



AIDHMEANNA

- Leibhéal ghníomhaíochta físiúla a mhéadú
- Cóitseálaithe agus saoráidí áitiúla a úsáid ar mhaithe le hinbhuanaitheacht an chláir
- An oiread rannpháirtithe agus is féidir a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa chéad imeacht mór-rannpháirtíochta 5 km riamh.

CUR CHUN FEIDHME

Chomhordaigh Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin sraith seisíun 'Ón Tolg go 5 km' a bhí spriocdhírthe ar shé limistéar den chontae, agus cóitseálaithe agus saoráidí áitiúla a n-úsáid. D'fhéach sí freisin leis an gclár a dhéanamh inrochtana ar bhonn áitiúil agus le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an chláir a chothú. Ghlac breis agus 150 duine páirt sa chlár. Bhí na grúpaí faoi stiúir ag cóitseálaithe cáilithe agus tháinig siad le chéile dhá uair in aghaidh na seachtaine chun a bhfad a mhéadú de réir a chéile go 5 km. D'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin, i gcomhar leis an gCabhán Sláintiúil, imeacht mór-rannpháirtíochta ag deireadh an chláir 6 seachtaine i bPáirc Faraoise Choillidh Chaoim. Ar mhaithe le heispéireas taitneamhach a chinntiú do gach rannpháirtí céaduaire 5 km, ní raibh an t-imeacht 5 km sin ar oscailt ach do dhaoine a ghlac páirt sa tsraith 'Ón Tolg go 5 km'. D'éirigh go geal leis an imeacht agus chríochnaigh breis agus 120 duine an rith 5 km in éineacht lena gcóitseálaithe.

"Maidin bhreá a bhí ann, comhghairdeas leis na heagraithe, na cóitseálaithe agus na rannpháirtithe uile."

"Lá iontach a bhí ann. Comhghairdeas le gach duine a raibh ról acu ann. Ba mhaith an rud é an oiread sin aghaidheanna sásta a fheiceáil ag an líne chríche. Thaitin an t-anraith go mór liom freisin. Tá súil agam go réachtálfar an t-imeacht gach bliain."

"Bhí taom croí agam cúpla bliain ó shin agus níor shíl mé riamh go gcríochnóinn rith 5 km. Níl aon fhocail agam. Go raibh míle maith agaibh."

TORTHAÍ

LEIBHÉIL
MHÉADAITHE
GHNÍOMH-
AÍOCHTA
FÍSIÚLA

120
AN LÍON
TOSAITHEOIRÍ A
CHRÍOCHNAIG
H AN RITH 5 KM

COTHAÍODH
CUMANN REATHA
RAOIN IN DHÁ
PHOBAL ÁITIÚLA



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- An t-imeacht dúnta 5 km a óstáil ar bhonn bliantúil do rannpháirtithe sa tsraith 'Ón Tolg go 5 km'
- An tsraith 'Ón Tolg go 5 km' a leathnú chuig daltaí meánscoile.

Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir Lúthchleasaíocht Chuimsitheach Chumann Lúthchleasaíochta Loch Deirgeirt



FORBHREATHNÚ

Deis a thabhairt do leanaí ar speictream an Uathachais agus do leanaí faoi mhíchumas fisiciúil taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí lúthchleasaíochta i limistéar Chill Dalua.



AIDHMEANNA

- Deiseanna gníomhaíochta fisiciúla a mhéadú do leanaí faoi mhíchumas
- Cur leis an bhfeasacht agus leis an eolas atá ag cóitseálaithe príomhshrutha agus ag oibrítithe deonacha laistigh de Chumann Lúthchleasaíochta Loch Deirgeirt ar obair a dhéanamh le leanaí faoi mhíchumas
- Deis a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas dul ar aghaidh chuig traenáil príomhshrutha lúthchleasaíochta laistigh den Chumann

CUR CHUN FEIDHME

Bhí ról ag trí eagraíocht sa chlár a bhunú – Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Chláir, Cumann Lúthchleasaíochta Loch Deirgeirt agus Mol Spóirt Pháirc Clarisford

- Thug an Chomhpháirtíocht tacaíocht don Chumann fochoiste a bhunú laistigh den chlúb chun plé leis an Lúthchleasaíocht Chuimsitheach
- Thacaigh an Chomhpháirtíocht le hoiliúint i bhFeasacht ar Mhíchumas, i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus in Uathachas sa Spórt a chur ar oibrítithe deonacha féideartha agus ar chóitseálaithe laistigh den Chumann
- Baineadh leas as Mol Spóirt Pháirc Clarisford toisc gur láthair chuí é agus go bhfuil saoráidí inrochtana laistigh agus amuigh faoin spéir aige
- Ar mhaithe leis an dea-chleachtas a bhunú, cruthaíodh naisc leis an gclár i-PLAY in Ollscoil Luimnigh agus leis an Ollamh Daniel Tindall chun cabhrú le hinneachar an chláir a dhearadh
- Comhaontaíodh amlíne agus dáta tosaithe don chlár agus fógraíodh an clár ina dhiaidh sin.

TORTHAÍ

- Reáchtáladh seisiúin sheachtainiúla Lúthchleasaíochta, bunaithe ar an téarma scoile do leanaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu agus d'úsáideoirí cathaoir rothaí
- Ghlac 28 leonbh páirt sa chlár agus soláthraíodh i gceithre cinn de thimthrialta sé seachtaine é.

“Is údar misnigh é a fheiceáil go bhfuil deis ag úsáideoirí cathaoir rothaí agus ag leanaí faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i gclár spóirt chuimsithigh ar leibhéal áitiúil agus go mbaineann siad taitneamh as. Mar chóitseálaí, is eispéireas dochreidte spreagúil é comhtháthú leis an bpobal áitiúil tríd an spórt agus an feabhas ar a scileanna fisiciúla agus sóisialta a fheiceáil.”

Nicola Welford - Inclusive Athletics Coach & Inclusion Officer, Derg AC

“Baineann mo bheirt mhac a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais orthu an-tairbhe as an gclár. Is breá leo an clár agus leagan amach agus gnáthamh na seisiún.”

Alison Smith - Tuismitheoir



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Ar mhaithe leis an gclár a leathnú, tá sé beartaithe Campa Samhraidh trí lá a reáchtáil sa bhliain 2020
- Iarracht a dhéanamh roinnt leanaí a chomhtháthú isteach i seisiúin príomhshrutha an Chumainn.

Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí Seachtain Rothar Chorcaí 2019



FORBHREATHNÚ

Deis a thabhairt do dhaoine de gach aois agus cumas páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla rothaíochta agus feasacht a chruthú ar an rothaíocht mar chineál taitneamhach iompair agus gníomhaíochta fisiciúla i gCathair Chorcaí agus i gContae Chorcaí araon.



AIDHMEANNA

- 126 cinn d'imeachtaí rothaíochta poiblí, club, pobail, áit oibre agus scoile a chomhordú
- Cur leis an bhfeasacht ar áiseanna, clubanna agus saoráidí áitiúla agus leis an úsáid a bhaintear astu
- Rothaíocht chun na hoibre nó chun na scoile a chur chun cinn mar shár-bhealach inar féidir gníomhaíocht fhísiciúil a dhéanamh i do shaol laethúil.

CUR CHUN FEIDHME

Trí shamhlacha na bPobal Gníomhach agus na Scoileanna Gníomhacha atá ar bun ag Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí, glacadh le hiarratais ó chlubanna, grúpaí pobail, scoileanna, seirbhísí agus áiteanna oibre chun imeachtaí Sheachtain Rothar Chorcaí a óstáil ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí araon. Ba é grúpa stiúrtha Sheachtain Rothar Chorcaí a d'eagraigh na himeachtaí poiblí. Fógraíodh na himeachtaí trí ardáin mheán sóisialta Sheachtain Rothar Chorcaí agus Chomhpháirtíocht Spóirt Chorcaí, trí chur chun cinn áitiúil, trí bhróisiúir agus nuachtáin agus thar an raidió.

"Baineadh an-taitneamh as ár mórimeacht rothaíochta le linn Sheachtain na Rothar. Glacadh go maith leis an gceardlann chothabhála agus deisiúcháin agus tá clár cothabhála rothar sé seachtaine á phleanáil againn anois."

Foroige

"Thuairiscigh na rannpháirtithe uile nach ndearna siad aon rothaíocht le níos mó ná deich mbliana anuas agus nach ndéanann siad aon aclaíocht rialta ach oiread. Mar sin, thug ár n-imeacht rothaíochta le linn Sheachtain na Rothar sárdeis do rannpháirtithe filleadh ar an rothaíocht i dtimpeallacht shábháilte. Thug na rannpháirtithe spreagadh dá chéile agus chríochnaigh siad go léir an fad iomlán 10 km."

Rannóg Sláinte Chorcaí Thuaidh

OUTCOMES

- Thapaigh 7,841 dhuine an deis chun páirt a ghlacadh in imeachtaí rothaíochta i dtimpeallacht shábháilte thacúil ar fud 126 imeacht le linn Sheachtain Rothar Chorcaí 2019
- Reáchtáladh 86 cinn d'Imeachtaí Poiblí, Club, Pobail agus Áit Oibre. Reáchtáladh 40 Imeacht Scoile freisin, agus 4,771 dhuine páirteach iontu
- Den chéad uair riamh, cruthaíodh léarscáil de na bealaí rothaíochta is fearr i gCorcaigh. Tá codanna de lár na cathrach agus de na bruachbhailte máguaird ar áireamh i Léarscáil Rothaíochta Chorcaí. Taispeántar an léarscáil na bealaí is fearr chuig cinn scríbe mhóréilimh ar fud na cathrach
- Le linn Sheachtain Rothar Chorcaí, bhí deis ag gach comhpháirtí dul i dteagmháil le clubanna, eagraíochtaí agus scoileanna áitiúla chun obair le chéile ar mhaithe leis an rothaíocht a chur chun cinn mar chineál iompair agus gníomhaíochta fisiciúla.
- Tugann Seachtain Rothar Chorcaí deis chun feasacht a mhéadú ar an líon mór gníomhaíochtaí agus áiseanna rothaíochta a bhíonn á bhforbairt ar bhonn áitiúil. Tugann sí deis freisin chun feasacht a mhéadú ar Shábháilteacht Rothaíochta agus ar an bhfreagracht atá ar gach duine aonair ar na bóithre.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Tugann Seachtain Rothar Chorcaí deis do na heagraíochtaí ar an gcoiste stiúrtha spriocdhírú ar rannpháirtíocht sa rothaíocht a mhéadú ar fud clubanna, scoileanna agus gníomhaíochtaí eile rothaíochta a eagraítear i gCorcaigh.
- Trí Sheachtain Rothar Chorcaí, féachann Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí le tacaíocht a thabhairt do na clubanna, na pobail, na heagraíochtaí agus na háiteanna oibre rannpháirteacha leibhéal gníomhaíochta fisiciúla a mhéadú trí shraith clár agus imeachtaí de chuid na Comhpháirtíochta a thairiscint le linn na bliana.
- Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht an líon imeachtaí agus rannpháirtithe a mhéadú do Sheachtain Rothar Chorcaí 2020 agus treisiú leis an gcaidreamh atá ar bun le Pobail, Clubanna, Scoileanna, Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, Ionaid Soláthair, Áiteanna Oibre agus comhpháirtithe i gCorcaigh.



FORBHREATHNÚ

Tá lámhrothaíocht ar cheann amháin de na príomhghníomhaíochtaí atá ar bun ag tionscadal Mhol Spóirt Chuimsitheach Bhá Dhún na nGall. Is spórt cuimsitheach í atá ar oscailt do leanaí agus d'aoisigh araon.



AIDHMEANNA

Gníomhaíocht shláintiúil amuigh faoin spéir a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, agus deis á tabhairt dóibh aclaíocht a dhéanamh agus bheith gníomhach.

CUR CHUN FEIDHME

- I mí Eanáir, eagraíodh blas-seisiún le tacaíocht ó Pharachóitseálaí ó Thrí-atlan Éireann agus le rothaí/cóitseálaí ó Chlub Rothaíochta Thír Chonaill GAP.
- Reáchtáiltear seisiúin lámhrothaíochta in Ionad Ghleann Fhinne i Srath an Urláir.
- Chuimsigh an chéad seisiún cúigeir rannpháirtithe ó limistéir dhífriúla de Dhún na nGall agus bhain gach duine triail as na lámhrothair luite lena linn. Tar éis roinnt coigeartuithe a dhéanamh chun gach lámhrothar a chur in oiriúint do gach rannpháirtí, chuaigh siad amach ag rothaíocht timpeall raon Tartan 400 méadar faoi ghrian úr an gheimhridh. Bhí lámhrothar ceartingearach sóisearach amháin ann, a bhí oiriúnach dár lámhrothaí is óige.
- Gineadh spéis i seisiúin rialta a eagrú mar gheall ar an mbblas-seisiún saor in aisce. Reáchtálfar seisiúin 90 nóiméad ar bhonn míosúil as seo amach. Ghlac 17 rannpháirtí san iomlán, idir leanbh a bhí sé bliana d'aois agus aoisigh a bhí sna daichidí, páirt sna Tionscnaimh Lámhrothaíochta le linn na bliana 2019.
- Thaisitil na rannpháirtithe ó gach cuid de Dhún na nGall chun freastal ar na seisiúin. Bhí turas fillte dhá uair an chloig ar a laghad ag roinnt teaghlach chun freastal ar an gClár, agus é ar an aon cheann dá chineál sa Chontae.
- Áiríodh iad seo a leanas leis an raon cineálacha míchumais a bhí i gceist:
 - Uathachas
 - Cineálacha Míchumais Foghlama
 - Cam Reilige
 - Pairillis Cheirbreach
 - Spina Bifida
 - Diospraicse
 - Galar Neuro-Behçet



TORTHAÍ

- Mar thoradh ar an méadú ar líon agus éagsúlacht na rannpháirtithe, ba ghá an raon trealaimh a leathnú chun go mbeadh lámhrothair luite agus cheartingearacha aron ar fáil do dhaoine a bhfuil gluaiseacht agus soghluaisteacht theoranta acu. D'fhág sé sin go raibh rogha ag na rannpháirtithe triail agus úsáid a bhaint as an dá chineál lámhrothar.
- D'fhreastalaíodh roinnt rannpháirtithe go rialta ar na seisiúin agus b'iontach an rud é amharc ar a ndul chun cinn i lámhrothaíocht.
- Má tá a ngnáthrothar acu, is féidir le tuismitheoirí agus le siblí rothaíocht a dhéanamh timpeall an raoin in éineacht leis an lámhrothaí.
- Bhí deis ann freisin conair a chruthú do dhaoine a bhfuil spéis acu i bpáirt a ghlacadh i bparaspórt. Chuaigh duine amháin de na rannpháirtithe ar aghaidh chun páirt a ghlacadh sa pharathrí-atlan ar éascaigh Mol Spóirt Chuimsitheach Bhá Dhún na nGall é.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Cistiú méadaithe don spórt cuimsitheach a lorg ar mhaithe le tuilleadh deiseanna a thabhairt dúinn cláir a fhorbairt. Tá lámhrothaíocht ina forbairt an-dearfach do dhaoine faoi mhíchumas.
- Tá rannpháirtíocht ag méadú agus tá roghanna á bhforbairt againn chun inbhuanaitheacht a chothú sa phobal

Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath

An Clár Cruicéid Tábla

FORBHREATHNÚ



Deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas meánach agus daoine faoi mhíchumas dian nó trom páirt a ghlacadh i spórt, agus taitneamh a bhaint as, lasmuigh dá ngnáth-thimpeallacht agus i gcomhar le daoine lasmuigh dá ngnáth-phiarghrúpa.

AIDHMEANNA



D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath go dlúth le Cruicéad Laighean chun blitzchomórtais chruicéid tábla a sholáthar saor in aisce gach mí in dhá shaoráid spóirt de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Ionad Spóirt agus Aclaíochta Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10, agus Ionad Pobail agus Spóirt Thaobh na Páirce, an Chabhrach, Baile Átha Cliath 7).

CUR CHUN FEIDHME

- Tugadh cuireadh do sheirbhísí lae agus cónaithe d'aoisigh ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh sa chlár.
- Ba iad Fintan McAllister, Oifigeach Forbartha Chruicéad Laighean, agus Lisa Kelly agus Nuala O'Donovan, Oifigigh Chuimsithe agus Chomhtháthaithe Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, a d'eagraigh agus a sholáthair na blitzchomórtais.

"Ba é an príomhrud a thug mé faoi deara ná go raibh deacracht ag na rannpháirtithe leis an ngné ceaptha den chluiche ar dtús. Níor thuig siad go hiomlán gur ghá dóibh a chinntiú nach mbuailfeadh an liathróid an t-imeall. Rinne siad dul chun cinn suntasach le linn an chláir, áfach, agus tá fíorthuisicint acu ar an gcluiche anois."

Dyfed Davies, Múinteoir Corpoideachais, Teach Naomh Mícheál

"Chuir na baill den ghrúpa in iúl gur bhain siad taitneamh as bualadh le grúpaí eile agus as a bheith ina gcuideachta. Is breá leo cé chomh huathúil agus atá cruicéad tábla. Mar dhaoine atá tugtha don spórt, ba bhreá leo a bheith ag amharc ar chruicéad ach ní raibh a fhios acu go raibh spórt den chineál seo ar fáil dóibh. Is breá leo cé chomh hinrochtana agus atá sé dóibh mar dhaoine aonair a úsáideann cathaoir rothaí. Baineann siad taitneamh as an iomaíocht chairdiúil shláintiúil eatarthu freisin!"

Aishling, Cumann na hÉireann um Spina Bifida agus Hidriceifileas

"Tá Cruicéad Tábla ag dul ó neart go neart i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anois mar gheall ar a chuimsithe atá sé. Tá sé oiriúnach do dhaoine de gach aois agus cumas. Is clár den scoth é a reáchtáiltear i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gComhpháirtíocht as a tacaíocht leanúnach."

Fintan McAllister, Oifigeach Forbartha Chruicéad Laighean

TORTHAÍ

- Bhí an clár ar siúl ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2019
- Agus ocht seirbhís i gceist leis, ghlac 48 rannpháirtí (seisear ball in aghaidh na foirne) páirt sa chlár in éineacht le 40 ball foirne



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Tá sé beartaithe leanúint leis na blitzchomórtais mhíosúla sa bhliain 2020.
- Ar mhaithe le cluichí a éascú idir na blitzchomórtais, réachtálfaidh Cruicéad Laighean ceardlanna chun a mhúineadh do bhaill foirne conas is féidir leo réiteoireacht a dhéanamh ar chruicéad tábla agus chun iad a chur ar an eolas faoi na gnéithe teicniúla den chluiche.
- Beidh trealamh ar fáil trí Chruicéad Laighean agus trí Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Is é an sprioc fhadtéarmach don chlár ná go mbeidh sé lánchuimsitheach agus lán-inbhuanaithe.
- Nuair a bheidh na ceardlanna le cúramóirí críochnaithe, tabharfar cuireadh do ghrúpaí eile páirt a ghlacadh sa chlár. Direofar ar dhaoine scothaosta ar dtús.
- Is é an sprioc dheiridh ná go mbeidh na seirbhísí éagsúla in ann, agus muiníneach go leor, an tionscnamh a eagrú leo féin ionas gur féidir é a sholáthar ar bhonn leanúnach.

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin An Míle Laethúil



FORBHREATHNÚ

Tá an Míle Laethúil ina thionscnamh rannpháirtíochta náisiúnta (a tosaíodh in Albain), lena gcuirtear feabhas ar shláinte agus folláine fhisiciúil, mhothúchánach agus shóisialta leanaí bunscóile. Is gníomhaíocht rialta é ina ritheann leanaí, nó ina ndéanann siad bogshodar, ar a luas féin in éineacht lena gcairde ranga ar feadh 15 nóiméad gach lá le linn uaireanta scoile. Ní gníomhaíocht corpoideachais ná iomaíoch é an tionscnamh simplí saor in aisce seo. Baineann gach duine taitneamh as páirt a ghlacadh ann, agus caidreamh, muinín agus athléimneacht á bhforbairt acu ag an am céanna.



AIDHMEANNA

- Gníomhaíocht rialta a spreagadh gan aon bhacainní ar rannpháirtíocht – costas, trealamh, aimsir, etc.
- Gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh ina gnáthchuid den lá scoile
- A bheith sultmhar, neamhiomaíoch agus inbhuanaithe
- A bheith lánchuimsitheach ó thaobh cumais agus leibhéal corpacmhainne de
- Gníomhaíocht is féidir a chur in oiriúint do láthair na scoile a réachtáil ar an láithreán.

CUR CHUN FEIDHME

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin ag tacú le soláthar an chláir chruthaithe rathúil seo ón mbliain 2016 amach. Áiríodh leis sin an tionscnamh a chur chun cinn i measc bunscóileanna áitiúla, bualadh le múinteoirí chun teacht ar an mbealach is fearr inar féidir an tionscnamh a chur chun feidhme ina scoil, rannpháirtíocht/clocha míle a cheiliúradh trí theastais a thabhairt do na daltaí, agus imeachtaí sultmhara idir scoile a eagrú do na scoileanna atá páirteach. Téimid i dteagmháil le Lúthchleasaíocht Éireann, ar comhpháirtí náisiúnta an tionscnaimh é, agus óstálaimid seisiúin faisnéise do scoileanna (scoileanna atá ag iarraidh tosú ar an gclár agus scoileanna atá ag iarraidh smaointe nua a fháil araon) uair amháin sa bhliain freisin.

TORTHAÍ

- Is féidir leis an gclár seo tionchar bunathraitheach a imirt ar na leanaí a ghlacann páirt ann trí fheabhas a chur ar chorpacmhainn, leibhéal airde, giúmar agus folláine ghinearálta na leanaí. Ghlac 13 scoil páirt i gclár an Mhíle Laethúil sa bhliain 2019.
- Agus é ar cheann de na tionscnaimh ba rathúla de chuid na Comhpháirtíochta Spóirt sa bhliain 2019, bhí imeacht bliantúil Mhíle Laethúil na Scoileanna ar siúl i mí Aibreáin mar chuid de Sheachtain na Scoileanna Gníomhacha. Chríochnaigh beagnach 1,300 leanbh bunscóile ó shé scoil áitiúla an chuaird laistigh de Pháirc Mharlaí, agus boinn á mbronnadh orthu ag an líne chríche. Réachtáladh an t-imeacht sin chun an obair chrua a chuir na leanaí isteach agus an tiomantas a thaispeáin siad do thionscnamh an Mhíle Laethúil le linn na scoilbhliana a cheiliúradh.
- Léiríodh i dtaighde a rinne The Daily Mile UK agus san aiseolas ó mhúinteoirí:
 - Go dtagann méadú ar leibhéal ghinearálta chorpacmhainne nuair a leantar leis an gclár
 - Go mbíonn dea-ghiúmar ar na leanaí nuair a fhilleann siad ar an rang
 - Go dtagann feabhas ar a ndíriú
 - Go n-éiríonn na leanaí cleachta leis an ngníomhaíocht agus go mbíonn díomá orthu nuair nach mbíonn seans acu i a dhéanamh
 - Gur féidir leis na leanaí cairdeas nua a chruthú
 - Go bhfoghlaímíonn siad chun meas a thabhairt dá chéile agus iad ag rith ina ngrúpa.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Leanfaidh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin le tacaíocht a thabhairt do gach bunscóil tosú ar thionscnamh an Mhíle Laethúil agus é a choinneáil ar bun. Buaileann baill foirne na Comhpháirtíochta go rialta le múinteoirí agus scoileanna chun teacht ar bhealaí inar féidir an clár a chur chun feidhme agus a gcuid daltaí a chur ina bhun. Tá sé beartaithe imeacht suaitheantais eile a réachtáil sa bhliain 2020 do na scoileanna uile a ghlacann páirt rialta sa chlár.e.



FORBHREATHNÚ



Tá an clár MarathonKids ina thionscnamh scoilbhunaithe ocht seachtaine atá spriocdhírthe ar dhaltaí bunscóile i ranganna 5 agus 6. Le tacaíocht óna múinteoirí, glacann na daltaí páirt i gceithre sheisiún reatha gach seachtain agus críochnaíonn siad fad 25.2 míle thar na hocht seachtaine. Tar éis an chláir ocht seachtaine, tugtar na scoileanna rannpháirteacha le chéile le haghaidh imeacht eagraithe ‘Míle Dheireanaigh’, áit a ritheann na daltaí an míle agus a mbronntar bonn agus t-léine orthu ag an deireadh. Bhí imeacht “an Mhíle Dheireanaigh” don bhliain 2019 ar siúl i Staid Morton an 13 Samhain 2019.

AIDHMEANNA



Is é príomhaidhm an chláir ná gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc daltaí agus seisiún aclaíochta a réachtáil mar chuid den ghnáthsheachtain scoile. Tríd an gclár, tugtar cultúr aclaíochta rialta isteach sa timpeallacht scoile freisin. Agus leas á bhaint acu as leabhar oibre an chláir MarathonKids mar phlean ranga, teagascann na múinteoirí do na leanaí na tairbhí fhisiciúla agus meabhrach a bhaineann le haclaíocht rialta. Teagascar ceachtanna ar na nithe seo a leanas freisin: na tairbhí Sóisialta agus Pobail a bhaineann le haclaíocht fhisiciúil; an tábhacht a bhaineann le dea-hiodráitiú agus le dea-chothú; agus na tairbhí oideachasúla a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil.

CUR CHUN FEIDHME

- Agus é ina Ambasadóir don chlár, sheol David Gillick an clár MarathonKids ag Staid Morton an 28 Lúnasa i gcomhar le comhpháirtithe agus geallsealbhoirí, lenar áiríodh na Méaraí ó údaráis áitiúla Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Chathair Bhaile Átha Cliath agus roinnt rannpháirtithe sa chlár.
- Tugadh leabhar oibre do gach dalta agus gach múinteoir sna ranganna rannpháirteacha. Bhí leagan Gaeilge den leabhar oibre ar fáil do na Gaelscoileanna a chláraigh don chlár. Tairbhe neamhbheartaithe ba ea go mbaineann roinnt bunscóileanna úsáid as an leabhar oibre mar uirlis foghlama teanga anois.
- Thug David Gillick, iar-Oilimpeach, iar-Churadh na hEorpa sa Rith Laistigh 400 Méadar agus Ambasadóir don chlár MarathonKids, cuairt ar scoileanna chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na rannpháirtithe. D’éisigh sé físeáin ghearra ar líne freisin chun comhairle, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na leanaí agus na múinteoirí gach seachtain.
- Cuireadh grúpa WhatsApp ar bun chun tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí freisin, agus David Gillick ag rannchuidiú go rialta leis.



“Imeacht den scoth ba ea é agus bhí lúcháir ar ár scoil a bheith ina cuid de. B’iontach an rud é go ndeachaigh imeacht a raibh breis agus 5,000 dalta páirteach ann thart gan aon deacracht”
Aoife, Múinteoir Bunscóile

TORTHAÍ

D’fhreastail 87 scoil ó gach cuid de Bhaile Átha Cliath ar imeacht “an Mhíle Dheireanaigh” i Staid Morton sa bhliain 2019, agus breis agus 5,500 dalta páirteach ann.

Bhí **40 scoil** agus
3,343 dalta
páirteach sa
bhliain 2019

D’fhreastail **2,600**
dalta ar an míle
deireanach sa
bhliain 2019

“Cé go raibh mé páirteach i ngach cineál spóirt ar scoil, tuigim freisin go raibh leanaí ann nach raibh chomh gníomhach céanna. Tá an clár MarathonKids ar oscailt do gach duine, beag beann ar a gcumas, agus tugann sé deis iontach do leanaí bheith gníomhach.”

David Gillick, Ambasadóir don chlár MarathonKids



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá an líon spásanna atá ar fáil ar an gclár teoranta toisc nach féidir le hionad tionóil “an Mhíle Dheireanaigh” freastal ar mhéadú ar an líon rannpháirtithe. Ba ghá infheistiú shuntasach a dhéanamh chun an clár a leathnú. Tá acmhainneacht agus fíorchumas ann babhta ceannais dhá lá a réachtáil agus déanfaidh na geallsealbhoirí staidéar indéantachta ar an imeacht a leathnú don bhliain 2020.

Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

Mná ar an Uisce



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar aidhm leis an gclár Mná ar an Uisce rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú i limistéar tuaithe de Ghaillimh, go háirithe a rannpháirtíocht sa Chadhcáil. Reáchtáladh an clár i gcomhar le Club Cadhcála Mhílic-Dhún an Uchta agus eagraíodh Féile Abhann Mhílic chun deireadh an chláir a chomóradh. Bhí sé mar aidhm leis an gclár freisin méadú a dhéanamh ar bhallaíocht na mban i gclub tuaithe agus ar an úsáid a bhaintear as an timpeallacht nádúrtha i nGaillimh.



AIDHMEANNA

- Clár a sholáthar chun tuilleadh ban ón limistéar áitiúil a chur i mbun na cadhcála.
- Cadhcáil a chur chun cinn mar spórt atá ar fáil i nGaillimh.

CUR CHUN FEIDHME

- Ba é an chéad chéim den ullmhúchán ná teacht ar theagascóir oiriúnacha chun an cúrsa a sholáthar ar bhealach sábháilte.
- Ina dhiaidh sin, ba ghá an spriocphobal a chur ar an eolas faoin bhfáil ar an gclár.
- Seoladh an clár agus Féile Abhann Mhílic ar mhaithe le spéis a chothú sa tionscnamh.
- Chruthaíomar nasc le hUiscebhealaí Éireann maidir le húsáid saoráidí freisin.
- Mar chuid den obair cur chun cinn, fógraíodh an clár trí na meáin áitiúla agus in áitribh áitiúla.
- A bhfuil leis an obair sin ar fad, soláthraíodh an clár ar dhátaí éagsúla roimh Féile Abhann Mhílic.

TORTHAÍ

- Chríochnaigh deichniúr ban áitiúil an cúrsa.
- Méadaíodh an fheasacht ar spórt na cadhcála sa limistéar áitiúil.
- Méadaíodh an fheasacht ar na saincheisteanna a spreagann rannpháirtíocht na mban sa chadhcáil agus a chuireann bac uirthi araon.
- Chuaigh cúigear rannpháirtithe isteach sa chlub tar éis an imeachta.
- Chuaigh triúr rannpháirtithe isteach i bhFéile Abhann Mhílic.

4
an líon
teagascóirí

10
an líon
rannpháirtithe

5
an líon ball
nua a chuaigh
isteach
i gclub

3
an líon
iomaitheoirí
nua a bhí
páirteach



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Clár den chineál céanna a sholáthar sa bhliain 2020, agus é sin a dhéanamh níos luaithe sa bhliain an babhta seo.
- Leanúint le rannpháirtíocht na mban a mhéadú mar cheann amháin de chuspóirí an chlub.
- An cúrsa a sholáthar trí chlubanna eile ar fud na Gaillimhe.

Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí Snámh ar feadh Míle



FORBHREATHNÚ

Tá Snámh ar feadh Míle ina thionscnamh de chuid Shnámh Éireann a bhfuil mar aidhm leis daoine a spreagadh fillleadh ar an linn agus iad a chumasú a bheith ina snámhóirí muiníneacha ar feadh an tsaol. Ba iad cóitseálaithe de chuid Shnámh Éireann a chuir an clár snámha le chéile chun daoine a bhfuil beagáinín snámha acu a chumasú snámh ar feadh míle laistigh de 12 sheachtain. Tríd is tríd, cláraíonn na rannpháirtithe le Snámh Éireann ar bhonn aonair agus tugann siad faoina n-oiliúint féin i linnte ina n-éascaítear an clár ar fud na tíre. Sa bhliain 2017, roghnaigh Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí naisc a chruthú leis na linnte poiblí chun clár snámha atá cost-éifeachtúil agus a bhfuil gné shóisialta de a thionscnamh agus a chur chun feidhme.



AIDHMEANNA

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na naisc idir an Pháirtíocht agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar an gcaidreamh le bainisteoirí linne ionas gur féidir deiseanna rannpháirtíochta a sholáthar ar bhonn comhpháirteach i gContae Chiarraí.
- An clár um Shnámh ar feadh Míle agus an t-imeacht dúshláin a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar leis na hionaid fóillíochta áitiúla poiblí i gCiarraí agus forbairt a dhéanamh ar chlár inbhuanaithe fóirdheonaithe as a dtiocfaidh imeacht mór-rannpháirtíochta.

CUR CHUN FEIDHME

- Is comhthionscadal dearfach é seo a bunaíodh idir Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí, Snámh Éireann agus foirne bainistíochta na linnte áitiúla.
- Comhaontaíodh cur chuige agus modh soláthair idir na comhpháirtithe uile bunaithe ar na hamanna linne agus na seisiúin chóitseáilte agus cuireadh na nithe seo a leanas i bhfeidhm: (a) clár um shnámh ar feadh míle; (b) imeacht dúshláin; agus (c) clinic snámha.
- Cuireadh an clár agus an t-imeacht chun cinn trí na meáin shóisialta, trí nuachtáin áitiúla agus trí chumarsáid le rannpháirtithe roimhe.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Réamhchlár inbhuanaithe ar a dtugtar “breathnóir go snámhóir” a fhorbairt, rud a mbeidh mar aidhm leis rannpháirtithe a bhfuil beagán snámha acu a chumasú páirt a ghlacadh sa chlár um Shnámh ar feadh Míle.
- Deiseanna conaire rannpháirtithe a leathnú trí shnámh ar feadh míle faoin aer a fhorbairt agus a chur ar bhonn foirmiúil.

TORTHAÍ

- Bhí comhar méadaithe ann idir Snámh Éireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt, Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí agus foirne bainistíochta na n-ionad fóillíochta poiblí i gCiarraí – Ionad Sláinte agus Fóillíochta Bhaile an Bhuinneánaigh agus Ionad Spóirt agus Fóillíochta Thrá Lí.
- Soláthraíodh an clár agus an t-imeacht ar fud 2/3 ionad fóillíochta poiblí agus comhordaíodh an clinic snámha go rathúil.
- Bunaíodh sruth saothraithe ioncaim don Pháirtíocht agus do na hionaid fóillíochta araon, rud a bhí cost-éifeachtúil do gach comhlacht lena mbaineann agus a bhí inacmhainne don rannpháirtí.
- Bhí feabhsuithe féintuairiscithe ann i gcorpachmhainn, i scileanna snámha, i meabhairshláinte agus i bhfolláine mhothúchánach.
- Thug an clár deis do dhaoine teacht le chéile agus cairdeas nua a fhorbairt.
- Bhí méadú ann ar an líon daoine a bhí ag snámh agus ar an úsáid a bhí á baint as saoráidí linne.

An líon rannpháirtithe sa chlár mhéadaigh sé ó 62 dhuine sa bhliain 2017 go **97 nduine sa bhliain 2019**

An líon rannpháirtithe san imeacht méadaigh sé ó 57 nduine sa bhliain 2017 go **165 dhuine sa bhliain 2019**

“Bhí ionchais ísle agam nuair a chláraigh mé do Shnámh ar feadh Míle mar nár shnámh mé i gceart ó bhí mé sna luathfhichidí. Bheinn sásta leathmhíle a chur isteach. A bhui leis an spreagadh agus an tacaíocht theicniúil a fuair mé ón bhfoireann i mBaile an Bhuinneánaigh, áfach, d’éirigh liom an míle a chríochnú laistigh de 52 nóiméad. Rud ab fhearr fós, thacaigh na cóitseálaithe linn club snámha d’aoisigh a choinneáil ar bun ionas go bhféadfadh an seisear dínn leanúint orainn ag feabhsú agus tuilleadh muiníne a ghnóthú don bhliain seo chugainn.”

Rannpháirtí

“Thaitin an oiliúint agus an t-imeacht go mór liom. Ní raibh mé in ann ach dhá chuaird as a chéile a dhéanamh nuair a thosaigh mé ar sheachtain a dó. Faoi sheachtain a dó dhéag, bhí mé in ann an 80 fad a dhéanamh gan stopadh ach uair amháin. Is iad na cóitseálaithe an rud is fearr de - tugann siad cuid mhór spreagtha agus cabhrach duit. Is fiú é a dhéanamh mar gheall ar an gcóitseáil amháin. Ba dheas an rud é bualadh le Bethany Carson, a bhí álainn agus an-spreagúil.”

Rannpháirtí

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Lá Cumais Spóirt Chill Dara



FORBHREATHNÚ

Reáchtáladh an chéad Lá Cumais Spóirt riamh i gCill Dara Dé Sathairn an 28 Meán Fómhair 2019, agus é mar aidhm leis spórt do dhaoine faoi mhíchumas agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn ar fud Chontae Chill Dara.



AIDHMEANNA

- Ba é aidhm an imeachta ná feachtas a mhéadú ar spórt do dhaoine faoi mhíchumas agus ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas agus faisnéis a thabhairt faoi na clubanna ar féidir le cuairteoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu dul isteach iontu.
- Cuid dhílis den imeacht ba ea an feachtas meán sóisialta a raibh mar aidhm leis an teachtaireacht a scaipeadh faoina thábhachtaí atá sé deiseanna gníomhaíochta fisiciúla a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas.

CUR CHUN FEIDHME

- Bhí Lá Cumais Spóirt Chill Dara ina chomhthionscadal idir Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara agus Comhpháirtithe Lá Cumais Spóirt Chill Dara. Óstáladh an t-imeacht ag Ollscoil Mhá Nuad agus bhí sé ar an sceideal imeachtaí #BiGníomhach do Sheachtain Eorpach an Spóirt.
- Chun cabhrú leis an imeacht a phleanáil, bhunaigh an tOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt grúpa oibre a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí do dhaoine faoi mhíchumas i gCill Dara. Tháinig an grúpa le chéile den chéad uair i mí an Mheithimh 2019 chun tosú ar an bpróiseas pleanála.
- Bhí an t-imeacht ar an gcéad cheann dá chineál i gCill Dara. Ba é an tasc tosaigh ná clubanna agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt a shainiú ar mhaithe le blas-seisiún a óstáil don imeacht.
- Bhí an limistéar seastán faisnéise ina chuid dhílis den lá, áit a bhfuair cuairteoirí faisnéis faoi na gníomhaíochtaí éagsúla atá ar fáil agus ar bhain grúpaí leas as an deis líonraithe. Bhí an limistéar sin lonnaithe ag an gcaifé agus chruthaigh sé atmaisféar sóisialta den scoth do na teaghlaigh agus na rannpháirtithe a bhí i láthair. Thug na grúpaí a raibh seastán faisnéise ar bun acu aiseolas an-dearfach dúinn faoin imeacht. Bhain siad mórthairbhe as an deis líonraithe agus d'éirigh le roinnt díobh baill nua a earcú.



TORTHAÍ

Tá áthas ar Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara a rá gur chláraigh 11 rannpháirtí le clubanna nua ar an lá. Thuairiscigh a lán grúpaí gur tháinig méadú ó shin i leith ar a gcuid comhair leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus na gníomhaireachtaí a bhí i láthair. Thacaigh Oifig Rochtana Ollscoil Mhá Nuad leis an imeacht a phleanáil agus reáchtáil sí seastán faisnéise ar an lá. Ní hé amháin gur thug an t-imeacht deis do dhaoine faoi mhíchumas tabhairt faoi ghníomhaíocht fhisiciúil, ach thug sé deis dóibh freisin an Ollscoil a iniúchadh mar chonair fhéideartha oideachais agus na tacaí atá ar fáil do mhic léinn a fhiosrú. Lean an Chomhpháirtíocht le hobair go dlúth leis an Oifig Rochtana ó shin i leith.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Fuarthas aiseolas an-dearfach ar Lá Cumais Spóirt Chill Dara ó rannpháirtithe, ó chlubanna agus ó sheirbhísí agus tá pleananna ar bun cheana féin chun feabhas a chur ar an imeacht sa bhliain 2020. Agus í ar an gcéad bhliain den imeacht, bhí sí ina cuairt foghlama ollmhór do gach duine a raibh ról acu sa phróiseas pleanála. Bhí na saoráidí ag Ollscoil Mhá Nuad ar fheabhas agus thug na baill foirne an-tacaíocht dúinn roimh an imeacht. Agus tuiscint níos fearr againn anois ar leagan amach agus acmhainn na saoráide, tá súil againn go mbeimid in ann leanúint lenár gcaidreamh leis an Ollscoil agus an líon rannpháirtithe i Lá Cumais Spóirt Chill Dara a mhéadú.

Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh Rith an Mhíle Mheánaoisigh

FORBHREATHNÚ



Sa bhliain 2017, thug Comhairle Contae Chill Chainnigh/coiste Yulefest cuireadh do Chomhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh roinnt smaointe a chumadh lena gcur ar áireamh i 'nDeireadh Seachtaine Gníomhach'. Iarradh ar an gComhpháirtíocht díriú ar thionscnaimh lena méadófaí leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla daoine roimh an Nollaig. Thar thréimhse trí bliana, rinne an Chomhpháirtíocht an Rith a fhorbairt ina imeacht mór-rannpháirtíochta spraiúil do dhaoine de gach aois. Is i dtús Yulefest Chill Chainnigh, roimh thréimhse saoire na Nollag, a réachtáiltear an t-imeacht.

AIDHMEANNA



- Is é príomhaidhm Rith an Mhíle Mheánaoisigh imeacht mór-rannpháirtíochta spraiúil a chur chun cinn do dhaoine de gach aois agus cumas mar chuid de Yulefest Chill Chainnigh. Tá Rith an Mhíle Mheánaoisigh ina ráib indéanta 1 mhíle trí shráideanna Chill Chainnigh, agus daoine ag rith faoi mhaoriseacht agus faoi shoilse Nollag ar bhóithre dúnta.
- Aidhm eile atá leis is ea obair i gcomhar le gníomhaireachtaí is comhpháirtí (an Garda Síochána, baill foirne Chomhairle Contae Chill Chainnigh, na clubanna lúthchleasaíochta a sholáthraíonn maor dúinn, Ord Mhálta agus an Chosaint Shibhialta) ar mhaithe leis an imeacht a réachtáil go sábháilte.
- Tugann an Chomhpháirtíocht rogha do rannpháirtithe míle iomaíoch uainithe nó míle neamhiomaíoch áineasa a dhéanamh. Tugann sí spreagadh do leanaí bunscóile páirt a ghlacadh san imeacht trí chláir comhtháite ceithre seachtaine a thairiscint do bhunscóileanna, rud a chumasaíonn rannpháirtíocht shláintiúil san imeacht. Is féidir le leanaí páirt a ghlacadh sa Rith i dtimpeallacht de chineál carnabhail i gcomhar lena dtuismitheoirí agus lena gcairde scoile. Ag an deireadh, faigheann siad sólaistí sláintiúla, siamsaíocht agus bonn atá deartha go speisialta.
- Cuirtear Rith an Mhíle Mheánaoisigh i láthair mar imeacht ceiliúrtha deireadh bliana do rannpháirtithe i gcláir de chuid na Comhpháirtíochta, amhail cláir do dhaoine faoi mhíchumas, bunscóileanna, Fir ag Gluaiseacht agus cláir do dhaoine scothaosta. Fianaise eile ar an ngné pobail de Rith an Mhíle Mheánaoisigh is ea go bhfoinsíonn Yulefest Chill Chainnigh comhpháirtí urraíochta gach bliain ar mhaithe le síntiús mór a thabhairt do charthanas ainmnithe áitiúil.

CUR CHUN FEIDHME

- Tá an clár ina chomhthionscadal idir Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh agus Comhairle Contae Chill Chainnigh. Dréachtaítear Plean cuimsitheach Bainistíochta Imeachta i gcomhar le hInnealtóir Sinsearach Chathair Chill Chainnigh, le baill foirne de chuid na Comhairle Contae agus leis an nGarda Síochána. Ar an oíche, oibríonn an Chomhpháirtíocht go dlúth leis an nGarda Síochána, le hInnealtóir Chathair Chill Chainnigh, le baill foirne allamuigh de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh, leis an gCosaint Shibhialta agus le hOrd Mhálta ar mhaithe leis an imeacht a réachtáil go sábháilte.
- Déantar an t-imeacht a fhógairt/a chur chun cinn trí shuíomh Gréasáin Yulefest agus trí láithreach meán sóisialta agus líonra na Comhpháirtíochta. Fostaíonn an Chomhpháirtíocht cuideachta cur chun cinn chun clárúchán ar líne a éascú agus chun t-léinte cuimhneacháin a dhearadh agus a sholáthar don imeacht. Forbraíodh brandáil a bhfuil lógónna na Comhpháirtíochta agus Spóirt Éireann uirthi thar shaolré an imeachta.
- Soláthraíonn clubanna Lúthchleasaíochta Bhord Contae Chill Chainnigh agus parkrun Chill Chainnigh níos mó na 50 maor ar an oíche. Oibríonn an Chomhpháirtíocht leis an gCosaint Shibhialta agus le hOrd Mhálta, a sholáthraíonn tacaíocht agus cumhdach leighis don imeacht. Mar chuid dá gcuid foghlama, earcaítear mic léinn Cheannaireachta Spóirt ó Mheánscoil na mBráithre Críostaí, Cill Chainnigh, chun cabhrú le clárúchán, le t-léinte agus sólaistí a dháileadh agus le boinn a bhronnadh ar na leanaí. Cabhraíonn grúpaí áitiúla gasóg le sólaistí a thabhairt agus leis an limistéar críche a ghlanadh.

1,000 rannpháirtí sa bhliain 2019

"Imeacht den scoth, an-chraic! Dea-eagraithe ó thús go deireadh! Bhí na maor thar barr. Comhghairdeas leis na heagraithe uile."
Rannpháirtí san imeacht

TORTHAÍ

- Tá Rith an Mhíle Mheánaoisigh ar cheann de na príomhimeachtaí mór-rannpháirtíochta i gCill Chainnigh. Ceann de na torthaí is dearfaí is ea rannpháirtíocht tuismitheoirí, leanaí agus seantuismitheoirí gníomhacha agus an taitneamh a bhaineann siad as an imeacht le chéile. Tugann Rith an Mhíle Mheánaoisigh sárdheis do mhic léinn Cheannaireachta Spóirt taithí a fháil ar mhórimeacht poiblí a eagrú.
- Úsáidtear cuid mhór brandála Comhpháirtíochta ag an líne thosaithe agus ag an líne chríche araon. Tá brandáil na Comhpháirtíochta/Spóirt Éireann ar na t-léinte a tháirgtear do na rannpháirtithe san imeacht agus feictear iad go minic ag imeachtaí eile. Mar sin, is dea-uirlis cur chun cinn iad don Chomhpháirtíocht.
- Léirítear i sonraí ón gcuideachta a bhainistíonn an rith go dtaistealaíonn rannpháirtithe ó 8/9 gcontae eile go Cill Chainnigh chun páirt a ghlacadh san imeacht.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Ós rud é gur imeacht seanbhunaithe é anois agus go bhfuil sé ag fás ó réachtáladh ar dtús é, tá sé mar aidhm againn leanúint le rannpháirtíocht a mhéadú agus an t-imeacht a choinneáil sábháilte, spraiúil, oiriúnach do theaghlach agus ar oscailt do chách. Ba bhreá leis an gComhpháirtíocht go nglacfadh gach scoil i gCathair Chill Chainnigh páirt i Rith an Mhíle Mheánaoisigh.

Comhar Spóirt na Laoise - Mol Gníomhaíochta agus Folláine an tSráidbhaile, Bhaile an Bhiocáire agus Thigh Mochua

Oíche #BíGníomhach - Riverdance



FORBHREATHNÚ

Tionscnamh a bhí oiriúnach don teaghlach ar fad agus a réachtáladh chun Seachtain Eorpach an Spóirt 2019 agus oíche #BíGníomhach a chomóradh ba ea Riverdance Mhol Gníomhaíochta agus Folláine an tSráidbhaile, Bhaile an Bhiocáire agus Thigh Mochua.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an imeacht seo oíche gníomhaíochtaí a chur ar siúl do theaghlach ón bpobal áitiúil agus ó limistéir máguaird. Bhí sé mar aidhm againn daoine a chur i mbun gníomhaíochta agus, ag an am céanna, deis a thabhairt dóibh taitneamh a bhaint as a bhfuil ar fáil sa Mhol. Bhí sé mar aidhm againn gníomhaíochtaí a réachtáil a bheadh spráúil do gach duine den teaghlach.

CUR CHUN FEIDHME

- Chun an t-imeacht a réachtáil, bhí sé mar aidhm againn smaoineamh nuálach a chumadh chun daoine a chur i mbun gníomhaíochta agus chun oíche gníomhaíochtaí fisiciúla spráúla a thairiscint dóibh ag an am céanna. Ós rud é gur chomóradh 25 bliana a bhunaithe é, chinneamar Riverdance a dhéanamh feadh bhruach na canála i mBaile an Bhiocáire. Rinneadh iarracht den chineál céanna i mBaile an Bhiocáire 19 mbliana roimhe sin, agus 1000 rannpháirtí á dtaifeadadh. D'oibríomar i gcomhpháirt le Scoil Damhsa áitiúil chun cabhrú le gné Riverdance a eagrú agus chun go mbeadh damhsóirí gairmiúla ann sa líne in éineacht leis an bpobal. Ba as limistéar an tSráidbhaile, Bhaile an Bhiocáire agus Thigh Mochua agus as limistéir máguaird do na damhsóirí uile. Thugamar cuireadh do shé fhoireann peile áitiúla faoi aois dul isteach sa líne freisin, agus a bhfeistean peile orthu.
- D'fhógraíomar an t-imeacht ar ár n-ardáin mheán sóisialta uile agus cuireadh fógraí i nuachtáin áitiúla. Bhíomar ag iarraidh freastal ar an teaghlach ar fad ar an oíche agus rud éigin a thairiscint do gach duine.
- Gné ollmhór den imeacht ba ea ár n-oibríthe deonacha agus ár ndaoine uile a eagrú chun go rachadh gach rud ar aghaidh go binn. Rinneamar iarracht a chinntiú go mbainfeadh gach duine a bheadh i láthair an oiread taitnimh agus ab fhéidir as an oíche. Rud a bhí an-tábhachtach dúinn ba ea daoine a chur i mbun gníomhaíochta lena dteaghlach agus imeacht spráúil a sholáthar dóibh. Imríonn ár n-oibríthe deonacha ról lárnach inár n-imeachtaí uile agus chuir siad go mór arís eile le rath na hoíche #BíGníomhach.

TORTHAÍ

- D'éirigh go geal leis an oíche #BíGníomhach don Mhol agus do Chomhar Spóirt na Laoise araon. Bhí oíche mhaith ag gach duine, idir óg agus aosta agus idir ghníomhach agus neamhghníomhach. Bhain teaghlach taitneamh as an damhsa feadh na canála agus as na gníomhaíochtaí spraoi a bhí ar siúl i bpáirc CLG. D'éirigh linn an taifead a rinneadh 19 mbliana ó shin a shárú freisin.
- Réachtáladh an príomhimeacht ar bhruach na canála agus bogadh chuig páirc CLG ansin chun na gníomhaíochtaí eile a chur ar siúl. Chuireamar ár bhfoirne uile ina líne taobh thiar de phiobaire mála, a stiúir na foirne, na teaghlach agus na rannpháirtithe síos go dtí an pháirc don chuid eile de na gníomhaíochtaí. Ghlac na sé fhoireann peile áitiúla faoi aois páirt i mion-bhlitzchomórtas ar thrí pháirc. Seachas na mionchluichí, bhí sé chineál dhifriúla preabchaisleán ann do dhaoine de gach aois, bhí puball ealaíon agus ceardaíochta, puball péinteáil aghaidhe agus puball céadfach ar fáil agus réachtáladh tarraingt na téide ar an bpáirc. Bhí rothair thandaim ar fáil lena dtógáil timpeall an raoin freisin. Chuir Scoil Damhsa Ghaelaigh Buggie céilí ar siúl laistigh den halla, rud a thaitin go maith leis na haosaigh.
- Chruthaíomar ár líne, rinneamar ár ndamhsa, mháirseáil ár bpeileadóirí chuig a bpáircceanna, baineadh an-úsáid as ár bpreabchaisleán, chruthaigh ár bpéintéirí aghaidhe a lán carachtar iontach, rinne ár ndamhsóirí céile siamsa agus chuaigh daoine i bpáirt leo, agus bhain daoine taitneamh as ár bpuball céadfach agus as ár rothair thandaim, a tógadh timpeall an raoin. Nuair a bhí Riverdance ar siúl, chuaigh grúpa amach ar an uisce i gcanúna ó Chumann Curachóireachta agus Cadhcála an tSráidbhaile, Bhaile an Bhiocáire agus Thigh Mochua, rud a chuir go mór leis an imeacht.



"Bhí oíche iontach againn, idir an damhsa feadh na canála agus an tsiamsaíocht ar an bpáirc. Cuireadh seó breá imeachtaí ar siúl do gach duine. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Mol as an oíche a eagrú."

"Thaitin an tsiamsaíocht ar fad le mo leanaí, go háirithe an damhsa ar bhruach na canála. Baineadh an-taitneamh as an máirseáil síos go dtí an pháirc freisin. Bhí oíche iontach againn mar theaghlach - míle buíochas."



Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma Mná ar Rothaí



FORBHREATHNÚ

Agus é ar siúl i gCora Droma Rúisc, bhí sé mar aidhm leis an gclár Mná ar Rothaí tosaitheoirí rothaíochta a earcú agus iad a chumasú babhta 30 km a chríochnú faoi dheireadh an chláir ocht seachtaine, lena áiríodh dhá sheisiún in aghaidh na seachtaine. Thug sé sin deis cumas rothaíochta áineasa na rannpháirtithe a mhéadú agus oideachas a chur orthu ar shábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht rothaíochta agus ar conas is féidir leo rothaíocht a dhéanamh go héifeachtúil laistigh de ghrúpa. Reáchtáladh ceardlann chothabhála don ghrúpa le linn an chláir freisin.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an gclár Mná ar Rothaí deis a thabhairt do mhuintir Liatroma a leibhéal ghníomhaíochta fisiciúla agus a sláinte a fheabhsú tríd an rothaíocht. Bhí sé mar aidhm leis freisin rannpháirtithe a spreagadh leanúint leis an rothaíocht tar éis dheireadh an chláir trí dhul isteach ina gclub áitiúil.

CUR CHUN FEIDHME

- Ceanglaíodh ar gach rannpháirtí a rothar agus a gclogad féin a bheith acu agus rinne pearsana cáilithe seiceáil iomlán chothabhála ar gach rothar roimh thús an chláir.
- D'fhoghlaim na rannpháirtithe faoina thábhachtaí atá sé a rothar a sheiceáil sula dtosaíonn siad ar an rothaíocht. D'fhoghlaim siad freisin faoin trealamh a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orthu ar an mbóthar, ag brath ar dhálaí bóthair.
- Faigheann gach rannpháirtí veist ard-infheictheachta sula dtéann siad amach ar an mbóthar agus cuirtear iad ar an eolas faoi na bealaí beartaithe agus na hamanna ionchasacha rothaíochta gach seachtain

TORTHAÍ

- Thug na rannpháirtithe faoi 16 sheisiún rothaíochta agus chríochnaigh an grúpa babhta rothaíochta 30 km ag deireadh an chláir.
- Cuireadh na rannpháirtithe uile ar an eolas faoin gclub áitiúil rothaíochta, faoi conas is féidir clárú mar bhall agus faoi na tairbhí a bhaineann lena bheith ina mball.
- Chuir na cóitseálaithe ón gclub rothaíochta fáilte mhór roimh na rannpháirtithe uile a raibh spéis acu i ndul isteach sa club.
- Lean roinnt rannpháirtithe le rothaíocht a dhéanamh le Club Rothaíochta Liatroma le linn an tsamhraidh tar éis an chláir. Chríochnaigh beirt rannpháirtithe an babhta rothaíochta 100 km i Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2019 freisin.

'Míle buíochas leis na cóitseálaithe, a bhí thar a bheith foighneach agus cuidiúil linn.'

'Tháitín gach nóiméad go mór liom, fiú amháin agus mé san fhearthaínn!' 'Mholfainn an clár go hard do gach duine agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na cóitseálaithe as a gcuid ama agus tacaíochta.'

'Bhí an cúrsa an-oideachasúil agus d'fhoghlaim mé cuid mhór teicnící cóitseála rothaíochta. Chríochnaigh beirt dínn seisiún cóitseála le tosaitheoir agus chuireamar ar n-obair chúrsa iar-rothaíochta ar fad faoi bhráid Rothaíocht Éireann. Tá súil againn ár ndeimhniú cúrsa a fháil go han-luath.'



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

D'éirigh go geal leis an gclár Mná ar Rothaí sa bhliain 2019, agus 23 bhean páirteach sa chláir i gCora Droma Rúisc. Tá dúspéis ag rannpháirtithe nua i bpáirt a ghlacadh sa chláir sa bhliain 2020. Maidir le beirt rannpháirtithe sa bhliain 2019, chríochnaigh siad an Bonnchúrsa cóitseála de chuid Rothaíocht Éireann ina dhiaidh sin. Tá siad ag iarraidh anois tacaíocht a thabhairt do na cóitseálaithe rothaíochta mar Cheannairí Rothaíochta ar an gclár Mná ar Rothaí sa bhliain 2020.

Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh Campa Samhraidh Cuimsithe do Dhéagóirí



FORBHREATHNÚ

Ba é cuspóir an Champa Samhraidh Cuimsithe ná spriocdhíriú ar 16 dhéagóir idir 13 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois nach raibh páirteach i ngrúpaí gníomhaíochta fisiciúla amhail Oilimpicí Speisialta. Thug an campa deis do na déagóirí sin blas a fháil de ghníomhaíochtaí difriúla agus de spóirt dhifriúla nár bhain siad triail astu riamh.



AIDHMEANNA

Ba é aidhm an champa ná deis a thabhairt do dhéagóirí triail a bhaint as roinnt spóirt difriúil agus as roinnt gníomhaíochtaí difriúla agus iad a spreagadh bualadh le déagóirí eile i Luimneach agus cairdeas a dhéanamh leo.

CUR CHUN FEIDHME

- Ba é a bhí i gceist leis an gCampa Cuimsithe a phleanáil ná comhpháirtíochtaí a chruthú idir Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta éagsúla, lena n-áiríodh Snámh Éireann, Trí-atlan Éireann, Cumann Peile na hÉireann agus Judo Assist. Fuarthas tacaíocht agus comhairle an-fhiúntach ó Ionad CARA agus ó Spórt Éireann freisin maidir leis an gcampa a éascú.
- Bhí an campa ar siúl i bhfoirgneamh Thailtean i gColáiste Mhuire gan Smál. Bhí an foirgneamh sin an-oiriúnach toisc gur láthair inrochtana é agus go raibh spás féachana ann do thuismitheoirí agus do chúramóirí. Ós rud é go raibh a dtuismitheoirí agus a gcúramóirí as radharc uathu, tugadh braistint neamhspleáchais do na rannpháirtithe.
- Tairgeadh an campa do dhaltaí de chuid scoil Naomh Gaibréal, scoil Chaitríona Nic Amhlaobh, Chumas Éireann agus Shiondróm Down, Luimneach, agus cuireadh chun cinn é ar ardáin mheán sóisialta Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.
- Chomhlánaigh na rannpháirtithe foirm iarratais roimh an gcampa. Fuair siad sceideal do na trí lá den champa ionas go mbeadh siad ullmhaithe agus go mbeadh a fhios acu cad a tharlódh gach lá.
- Sholáthair Trí-atlan Éireann, Cumann Peile na hÉireann agus Judo Assist seisiúin a mhair thart ar 40 nóiméad an ceann. D'fhostaigh an Chomhpháirtíocht teagascóir chun seisiúin ióga a sholáthar don ghrúpa freisin. Thug gach cóitseálaí faisnéis faoi cén áit a bhfuil na clubanna áitiúla dá spóirt faoi seach lonnaithe.
- Sholáthair daltaí Idirbhliana seisiúin freisin tríd an ngrúpa Rannpháirtíochta faoi Spreagadh Oibre Deonaí atá ar bun ag an gComhpháirtíocht. Sholáthair na daltaí seisiúin a bhí bunaithe ar na cúrsaí cóitseála a bhí curtha i gcrích acu. Cuireadh am i leataobh do shaorshúgradh gach lá freisin chun deis a thabhairt do na rannpháirtithe a gluichí féin a chruthú agus meascadh le gach duine sa ghrúpa.
- Tugadh málaí féiríní do na rannpháirtithe, mar aon le seisiúin snámha saor in aisce ag Ollscoil Luimnigh. Tugadh iad sin le caoinchead ó Shnámh Éireann ar an lá deiridh den champa.
- Seoladh ceistneoirí Survey Monkey amach le ríomhphost chuig thuismitheoirí agus cúramóirí na ndéagóirí.

“Bhí am iontach ag mo dhéagóir agus fuair sé deis triail a bhaint as rudaí nach mbeadh aon spéis aige iontu roimhe sin” (Tuismitheoir)

“Bhain mé an-taitneamh as an gcampa seo agus táim ag tnúth le teacht ar ais an bhliain seo chugainn” (Rannpháirtí)

TORTHAÍ

- Bhí déagóirí faoi chineálacha difriúla míchumais in ann freastal ar champa samhraidh agus triail a bhaint as spóirt éagsúla a bhféadfadh go ngnóthódh siad spéis iontu.
- Luaigh na thuismitheoirí agus na cúramóirí uile go mbeadh spéis acu ina ndéagóir a chur chuig club cuimsithe seachtainiúil, rud atá á bhunú ag Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh faoi láthair.
- Fuair an campa meánscore sásaimh 95% ó na thuismitheoirí.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Trína rannpháirtíocht sa champa cuimsithe seo, chruthaigh na déagóirí naisc leis na spóirt agus na cóitseálaithe atá ar fáil i limistéar Luimnigh, rud a bheadh úsáideach dóibh dá mbeadh spéis acu i ndul isteach i gclub.
- Mar thoradh ar an tionchar tairbheach a bhí ag an seisiún ióga a soláthraíodh dóibh le linn an champa, bhunaigh an teagascóir grúpa ióga do dhéagóirí a bhfuil uathachas orthu i limistéar Luimnigh.

Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt

Mná ar an Uisce



FORBHREATHNÚ

Ba é an cuspóir a bhí leis an gclár um Mná ar an Uisce de chuid na Comhpháirtíochta ná rannpháirtíocht na mban i gcadhcaíl áineasa agus i ngníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin spéir a mhéadú. Aidhm eile a bhí leis ba ea béim a leagan ar na deiseanna a sholáthraíonn ár n-uiscebhealaí áitiúla le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa.



AIDHMEANNA

- Ba iad aidhmeanna an chláir ná cadhcáil a chur chun cinn mar ghníomhaíocht inrochtana ar féidir le mná páirt a ghlacadh inti.
- Oiliúint a chur ar chadhcoirí mná nua chun go mbeadh go leor muiníne acu as dul isteach i gClub Cadhcála Chluain Dá Ráth agus bheith sábháilte ar an uisce.
- Gníomhaíocht a sholáthar a chuirtear ar siúl amuigh faoin spéir agus lena dtugtar aclaíocht fhisiciúil a rachadh chun taibhe do shláinte agus folláine fhoriomlán na rannpháirtithe.
- Féin-éifeachtúlacht na mban a mhéadú maidir le cadhcáil, le spóirt uisce agus le gníomhaíocht fhisiciúil i gcoitinne.
- Na huiscebhealaí áitiúla a chur chun cinn mar limistéir ar féidir tabhairt faoi gníomhaíochtaí áineasa agus spóirt iontu.

CUR CHUN FEIDHME

Clár cadhcála sé seachtaine do mhná os cionn 18 mbliana d'aois ba ea Mná ar an Uisce. Bhí an clár á reáchtáil ar feadh dhá uair an chloig oíche amháin sa tseachtain ar feadh sé seachtaine. Ba é a bhí sna rannpháirtithe ná lantosaítheoirí nár thug faoi chadhcaíl riamh agus ar theastaigh a lán treorach agus tacaíochta uathu ar fud an chláir. Bhí deis ag na rannpháirtithe scileanna inniúlachta cadhcála Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a chur i gcrích. D'oibrigh an Chomhpháirtíocht i gcomhpháirt le hUiscebhealaí Éireann agus le Club Cadhcála Chluain Dá Ráth chun an clár a reáchtáil. Thug Uiscebhealaí Éireann tacaíocht airgeadais agus roinnt tacaí eile. D'eagraigh an Chomhpháirtíocht gach ceann de na gníomhaíochtaí difriúla a bhí i gceist leis an gclár a reáchtáil ó thús go deireadh, lena n-áiríodh rannpháirtithe a earcú, margaíocht agus cur chun cinn, an clár a sceidealú, teagmháil a dhéanamh le soláthraithe agus le teagascóirí agus iad a earcú, agus imeachtaí a chomhordú. Thug an Chomhpháirtíocht tacaíocht airgeadais don chlár trí chistiú a soláthraíodh ó chlár Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt. Chuir Club Cadhcála Chluain Dá Ráth teagascóirí cadhcála agus trealamh cadhcála ar fáil. Thug sé faisnéis, tacaíocht agus spreagadh freisin do mhná a bhí ag iarraidh dul isteach sa chlub cadhcála tar éis dheireadh an chláir.

TORTHAÍ

- Ghlac seasca bean páirt sa chlár in dhá ghrúpa a bhí comhdhéanta de thríocha bean thar thréimhse sé seachtaine.
- Ghlac daichead bean páirt i lá breise Dúshlán Gormbhealaigh ar lena linn a chéaslaigh siad an Dúshlán Gormbhealaigh 10 km ó Chluain Dá Ráth i gContae an Longfoirt.
- Chonaic na mná na deiseanna iontacha atá ann le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil agus spóirt áineasa ar ár n-uiscebhealaí intíre áitiúla.
- Mheas na mná go raibh siad níos compordaí agus níos cumasaí ar an uisce agus lean roinnt mhaith díobh ar aghaidh ag cadhcáil le Club Cadhcála Chluain Dá Ráth.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá sé beartaithe ag an gComhpháirtíocht an clár a reáchtáil sa todhchaí. Bhí an clár ró-shuibscríofa sa bhliain 2019 agus bhí liosta fada feithimh aige. Tá an clár ar cheann de na cláir is rathúla de chuid na Comhpháirtíochta go dtí seo, nuair atáthar á mheas i gcomparáid le roinnt dár bpríomhspricanna.

60 An líon ban a ghlac páirt sa chlár um **Mná ar an Uisce**



FORBHREATHNÚ

Rinne Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Clár Saorshúgartha Cailce Lú a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt do leanaí bunscoile sa chontae a gcuid gléasanna leictreonacha a fhágáil i leataobh agus dul i mbun gníomhaíocht fhísiciúil lasmuigh atá bunaithe ar chluichí cailce. Fuair 17,659 leanbh bunscoile i Lú paca acmhainne ina raibh tiúb brandáilte, dhá mhaide cailce súgartha, bileog acmhainne cluichí agus faisnéis faoin gcainéal ar YouTube. Agus an clár á dheardh aici, shaináithin an Chomhpháirtíocht go mbaineann leanaí bunscoile úsáid as a ngléasanna leictreonacha ar bhonn laethúil agus go mbíonn YouTube ar an ardán is mó úsáid acu. D'fhostaigh sí cuideachta léiriúcháin mheán chun 15 fhíseán ghearra a fhorbairt lena n-uaslódáil ar chainéal na Comhpháirtíochta ar YouTube. Áiríodh leo sin físeán seolta, 13 fhíseán cluichí teagaisc agus físeán mearscapthe a raibh mar aidhm leis tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuair a leanaí an acmhainn. Ba é cuspóir an chláir ná a) spreagadh a thabhairt do leanaí dul i mbun gníomhaíocht fhísiciúil i dtimpeallacht lasmuigh, agus b) SAORSHÚGRADH a chur chun cinn, rud lena gcabhraítear le litearthacht fhísiciúil a fhorbairt.



AIDHMEANNA

- Forbairt a dhéanamh ar chlár lena laghdaítear iompraíocht neamhghníomhach i measc leanaí Bunscoile.
- Samhlaíocht leanaí a fheabhsú, cur leis an taitneamh a bhaineann siad as saorshúgradh, agus méadú a dhéanamh ar an gcumas atá acu chun súgradh gan aon ghléasanna leictreonacha.
- Acmhainn a sholáthar lena gcuirtear saorshúgradh chun cinn agus lena dtugtar spreagadh do leanaí súgradh lasmuigh.
- Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht mar uirlis le haghaidh rannpháirtíochta i ngníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú.

CUR CHUN FEIDHME

Tosaíodh ar an gclár a chur chun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus seoladh i mí an Mheithimh 2019 é. Chistigh Coiste Lú um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga an tionscadal tríd an gClár Éire Shláintiúil. Ba iad na comhpháirtithe faoin gclár ná Comhairle Contae Lú, Comhpháirtíocht LEADER Lú, Little Road Productions agus Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias. Rinne an tOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal laistigh de Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú na nithe seo a leanas;

- Teagmháil a dhéanamh le gach ceann de na 76 bhunscoil i Lú chun figiúirí cruinne a fháil ar an líon iomlán leanaí i ngach scoil.
- Sraith cluichí sráide cailce a thiomsú lena gcuimsiú sa phaca acmhainn
- 40,000 maide cailce, 18,000 tiúb bhrandáilte agus 18,000 bileog acmhainne a ordú, ar nithe iad a chuir baill foirne in Aonad Spóirt Chomhairle Contae Lú agus oibríthe deonacha le chéile ansin.
- 17,659 bpaca acmhainne a chur ina mboscaí agus iad a sheachadadh chuig gach scoil i Lú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar Little Road Productions le linn dó forbairt a dhéanamh ar fhíseáin teagaisc ina mínítear conas is féidir gach cluiche a imirt, agus na físeáin sin a uaslódáil ar ár n-ardán ar YouTube ansin.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is é an chéad chéim eile ná tionscnamh a chruthú le haghaidh Sheachtain na Scoileanna Gníomhacha gach bliain ar mhaithe leis an gclár saorshúgartha cailce a thabhairt isteach an athuair i ngach bunscoil. Tá na físeáin cailce ar fáil do gach duine ar chainéal na Comhpháirtíochta ar YouTube. Sa bhliain 2020, cuireadh an clár ar an ngearrliosta le haghaidh 'Gradam Pobail agus Comhairle Uile-Éireann Chumann Chomhaltai na nÚdarás Áitiúil' faoin gcatagóir 'An Tionscnamh Sláinte Pobail is Fearr'. Tá an Chomhpháirtíocht i dteagmháil le heagraithe Churiarrachtaí Domhanda Guinness freisin maidir le hiarracht a dhéanamh an churiarracht dhomhanda a shárú don 'líon is mó leanaí a ghlac páirt i gcluichí gníomhaíochtaí fisiciúla i roinnt láithreacha'. Táimid ag déanamh breithniú ar iarratas a dhéanamh ina leith sin.

TORTHAÍ

- Fuair 17,659 leanbh an acmhainn saorshúgartha cailce.
- Sheachaid an Chomhpháirtíocht na hacmhainní chuig 76 bhunscoil.
- Cruthaíodh acmhainn nua ar YouTube do bhunscoileanna agus do thuismitheoirí.
- Cruthaíodh feachtas fógraíochta trí fhíseán mearscapthe a bhí ceaptha chun feachtas a mhéadú ar a thábhachtaí atá sé an t-am a chaitheann leanaí ar ghléasanna leictreonacha a laghdú.
- Bhí fianaise ann gur tháinig feabhas ar scileanna sóisialta na leanaí trína dteagmháil le leanaí eile ina n-eastát, ina limistéar áitiúil agus ina scoil.

"Clár an-taitneamhach"

Ms Hargadon, Uas., Múinteoir rang na naíonán, Scoil Náisiúnta Thigh Beannáin

"Tionscnamh den scoth de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Lú, a spreag samhlaíocht na leanaí."

Joan O' Hanlon, Príomhoide, Scoil Náisiúnta Pháirc an Reithin



Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo Campa Uathachais Mhaigh Eo



FORBHREATHNÚ

D'fhéach Campa Uathachais Mhaigh Eo le deis a thabhairt do leanaí a bhfuil Uathachas orthu páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil.



AIDHMEANNA

Ceann de na príomhaidhmeanna a bhí leis an tionscadal ba ea oiliúint agus oideachas a chur ar dhaoine óga maidir leis an spórt do dhaoine a bhfuil Uathachas orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas ionas gur féidir leo tacú le leanaí agus déagóirí gabháil do chineálacha difriúla spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu in ann teacht ar na tairbhí a ghabhann le páirt a ghlacadh sa spórt agus i gcluichí gníomhaíochta fisiciúla.

CUR CHUN FEIDHME

I samhradh na bliana 2019, reáchtáil Campa Uathachais Mhaigh Eo an chéad champa riamh in Iarthar na hÉireann a bhí sonrach do leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu. Le cabhair agus le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, bhí an campa in ann freastal ar 70 leanbh thar an dá sheachtain. Thaisitil teaghligh ó gach cuid den chontae agus ó chontaetha comharsanacha chun páirt a ghlacadh ann. Mar gheall ar an éileamh, áfach, ní bhfuair gach duine áit sa chéad champa.

Rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar bhreis agus 50 duine d'oibríthe deonacha. Thug na daoine sin a gcuid ama suas chun tacaíocht a thabhairt do na leanaí ag an gcampa. Rinne daoine óga sa phobal a gcuid féin freisin. Ba mhór ag teaghligh na rannpháirtithe an leibhéal tacaíochta agus cineáltais a thaispeáin na daoine uile a bhí i láthair dóibh agus dá leanaí.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Campaí a reáchtáil le linn na saoire agus páirt a ghlacadh in imeachtaí eile a chuirtear ar siúl le linn na bliana chun cuimsiú agus rannpháirtíocht gach grúpa den tsochaí a spreagadh, e.g. an tseachtain um chuimsiú sóisialta, parkrun, 'Sensory Santa' na nGasóg agus grúpaí eile a óstáilann gníomhaíochtaí cuimsitheacha.

TORTHAÍ

Rinne Campa Uathachais Mhaigh Eo an chéad champa riamh in Iarthar na hÉireann atá sonrach don Uathachas a bhunú agus a reáchtáil le tacaíocht agus le treoir ó Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus ó Chlub Peile Mhaigh Nulla. D'éirigh go geal leis an gcampa agus cumhdáíodh go mór sna meáin é, idir Raidió an Mheáinairthair, Raidió Pobail Chaisleán an Bharraigh agus na páipéir uile in Iarthar na hÉireann. Tarraingíodh aird ar na deacrachtaí a bhíonn ag teaghligh a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais ar a leanaí, agus tuiscint á gnóthú ag a lán daoine ar na deacrachtaí lena ndéileáilann daoine agus leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu gach lá agus ar an ngá le tacaíocht ollmhór a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí is simplí. Tarraingíodh aird freisin ar an raon riachtanas a bhíonn ag na daoine sin agus ar a thábhachtaí atá sé glacadh leis na dúshláin a bhíonn le sárú acu agus tacaíocht a thabhairt dóibh iad a shárú. Rud ba thábhachtaí fós, bhí an campa mar fhianaise ar an bpobal altrúioch ollmhór atá againn san Iarthar. Cé go ndeirtear go minic go dteastaíonn cúnaimh ón sráidbhaile ar fad chun leanbh a thógáil, is amhlaidh go dteastaíonn pobal tacúil chun gach leanbh a chuimsiú ann. A luaithe a chuala siad faoin gcampa, rinne daoine agus gnólachtaí a seacht ndícheall cabhair a thabhairt, idir thrácht a rialú agus bhí a eagrú do na hoibríthe deonacha. Bhí ról ag an tSeirbhís Dóiteáin, ag an nGarda Síochána agus ag Ord Mhálta sa champa freisin agus chuaigh siad i dteagmháil leis na leanaí lena linn. Fuaireamar cistiú freisin chun oiliúint agus oideachas a chur ar dhaoine idir 16-25 bliana d'aois inár bpobal maidir leis an spórt do dhaoine a bhfuil Uathachas orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá oiliúint sa spórt do dhaoine a bhfuil Uathachas orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas á heagrú againn faoi láthair trí Ionad CARA. Cabhróidh sé sin le club spóirt a bhunú ag an deireadh seachtaine agus le leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu agus leanaí faoi mhíchumas a chuimsiú tuilleadh sa spórt. Trí oiliúint a chur ar an nglúin óg maidir leis an spórt do dhaoine a bhfuil Uathachas orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas, beidh na daoine óga oile sin in ann cabhrú le daoine a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu teacht ar na tairbhí éagsúla a ghabhann le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhísiciúil. Chomh maith leis sin, aithníodh i nGradaim Phearsana Mhaigh Eo na Bliana an rath a bhí ar an gcampa agus an tionchar a bhí aige ar dhaoine a bhfuil neamhord ar speictream an Uathachais orthu agus ar an bpobal i gcoitinne. Bhíomar i measc na ngrúpaí a fuair gradam pobail. Ba mhór an onóir dúinn an gradam sin a fháil agus bhain sé gus asainn mar gheall ar chaighdeán na rannpháirtithe eile. D'éirigh go geal leis an gcampa agus léirigh sé go bhfuil bearna ann do champaí dá chineál.

70 An líon daoine a ghlac páirt i gCampa Uathachais Mhaigh Eo

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí Cluichí ar an bhFaiche



FORBHREATHNÚ

Imeacht a reáchtáil atá dírithe ar limistéar cuimsitheach saorshúgartha a chruthú chun go bhféadfadh daoine triail a bhaint as spóirt roghnaithe lasmuigh de thimpeallacht iomaíoch.



AIDHMEANNA

- Ba é príomhaidhm an chláir seo ná úsáid na bhfaichí áitiúla don spóirt agus do ghníomhaíochtaí fisiciúla eile a chur chun cinn.
- Feasacht a mhéadú ar Mhoil Spóirt Phobail na Mí sa limistéar áitiúil
- Spéis a ghiniúint sna spóirt ar cuid den chláir iad (Rugbaí agus Cruicéad)

CUR CHUN FEIDHME

Thosaigh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí ar phleanáil agus cinneadh a dhéanamh ar na láithreacha is fearr do na himeachtaí ar an Uaimh. Ba ghá rochtain áitiúil éasca a bheith ann sna láithreacha ionas go bhféadfaí rannpháirtíocht a spreagadh agus ba ghá spás leordhóthanach a bheith iontu do na gníomhaíochtaí beartaithe. Rinne an Chomhpháirtíocht cinneadh ar na trí limistéar is fearr agus ba iad na limistéar a roghnaíodh ná Claremont, Baile na Gaoithe agus Baile Sheáin. Cinneadh na láithreacha a leathadh ar fud na hUaimhe ar mhaithe le rannpháirtíocht áitiúil a spreagadh. Ba iad seo a leanas na láithreacha a roghnaíodh:

- Claremont - páirc/faiche thraenála Chlub Peile Parkvilla
- Baile na Gaoithe - Páirc na hAbhann Duibhe
- Baile Sheáin - Faiche chónaithe Bailis Downs

Ba é an chéad chéim eile sa chlár ná cead a iarraidh na saoráidí sin a úsáid dár n-imeacht. Chuathas i dteagmháil le Cumann Cónaitheoirí Bailis Downs agus le Club Peile Parkvilla agus thug siad cead dúinn a bhfaichí a úsáid. Bhíomar in ann tosú ar na seisiúin a phleanáil ansin.

Bhí ról ag cóitseálaithe pobail sna seisiúin a reáchtáil agus tugadh cuireadh do chóitseálaithe Comhlachta Rialaithe Náisiúnta ó Rugbaí Laighean agus ó Chruicéad Laighean páirt a ghlacadh iontu. Mhair gach imeacht uair go leith an chloig agus roinneadh na rannpháirtithe ina n-aoisghrúpaí difriúla. Roinneadh na haoisghrúpaí ina dtrí ghrúpa ansin – leanaí idir 4 bliana d’aois agus 8 mbliana d’aois, leanaí idir 9 mbliana d’aois agus 12 bhliain d’aois agus leanaí os cionn 12 bhliain d’aois – ionas go mbeadh sé níos éasca an t-imeacht agus na rannpháirtithe a bhainistiú. Tar éis réamhaclaíocht ghearr a dhéanamh, seoladh gach aoisghrúpa chuig ceann amháin de na stáisiúin: rugbaí leaiste, cruicéad nó bungluaiseachtaí. D’fhan siad leis an spórt sin ar feadh tríocha nóiméad sular bhog siad ar aghaidh chuig an gcéad stáisiún eile. Rinneadh amhlaidh ionas go bhfaigheadh na leanaí comhdheiseanna chun gach ceann de na spóirt a imirt. Cuireadh an t-imeacht chun cinn ar na meáin shóisialta agus ar fud na hUaimhe chun go mbeadh an oiread daoine agus ab fhéidir ar an eolas faoi

" Is smaoineamh iontach é agus tugann sé gach duine amach as an teach"
 " Thaitin an cruicéad go mór liom"
 " Chonaic mé póstaer don imeacht i ngach áit"

TORTHAÍ

- Ghlac 91 duine san iomlán páirt san imeacht – 50 cailín agus 41 bhuachaill.
- Tá rannpháirtithe nár chuala faoin Mol Spóirt Phobail roimhe sin ar an eolas faoi anois agus chuaigh siad isteach i gcláir ansin chun bheith níos gníomhaí.
- Chuathas i bhfeidhm ar 5,032 dhuine ar na meáin shóisialta tríd an bhfógraíocht agus trí na postálacha a rinneadh roimh an imeacht agus ina dhiaidh, rud a mhéadaigh feasacht ar an mol spóirt phobail sa limistéar áitiúil.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is é an chéad chéim eile don imeacht ná é a reáchtáil arís amach anseo agus féachaint le leas a bhaint as cóitseálaithe ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta eile agus ó spóirt eile ar mhaithe le spéis a ghiniúint i dtuilleadh spóirt i limistéar na hUaimhe. Más féidir déanamh amhlaidh, féachfar ar limistéir ghlasa eile a úsáid ar mhaithe le rannpháirtithe nua a mhealladh.

Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin

An Clár Forbartha Clubanna Spóirt



FORBHREATHNÚ

Mar chuid den tiomantas atá ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin do chlubanna spóirt a fhorbairt sa Chontae, tá scéim tacaíochta deontas i bhfeidhm aici lena gceanglaítear ar iarratasóirí plean forbartha a chur isteach le haghaidh rátaí rannpháirtíochta laistigh den chlub a mhéadú.



AIDHMEANNA

- Tacú le clubanna seanbhunaithe spóirt agus iad ag iarraidh gníomhaíocht inbhuanaithe spóirt a sholáthar sa phobal
- Fás a spreagadh i mballraíocht clubanna spóirt
- Deis a thabhairt do chlubanna spóirt forbairt a dhéanamh ar thacar scileanna a gcuid oibríthe deonacha
- Gníomhaíochtaí clubanna a leathnú chun daoine ó ghrúpaí mionlaigh a chuimsiú

CUR CHUN FEIDHME

Thug Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin tacaíocht do Chlub Preabghleacaíochta na Teorann trína clár deontas sa bhliain 2015 ar dtús ar mhaithe leis an gclub a chumasú plean a chur le chéile le haghaidh rannpháirtíochta a athbhreithniú agus a mhéadú. Féachadh sa phlean ar na réimsí uile laistigh den chlub a bhféadfaí feabhas a chur orthu – lena áiríodh gníomhaíochtaí agus saoráidí club a sholáthar, cur le feasacht an phobail áitiúil ar an gclub, rannpháirtithe nua a earcú, oibríthe deonacha a uasoiliúint agus soláthar gníomhaíochtaí an chlub a éagsúlú. Tríd an bplean, bhí an club in ann féachaint go machnamhach ar a fheidhm agus ar a ghníomhaíochtaí. Cé go raibh sé mar aidhm aige a bhonn ballraíochta a fhás, gné shuntasach den phlean ba ea gníomhaíocht a thabhairt isteach do leanaí faoi mhíchumas. Ó shin i leith, tháinig méadú ar an líon leanaí faoi mhíchumas a fhreastalaíonn ar an gclub agus chuaigh roinnt leanaí faoi mhíchumas ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht príomhshrutha an chlub. Ainmníodh an club le haghaidh dámhachtain Cuimsithe ó Ionad CARA sa bhliain 2017 mar gheall ar a chuid oibre ina leith sin.

Mhéadaigh ballraíocht an chlub ó 52 dhuine sa bhliain 2015 go 200 duine – an líon is airde riamh – sa bhliain 2018. D’fhan an figiúr sin cobhsaí sa bhliain 2019. Mar thoradh ar an gcur chuige réamhghníomhach a ghlac an club agus ar an tacaíocht a fuair sé ón gComhpháirtíocht Spóirt, lean an club le gníomhaíocht a sholáthar do líon mór leanaí agus chuir sé a chlár gníomhaíochta in oiriúint chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus leanaí ó ghrúpaí imirceach a chinntiú.

CUR CHUN FEIDHME

- Méadaigh ballraíocht fhoriomlán an chlub ó 52 leanbh (sa bhliain 2015) go 200 leanbh sa bhliain 2019. B’ionann é sin agus méadú 280%.
- D’fhorbair an club rannóg do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus do leanaí faoi mhíchumas agus chuir roinnt cóitseálaithe ón gclub Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas agus an clár GYMable i gcrích trí Ghleacaíocht Éireann.
- Shainnigh an club an gá le saintreamh a bheith aige chun a chinntiú go dtabharfaí do leanaí faoi mhíchumas an deis is fearr chun páirt a ghlacadh ina chuid gníomhaíochtaí.
- Tá fianaise starógach ann ar fheabhsuithe ar leibhéil lúfaireachta, chothromaíochta agus chomhordaithe i measc roinnt leanaí ar a bhfuil riochtaí sonracha a chuireann teorainn leis an luaineacht.
- Is láidre i bhfad an club anois ná i dtús an chláir agus chuir sé borradh faoina chuid gníomhaíochtaí ar mhaithe le daoine ó ghrúpaí mionlaigh a chomhtháthú isteach iontu.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Mar gheall ar an méadú ar rannpháirtíocht i measc leanaí faoi mhíchumas, rinne Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin, i gcomhpháirt le Club Preabghleacaíochta na Teorann, iarratas ar Thacaíocht Caipitil faoin gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt trí Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2019 le haghaidh trealamh a shuiteáil lena dtugtar rochtain níos fearr do leanaí faoi mhíchumas ar an nGleacaíocht. D’éirigh leis an iarratas sin agus cheannaigh an club stoc trealamh inrochtana sa bhreis chun go leanfadh sé le bheith cuimsitheach sa todhchaí.

Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí Cóitseáil Pobail do Mhná Óga



FORBHREATHNÚ

Mar chuid den fheachtas 20x20 um mná sa spórt a chur chun cinn, rud a sheol Cónaidhm Spóirt na hÉireann sa bhliain 2018, ghabh Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí uirthi féin rannpháirtíocht na mban a mhéadú go gníomhach ar leibhéal imreora, cóitseálaí, réiteora, oibrí dheonaigh agus riaracháin faoi 20% ar an meán faoin mbliain 2020. D'eagraigh an Chomhpháirtíocht raon gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfeachtas sin sa bhliain 2019, lena áiríodh an clár cóitseála pobail do mhná óga idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois.



AIDHMEANNA

- Mná óga a chumasú gabháil don chóitseáil, don réiteoireacht, d'obair dheonach agus d'obair riaracháin i spórt roghnaithe.
- Rannpháirtíocht na mban a mhéadú sa chóitseáil, sa réiteoireacht, in obair dheonach agus in obair riaracháin.

CUR CHUN FEIDHME

- Comhordaitheoir cóitseála pobail a earcú
- Rannpháirtithe a earcú
- An clár a fhorbairt
- An clár a sholáthar
- Deiseanna taithí oibre a thabhairt do rannpháirtithe

TORTHAÍ

- Ghlac 17 mbean óga idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois páirt sa chlár.
- Chomhordaigh Ailsa Hughes, imreoir ar Fhoireann Rugbaí Ban na hÉireann, an clár.
- Bhí an clár ar siúl thar 20 lá (an Luan go dtí an Déardaoin gach seachtain) ó 10am go 3pm idir an 10 Meitheamh agus an 11 Iúil.
- Ghnóthaigh gach rannpháirtí rathúil cáilíochtaí cóitseála i ndeich ndisciplín spóirt ar a laghad agus tháinig siad le chéile le haghaidh oíche bronnta teastas i mí Mheán Fómhair.

"Thug an cúrsa fíorléargas dom ar shaol na cóitseála agus ar a bhfuil i gceist leis an gcóitseáil. Cé go raibh spéis agam sa chóitseáil i gcónaí, thug an cúrsa deis dom na scileanna agus na cáilíochtaí riachtanacha a ghnóthú chun í a dhéanamh. Bhain mé an-taitneamh as agus bhí deis agam foghlaim faoina lán spórt éagsúil lena linn. Ghnóthaigh mé tuilleadh muiníne ar fud an chúrsa. Mholfainn go hard é."

Rannpháirtí sa chúrsa

"Shíl mé go raibh inneachar an chúrsa an-idirghníomhach agus sothuigthe. Bhí sé an-fhaisnéiseach agus bhí na daoine uile a tugadh isteach ann an-ghairmiúil. Thaitin na ceithre seachtaine go mór liom agus d'éirigh mé mór le roinnt daoine."

Rannpháirtí sa chúrsa



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuirtear rannpháirtithe sa chlár ar an eolas faoi chúrsaí traenála agus deiseanna taithí oibre eile de réir mar a thagann siad chun cinn laistigh de Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí.

Tá an chéad Chlár eile um Obair Dheonach sa Phobal do mhná óga idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois le hóstáil sa bhliain 2020.

Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin

Clár Meantóireachta Gluaiseachta agus Inspreagtha na bhFear



FORBHREATHNÚ

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin i gcomhpháirt le Cumann Bhotháin na bhFear, Bealach an Doirín, chun clár babhtáí gníomhaíochta fisiciúla agus ceardlanna chur chun cinn na sláinte a sholáthar ar feadh tréimhse sé seachtaine d'fhir atá 35 bliana d'aois nó níos sine agus a chónaíonn i limistéar tuaithe Ros Comáin. Bhí an clár spriocdhírthe ar na fir is mó faoi mhíbhuntáiste agus ar fhir a bhí thíos le leithlisiú tuaithe. Tá sé doiligh dul i bhfeidhm ar fhir den sórt sin le fada an lá agus bhí éagothroime sláinte le brath ina measc.



AIDHMEANNA

- Gníomhaíocht fhisiciúil agus babhtáí traenála atá curtha in oiriúint d'fhir os cionn 35 bliana d'aois a sholáthar ar mhaithe le dea-shláinte a chur chun cinn.
- Líonraí trasearnála agus comhpháirtíochta a éascú lena gcuirtear dea-shláinte agus folláine chun cinn agus lena méadaítear gaolmhaireacht shóisialta.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar Réimse Gníomhaíochta a Sé – 'Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil sa Phobal' – atá sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn. Díriú ar uimhir thagartha 44, is é sin: 'cláir rannpháirtíochta atá dírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste a chur chun feidhme agus tacaíocht a thabhairt do na cláir sin'.

CUR CHUN FEIDHME

- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin cistiú faoin gClár Éire Shláintiúil.
- Ba iad Damien Martin, Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal laistigh den Chomhpháirtíocht, agus Laura Tully, an Meantóir Gluaiseachta agus Inspreagtha, a chomhordaigh an clár.
- Earcaíodh rannpháirtithe trí ardaín éagsúla mheán sóisialta.
- Soláthraíodh clár sé seachtaine ar an Máirt ó 7pm-9pm, áit ar reáchtáladh ceardlanna chur chun cinn na sláinte le linn na chéad uaire agus ar cuireadh sainphlean gníomhaíochta fisiciúla i bhfeidhm le linn an dara huair.
- Eagraíodh mórimeacht ar sheachtain 7 chun féachaint siar ar na héachtaí a baineadh amach agus chun teastais a bhronnadh, agus gníomhaireachtaí áitiúla ábhartha i láthair chun amharc ar thorthaí an chláir.
- Ba iad comhpháirtithe an chláir ná Cumann Bhotháin na bhFear, Foras Croí na hÉireann, Meabhairshláinte Éireann, Diaibéiteas Éireann agus Fondúireacht Marie Keating.
- Áiríodh iad seo a leanas leis na topaicí a pléadh sna ceardlanna:
 - Gníomhaíocht Fhisiciúil ar son na Sláinte agus Bia Sláintiúil - Méideanna Sciar agus Lipéid Bhia a Thuiscint
 - Feasacht ar Shiúcra - Diaibéiteas
 - Sláinte an Chroí - Brú Fola, Nithe a bhaineann le Sláinte na bhFear agus Meabhairshláinte na bhFear a Thuiscint
 - Suáilc agus Duáilc - Alcól/Tobac/An Baol Ailse a Laghdú

"Nuair a bhuaílim leis na leaideanna, ní bhíonn aon duine ag iarraidh drochscéala a insint. Tosaimid ag siúl agus téann an comhrá ar aghaidh. Labhraímid faoi nithe eile agus tugaimid faoiseamh dúinn féin ón imní agus ón diúltachas"

Meánleibhéil gníomhaíochta:
3 lá in aghaidh na seachtaine roimh an gclár go 5.5 lá in aghaidh na seachtaine tar éis an chláir

Meán-am a tógadh chun 1 km a shiúl:
10 nóiméad 10 soicind roimh an gclár go 7 nóiméad 4 soicind tar éis an chláir

TORTHAÍ

- Tháinig feabhsuithe suntasacha ar mheáchan, ar innéacs corpmhaise, ar imlíne an bhoilg, ar chorpacmhainn chardashoithíoch agus ar neart i measc an ghrúpa faoi dheireadh an chláir shé seachtaine mheantóireachta gluaiseachta agus inspreagtha. Thuairiscigh na rannpháirtithe uile mórghraistint folláine mar thoradh ar pháirt a ghlacadh sa chlár.
- Bhí méadú suntasach ann ar fheidhmíocht ó shuí go seasamh. Ba é an meánscór ag an mbonnlíne ná 22 athdhéanamh. Méadaigh sé sin go meánscór 31 athdhéanamh sna tástálacha a rinneadh tar éis na hidirghabhála.
- Is é príomhthoradh an chláir ná an rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht fhisiciúil tar éis an chláir. Chláraigh na rannpháirtithe i gCumann Bhotháin na bhFear a ngrúpa leis an tionscnamh 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' agus leanann siad le dul amach ag siúl ag 7pm ar an Máirt.
- D'éirigh na fir ina n-eiseamláirí dá bpobal agus chuaigh roinnt ball nua isteach ina ngrúpa siúil ó dheireadh an chláir amach.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Leanúint le dul i dteagmháil leis na rannpháirtithe agus le tacaíocht a thabhairt dóibh.
- Faisnéis a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí, na himeachtaí agus na cláir áitiúla atá ar fáil do na rannpháirtithe, e.g. Operation Transformation, Clár Shiúil, Clár Chomhpháirtíochta Áineasa agus Spóirt, etc.
- Tá siúl ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Ros Comáin an clár a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2020 bunaithe ar an aiseolas ó rannpháirtithe.
- Tugadh an clár isteach i láithreacha eile i Ros Comáin cheana féin.

Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh

Tionscnamh 'Try a Tri' na mBan



FORBHREATHNÚ

Dul i ngleic leis an mbearna idir na hinscní maidir le rannpháirtíocht i dTrí-atlain trí thionscnamh 'Try a Tri' a bhí spriocdhírthe ar mhna a réachtáil.



AIDHMEANNA

- Rannpháirtíocht ghníomhach na mban i dTrí-atlain a chur chun cinn i dtimpeallacht chairdiúil, fháilteach agus neamhiomaíoch.
- Clár traenála i dtrí dhisciplín (Snámh, Rothaíocht agus Rith) a sholáthar dhá uair in aghaidh na seachtaine ar feadh 6 seachtaine do 44 bhean nach ndearna Trí-atlan riamh agus imeacht 'Try a Tri' na mBan a réachtáil ag an deireadh.
- Cur leis an gcumas atá ag an gclub chun tionscnamh 'Try a Tri' na mBan a éascú agus tuilleadh ban a spreagadh dul isteach sa chlub.

CUR CHUN FEIDHME

- Glacadh cur chuige comhpháirtíochta i leith an tsamhail a sholáthar, rud a raibh Club Trí-atlain Shligigh, Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh agus Trí-atlan Éireann i gceist leis
- Cuireadh Comhaontú Comhpháirtíochta i bhfeidhm idir an Chomhpháirtíocht agus Club Trí-atlain Shligigh, agus ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire á sainaitheann ann ionas go bhféadfaí clár ardchaighdeán a sholáthar
- Cuireadh an clár chun cinn, ar lena linn a spriocdhíríodh ar mhna neamhghníomhacha nach ndearna Trí-atlan riamh
- D'éascaigh an club oíche 'Tús Eolais ar Thrí-atlain' do na rannpháirtithe uile. Gné léarnach den oíche sin ba ea gur bhuail gach rannpháirtí lena meantóir sa chlub, duine a thug spreagadh agus tacaíocht don bhean ar a haistear ar fad
- Rinne cóitseálaithe cáilithe ón gclub clár traenála ó seachtaine a sholáthar i dtrí dhisciplín an Trí-atlain, is iad sin: Snámh, Rothaíocht agus Rith
- Réachtáladh ceardlanna maidir le trasdulta, maidir le cothú agus maidir leis an aireachas ar fud an chláir
- Eagraíodh imeacht 'Try a Tri' na mBan ag deireadh an chláir, a bhí ar an mbuaicphointe do gach bean a bhí páirteach
- Cuireadh chun cinn conair i dtreo dul isteach sa chlub
- Riaradh Tomhas Míre Aonair Spóirt Éireann ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar an gclár.

"Bhí sé ina eispéreas dearfach tábhachtach dúinn go léir mar gheall ar an dea-thionchar a bhí aige ar a lán ban, go háirithe iad sin a sháraigh bacainní mothúchánacha, fisiciúla agus meabhrach."

Cóitseálaí ón gClub

"Mar dhuine a bhí an-ghníomhach san am atá thart, chaill mé an grá a bhí agam don spóirt agus d'aclaíocht. Tríd an gclár seo, áfach, chonaic mé an méid taitnimh a bhainim as aclaíocht a dhéanamh agus as scileanna nua a fhoghlaim. Tháinig feabhas ar mo chorpacmhainn freisin."

Rannpháirtí sa chláir

"Bhí tionchar rídhearfach ag an gclár seo ar mo mheabhairshláinte. Níl aon amhras ann ach go bhfuil sé ar cheann de na cláir is fearr a ghlac mé páirt iontu riamh."

Rannpháirtí sa chláir

TORTHAÍ

Rannpháirtíocht:

- Chláraigh 44 bhean don chláir sa bhliain 2019, agus 41 bhean ag críochnú an imeachta 'Try a Tri'
- Tá an clár ar bun le 9 mbliana anuas, agus 396 bhean ag glacadh páirt i dTrí-atlan lena linn
- Déantar an líon rannpháirtithe sa chláir a theorannú go 44 dhuine. Bíonn ró-éileamh ann ar an gclár gach bliain agus tá liosta feithimh i bhfeidhm
- Tháinig méadú ar mhúinín i measc na rannpháirtithe agus ar a mbraistint folláine
- Tháinig méadú ar bhallaíocht – is mó an líon ban ná an líon fear sa chlub anois
- Mar gheall ar an rath a bhí ar an tionscnamh, chuir an club tús le tionscnamh 'Try a Tri' na bhFear sa bhliain 2014, atá spriocdhírthe ar fhir neamhghníomhacha os cionn 35 bliana d'aois.

Cumas an Chlub a Fhorbairt:

- Cuireadh leis an gcumas atá ag an gclub chun clár ardchaighdeán a sholáthar
- Tháinig méadú ar rannpháirtíocht na mban ar choiste an chlub agus tugadh Oifigeach na mBan isteach
- Fuarthas tacaíocht ó Thrí-atlan Éireann agus d'aithin an feachtas 20x20 an t-imeacht sa bhliain 2019
- Bhronn Trí-atlan Éireann gradam Oibrí Deonach na Bliana 2020 ar Kate Hawney, Oifigeach na mBan.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Comóradh 10 mbliana an imeachta a cheiliúradh sa bhliain 2020
- Feasacht a mhéadú ar an tionscnamh le tacaíocht ón bhfeachtas 20x20
- An clár a dhéanamh ina imeacht féinchothabhálach ar fhéilire imeachtaí an chlub.



FORBHREATHNÚ

Cuireadh 'Spreagtha@Átha Cliath Theas – Féile Sláinte agus Folláine' ar bun chun spreagadh a thabhairt do dhaoine bheith níos gníomhaí trína n-aird a tharraingt ar an líon mór acmhainní atá ar fáil dóibh laistigh de Chontae Átha Cliath Theas. Bhí an t-imeacht dírithe ar dhaoine de gach aois agus cumas chun iad a chumasú stíl mhaireachtála shláintiúil a shaothrú tríd an spórt agus trí ghníomhaíocht fhisiciúil. Bhí na ticéid don imeacht ar fáil saor in aisce agus tógadh áirithintí tríd an suíomh Gréasáin inspiredsouthdublin.ie. Tháinig an smaoineamh as tionscnamh eile a thosaigh an Chomhpháirtíocht i mí Iúil 2019, rud ar ar tugadh 'Aclaíocht/lóga sa Pháirc'. Réachtáladh an t-imeacht faoi thrí théama ar leith – Spreag Sinn, Spórt Spreagtha agus Folláine Spreagtha – agus bhí sé lán le gníomhaíochtaí do dhaoine de gach aois agus cumas.



AIDHMEANNA

- Na spóirt agus na gníomhaíochtaí fhisiciúla atá ar fáil laistigh de Chontae Átha Cliath Theas a chur chun cinn
- Spreagadh a thabhairt do dhaoine de gach aois agus cumas triail a bhaint as spórt nó gníomhaíocht fhisiciúil nua.
- Aird a tharraingt ar na bealaí ina dtéann an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil chun tairbhe do shaol agus folláine mheabhrach an duine trí chainteanna ó lúthchleasaithe gairmiúla, ó shaineolaithe cothúcháin agus ó dhaoine a fuair toradh dearfach as rannpháirtíocht.
- Lá beoga spraiúil a chruthú do dhaoine de gach aois agus cumas ionas go bhféadfadh siad an chéad chéim a thógáil i dtreo saol níos gníomhaí.
- Deis a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla, do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus d'eagraíochtaí pobail a dtairiscint laistigh de Chontae Átha Cliath Theas a thaispeáint.

CUR CHUN FEIDHME

Ba é an chéad rud a bhí le déanamh ná iarratas a chur isteach ar chistiú ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoina sraith cistiúcháin do Sheachtain na Sláinte agus na Folláine 2019 agus ó Dublin's Outdoors, a phléann leis an turasóireacht i gContae Átha Cliath Theas. Tar éis di an cistiú sin a áirithiú, bhí seacht seachtaine ag an gComhpháirtíocht chun an t-imeacht a chruthú.

- Ba ghá branda/lógó a dhearadh don imeacht agus ba é 'Spreagtha@Átha Cliath Theas – Féile Sláinte agus Folláine' an toradh a bhí ar an obair sin.
- Tar éis plean bainistíochta tionscadail a cheapadh don imeacht, ba ghá gach rud a chur in áirithe agus a dheimhniú laistigh de thrí seachtaine ionas go bhféadfaí preaseisiúint a ullmhú agus an t-imeacht a chur chun cinn.
- Cruthaíodh an suíomh Gréasáin www.inspiredsouthdublin.ie
- Cuireadh lúthchleasaithe, gnólachtaí áitiúla, grúpaí pobail agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta in áirithe.
- Cuireadh ardán/saoráidí fuaimne, leithris, bacainní slándála, slándáil, dioltóirí bia, garchabhróirí agus maoir dhóiteáin in áirithe.
- Cruthaíodh ábhar cur chun cinn agus fógraíodh an t-imeacht.
- Toisc nach raibh ach ceathrar ball foirne ag an gComhpháirtíocht, tugadh 65 oibrí dheonacha ó chlubanna agus eagraíochtaí áitiúla isteach chun cabhair a thabhairt ar an lá.
- Dréachtaíodh plean mionsonraithe don imeacht.

TORTHAÍ

Bhí beagnach 3,000 duine i láthair ar an lá. Chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas in iúl go raibh an t-imeacht ar cheann de na príomhimeachtaí dá cuid sa bhliain 2019 agus tá sé mar aidhm aici an t-imeacht a fhás an bhliain seo chugainn, agus é le cur ar siúl i mí Mheán Fómhair 2020. Lá spreagthach spraiúil a bhí ann, ar lena linn a bhí deis ag an gComhpháirtíocht a thaispeáint cé na spóirt agus na gníomhaíochtaí fhisiciúla atá ar fáil do chách, beag beann ar aois agus ar chumas. Thug sé sin sárdeis do gach duine triail a bhaint as spórt nó gníomhaíocht fhisiciúil nua agus éisteacht le lúthchleasaithe mór le rá agus le príomhghairmithe maidir leis an spórt, leis an gcothú agus leis an aireachas. Bunaithe ar an tionchar dearfach is féidir leis an mbranda nua a imirt ar an bpobal, chruthaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas Dúshlán Gníomhaíochta Fhisiciúla don chontae ar fad faoin mbranda 'Spreagtha@Átha Cliath Theas'.



30
an líon
gnólachtaí
áitiúla

4
an líon
eagraíochtaí
pobail

3,000
an líon
rannpháirtithe

15
an líon Comhlachtaí
Rialaithe Náisiúnta

8
an líon
lúthchleasaithe
gairmiúla



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is iad na chéad chéimeanna eile don tionscnamh seo ná leanúint leis an mbranda 'Spreagtha@Átha Cliath Theas' a fhás, agus tabharfar 'Spreagtha@Átha Cliath Theas – Aclaíocht/lóga sa Pháirc' ar an imeacht 'Aclaíocht/lóga sa Pháirc' as seo amach.

Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann

Slí Nádúr – Treoirchlár Foghlama Amuigh faoin Spéir



FORBHREATHNÚ



Tá an tionscadal seo mar chuid den Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha atá ar bun ag Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann. Is é an cuspóir foriomlán atá leis tús eolais a thabhairt do dhaoine óga ar ghníomhaíocht fhisiciúil agus ar eachtraíocht amuigh faoin spéir ina suíomh uirbeach áitiúil agus pobal Chluain Meala a chur i dteagmháil an athuair leis an saol amuigh faoin spéir.

AIDHMEANNA



- Litearthacht Fhisiciúil a chur chun cinn trí chlár a thairiscint lena soláthraítear deiseanna saibhre éagsúla chun dul i mbun bughluaiseachta agus Gníomhaíocht Fhisiciúil, lena méadaítear Corpacmhainn agus lena gcothaítear muinín, inspreagadh, féinfheasacht agus tuiscint
- Foghlaim traschuraclaim amuigh faoin spéir a chur chun cinn i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí agus iad a chur i dteagmháil leis an dúlra mar bhuntimpeallacht shaibhir foghlama
- Cothú a dhéanamh ar an mbraistint folláine agus muintearais a thagann as an áit atá againn sa dúlra a aithint

CUR CHUN FEIDHME

- Trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, fuarthas cistiú ó Spórt Éireann faoin Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha
- Ba iad Wildplaces agus ball foirne amháin ó Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann a dhear an clár ó seachtaine. Bhí an clár deartha chun gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn i spásanna nádúrtha, chun gné traschuraclaim a bheith aige agus chun curaclaim éiritheach a éascú. Gné lárnach den dearadh ba ea suirbhéireacht a dhéanamh ar spásanna glasa áitiúla lena n-úsáid le haghaidh súgradh séasúrach agus taighde a dhéanamh ar bhéaloideas atá nasctha leis na séasúir agus ar an topagrafaíocht áitiúil agus réigiúnach feadh Ghormbhealach na Siúire i dTiobraid Árann.
- Ceannaíodh buntrealamh amuigh faoin spéir ar mhaithe leis an bhfoghlaim amuigh faoin spéir a chinntiú i ndálaí aimsire na hÉireann
- Tá taithí shuntasach ag Wildplaces agus ag an gComhpháirtíocht ar chlár amuigh faoin spéir a fhorbairt agus a sholáthar agus ar obair a dhéanamh le leanaí i dtimpeallachtaí éagsúla amuigh faoin spéir. Idir an dá chomhlacht, bhí siad cáilithe agus deimhnithe sna réimsí seo a leanas: Foghlaim Amuigh faoin Spéir; Eolaíocht an Chomhshaoil; Scoil na Foraoise; Scileanna Cónaithe san Fhiántas; Foghlaim Nádúrbhunaithe; Rianú Fiadhúlra; Gníomhaíochtaí éagsúla Amuigh faoin Spéir; agus Cúram Éigeandála Iargúlta.
- Rinneadh Seiceálacha Oriúnachta Ionaid agus Measúnuithe Sláinte agus Sábháilteachta/Measúnuithe Riosca ar na tailte scoile agus ar pháirceanna/limistéir áitiúla atá faoi fhad siúil den scoil agus seoladh foirmeacha toilithe agus litreacha chuig tuismitheoirí maidir leis an gclár. Seoladh foirmeacha meastóireachta agus breathnóireachta chuig teagascóirí agus chuig múinteoirí freisin.
- Iarradh léirithe spéise ó gach Bunscoil i limistéar Chluain Meala sa treoirchlár a sheoladh. Chuir 80% de scoileanna spéis in iúl ann. Roghnaíodh dhá scoil ansin agus tionóladh cruinnithe le príomhoidí agus múinteoirí na scoileanna chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a bhí acu maidir leis an gclár a chur chun feidhme agus maidir leis na tairbhí a ghabhann leis.
- Baineann rithábacht le ról a thabhairt do mhúinteoirí sa chlár ó seachtaine agus le tiomantas a bheith acu don chlár, toisc go gcabhraíonn sé sin le caidreamh a fhorbairt agus le snáitheanna curaclaim a nascadh le hobair na scoile.

TORTHAÍ

- Rinneadh meastóireacht ar an Treoirchlár trí thaghdhe cáilíochtúil agus trí bhreathnóireachtaí laistigh den chlár.
- D'éirigh go geal leis an gclár spreagadh a thabhairt do gach foghlaimeoir leas a bhaint go díograiseach agus go nádúrtha as a mBunscoileanna Luailéacha le linn an eispéiris foghlama.
 - Ghlac 45 leambh páirt sa chlár ó seachtaine. D'fhreastail 34 leambh ar bhlas-seisiún aon lae.
 - Thug 100% de na leanaí le fios gur bhreá leo an clár a dhéanamh arís.
 - Chuir na treoirscoileanna spéis in iúl sa chlár a sholáthar ar bhonn níos rialta tar éis an treoirchláir.
 - D'fhorbair na foghlaimeoirí na huirlisí, na scileanna agus an t-inspreagadh a theastaíonn uathu chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí féintreoirithe. Ghnóthaigh siad feasacht agus thaispeáin siad spéis in áiteanna áitiúla a iniúchadh agus a aimsiú.
 - Bhain siad leas as bunscoileanna luailéacha amhail scipeáil, léim, caitheamh agus cothromú.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- An clár a leathnú chuig Bunscoileanna eile sa limistéar.
- Lá Oiliúna Múinteoirí a fhorbairt agus a thairiscint do Mhúinteoirí Bunscoile i limistéar Chluain Meala ionas gur féidir leo an clár a sholáthar agus freagracht a ghlacadh as.
- Measúnú a dhéanamh ar limistéir eile amuigh faoin spéir ar mhaithe le fás an chlár a éascú agus ar mhaithe le tuilleadh scoileanna a chumasú páirt a ghlacadh sa tionscnamh.
- Próiseas meastóireachta níos déine a fhorbairt chun tuiscint níos doimhne a ghnóthú ar luach agus tairbhí an chlár.

“Thaitin an tsaorghluaiseacht agus an léim i measc an nádúir liom.”

Rannpháirtí sa chlár

FORBHREATHNÚ



I gcomhpháirt le Club Gleacaíochta Phort Láirge, chuir Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge clár le chéile trína bhféadfadh leanaí agus a n-aithreacha páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhísiciúil le chéile i saoráid an Chlub. Thug an Chomhpháirtíocht faoi deara go mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm ar fhir agus, tríd an gclár seo, cumasaíodh don Chlub Gleacaíochta a shaoráidí a oscailt suas d'aosaigh den chéad uair riamh. Tá níos mó ná 200 ball ag Club Gleacaíochta Phort Láirge. Is cailíní iad 95% de na baill sin agus is iad a máithreacha a thugann an chuid is mó díobh chuig na seisiúin. Mar thoradh ar an gclár seo, bhí an Club in ann é féin a oscailt suas do leanaí agus dá n-aithreacha.

AIDHMEANNA



- Scileanna bunghluaiseachta a fheabhsú i measc leanaí agus a n-aithreacha i dtimpeallacht shábháilte thaitneamhach.
- Deis a thabhairt d'aithreacha am fiúntach a chaitheamh lena leanaí agus a ngníomhaíocht fhísiciúil féin a mhéadú ag an am céanna.
- Deis a thabhairt d'fhir feabhas a chur ar a ngníomhaíocht fhísiciúil i dtimpeallacht club.

CUR CHUN FEIDHME

Dearadh treoirchlár ceithre seachtaine i gcomhpháirt le Club Gleacaíochta Phort Láirge, rud inar díriodh ar scileanna bunghluaiseachta a fhorbairt agus ar leanaí agus a dtuismitheoirí a chur i mbun aclaíochtaí péire. Chuir an Club roinnt físeán le chéile lena n-úsáid ag na rannpháirtithe sa bhaile mar chuid de na tacaí faoin gclár. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Club Gleacaíochta Phort Láirge an clár chun cinn trí chainéil dhifriúla. I gcás fhorhóir na bhfear, ba iad a bpáirtnéirí a chláraigh iad don chlár. Bhí sé sin ina fhionnachtain speisiúil maidir leis an mbealach inar féidir dul i dteagmháil leis an spriocghrúpa sin. Rinneadh meastóireacht iarchlár trí fhócasghrúpaí agus trí Survey Monkey agus cuireadh na fionnachtana uathí san áireamh agus an clár leantach á dhearadh.



TORTHAÍ

Soláthraíodh dhá chlár Gleacaíochta le m'Athair, agus 22 athair agus 24 leanbh (14 bhuachaill, deichniúr cailíní) páirteach iontu. Reáchtáladh an chéad chlár, ar threoirchlár do thosaitheoirí é, i mí an Mheithimh 2019. Lena linn, chríochnaigh na haithreacha bloc gleacaíochta ceithre seachtaine in éineacht lena leanaí, agus é mar aidhm acu dreas péire a thaibhiú sa tseachtain dheireanach. Cuireadh clár leantach ceithre seachtaine ar siúl i mí Mheán Fómhair 2019, áit ar dhíríomar ar 20 bunghluaiseacht ghleacaíochta agus ar tugadh naisc físe 'mar obair bhaile' do na haithreacha gach seachtain ionas go bhféadfadh siad cleachtadh lena leanaí sa bhaile. Chuaigh roinnt de na rannpháirtithe, buachaillí ina measc, isteach sa chlub tar éis an chlár. Bhí sé sin an-tábhachtach, mar gheall ar an líon íseal buachaillí a bhí páirteach sa chlub roimhe sin. Cheannaigh roinnt tuismitheoirí fearas gleacaíochta don bhaile chun cabhrú lena leanaí a scileanna gleacaíochta agus bunghluaiseachta a fhorbairt. Tá samhail den chlár ar fáil anois lena húsáid ag clubanna eile gleacaíochta.

"Níor rith sé liom riamh go bhféadfá aclaíocht agus a lán gníomhaíochta físiúla a dhéanamh le do leanaí agus am fiúntach a chaitheamh leo ag an am céanna. Bhain mé an-taitneamh as."

Tuismitheoir



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Sa bhliain 2020, tabharfaidh Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge tacaíocht do Chlub Gleacaíochta Phort Láirge an clár seo a eagrú leis féin agus pleanálfaidh sí le haghaidh an clár a thabhairt isteach i gclubanna eile gleacaíochta i nDún Garbhán agus i gCeapach Choinn.

46 an líon rannpháirtithe thar an dá cheann de chlárí cheithre seachtaine

100% an céatadán de leanaí a dúirt go raibh an clár 'Go han-mhaith' nó 'Ar fheabhas'

"B'iontach an rud é am a chaitheamh le m'íníon agus sinn ag déanamh rud éigin a thaitníonn léi. Bhí sárchaidreamh ann leis na haithreacha eile freisin. Mar gheall ar an gclár, díriodh mo chuid airde ar shiúl ó nithe eile ag an deireadh seachtaine agus tugadh deis dom treisiú leis an gceangal le m'íníon. Fuair mé amach cé chomh neamhaclaí agus a d'éirigh mé freisin!"

Tuismitheoir



FORBHREATHNÚ

Chuir Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí Bunchúrsa Traenála Friotaíochta ar bun chun feabhas a chur ar chorpacmhainn agus folláine i measc fear os cionn 35 bliana d'aois.



AIDHMEANNA

- Feabhas a chur ar chorpacmhainn agus folláine i measc fear os cionn 35 bliana d'aois
- Spreagadh a thabhairt don spriocghrúpa sin filleadh ar ghníomhaíocht fhisiciúil
- Cur leis an eolas atá ag na rannpháirtithe ar na tairbhí a bhaineann le traenáil friotaíochta
- Líonrú sóisialta a fheabhsú i measc fear agus braistint phobail a chruthú eatarthu
- Conair a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht leanúnach laistigh de thimpeallacht spórtlainne ar mhaithe le hinbhuanítheacht an chláir a áirithiú.

CUR CHUN FEIDHME

- Naisc a bhunú le soláthraithe áitiúla spórtlainne agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a bhí ann spreagadh a thabhairt d'fhir filleadh ar ghníomhaíocht fhisiciúil
- Dearadh an clár i gcomhar le soláthraithe áitiúla spórtlainne: soláthraíodh clár traenála friotaíochta sé seachtaine oíche amháin in aghaidh na seachtaine ansin
- Dearadh ábhar cur chun cinn agus fógraíodh an clár ansin trí na hardáin mheán sóisialta uile atá nasctha le Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí agus trí sholáthrait he roghnaithe spórtlainne. Rinneadh teagmháil dhíreach le grúpaí, clubanna agus eagraíochtaí sa phobal áitiúil ar mhaithe leis an tionscnamh a chur chun cinn
- Chabhraigh an Chomhpháirtíocht Spóirt leis an gclár a riar agus rinne sí teagmháil dhíreach leis na rannpháirtithe roimh an dáta tosaithe. Rinneadh amhlaidh chun na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi inneachar an chláir agus chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna/ábhair imní a bhí acu roimh thús an chláir
- Tosaíodh an clár faoi threoir ag an soláthraí spórtlainne, le tacaíocht ón gComhpháirtíocht Spóirt
- Rinneadh meastóireacht tráth dheireadh an chláir agus cuireadh an clár le hamchláir na soláthraithe spórtlainne ansin, rud a d'éascaigh rannpháirtíocht leanúnach na bhfear a ghlac páirt ann

TORTHAÍ

- Tháinig méadú ar chorpacmhainn na rannpháirtithe agus ar chuimsiú sóisialta an spriocghrúpa
- Tháinig méadú ar an mbraistint folláine
- Thug na soláthraithe spórtlainne faoi deara gur tháinig feabhas ar shoghluaiseacht, neart agus cothromaíocht na rannpháirtithe le linn an chláir



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- Choinnigh na soláthraithe spórtlainne an clár ar bun agus chuir siad leis an sceideal seachtainiúil é. Lean leath na rannpháirtithe le páirt a ghlacadh sa chlár ar bhonn leanúnach
- Mar gheall ar an éileamh ar chláir den chineál céanna, déanfar clár 'Fir ag Gluaiseacht' a athbhunú in dhá limistéar sa bhliain 2020 i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

"Thug an rang deis dom bualadh le daoine nua. Bíonn gnáthghluaiseachtaí níos éasca anois agus mothaim i bhfad níos sláintiúla agus níos corpacmhainní. Taitníonn na ranganna go mór liom agus tá sé beartaithe agam leanúint le páirt a ghlacadh iontu."

Rannpháirtí sa chlár

Ghlac **26** fear páirt sa chlár

Clár **6** seachtaine

Soláthraíodh **12** sheisiún

2 limistéar san Iarmhí

Spórt Gníomhach Loch Garman

Siúl sa Choillearnach ar son na Sláinte



FORBHREATHNÚ

Deis a thabhairt do dhaoine a bhfuil riochtaí troma meabhairshláinte orthu agus a úsáideann na seirbhísí téarnaimh agus athshlánúcháin de chuid Sheirbhísí Meabhairshláinte Chontae Loch Garman páirt a ghlacadh i gclár siúil 12 sheachtain in dhá Choillearnach, is iad sin: Mainistir Thinteirn agus Coill Bhaile na Cúirte



AIDHMEANNA

Is é aidhm an chláir shiúil seo ná deis a thabhairt do dhaoine aonair a mbíonn dúshlán mheabhairshláinte acu ina saol laethúil siúl i dtimpeallacht dhúlrahunaithe. Tá feabhsuithe ar fholláine an rannpháirtí ar cheann amháin de na torthaí ar an gclár, lena n-áirítear feabhsuithe ar cháilíocht na beatha, ar an gcodladh, ar chorpacmháinn, ar fheidhmiú sóisialta, ar mhúinín phearsanta agus ar fheasacht. Glactar cur chuige téarnaimh sa chláir agus tá sé mar aidhm leis idirghabhálacha cliniciúla agus/nó moltaí ó fhoireann cúram sláinte an duine aonair a chomhlánú.

Éascaítear feabhas ar fholláine an rannpháirtí ar na bealaí seo a leanas;

- Am a thabhairt i dtimpeallacht nádúrtha
- Am a thabhairt i dtimpeallacht shóisialta shábháilte
- Oideachas agus eolas a mhalartú maidir leis an timpeallacht nádúrtha
- Deis a thabhairt dul i mbun gníomhaíocht fhisiciúil
- Rochtain a thabhairt ar fhaisnéis faoi na seirbhísí eile atá ann.



CUR CHUN FEIDHME

D'oibrigh Spórt Gníomhach Loch Garman, Seirbhísí Meabhairshláinte Loch Garman, Nasc Áitiúil agus Conairí Siúil Loch Garman mar chomhpháirtithe comhtháite chun deis a thabhairt do 40 úsáideoir seirbhíse siúl ar feadh dhá uair an chloig sa Choillearnach. Ba iad na coillearnacha a úsáideadh ná Coill Bhaile na Cúirte, i gcás úsáideoirí seirbhíse ó thuaisceart Chontae Loch Garman, agus Mainistir Thinteirn, i gcás úsáideoirí seirbhíse ó dheisceart an Chontae. Bhí an idirghabháil ar siúl ar feadh 12 sheachtain sa dá ionad. Thug an tionscnamh Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl, Coillte agus Meabhairshláinte Éireann tacaíocht don chláir.



TORTHAÍ

Ag gníomhú dóibh trí chláir taighde céime máistreachta, rinne an tionscnamh Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus Seirbhísí Meabhairshláinte Loch Garman meastóireacht ar thorthaí an chláir. Rinneadh imscrúdú cainníochtúil ar na hathrúga síceolaíochta ó thaobh giúmair, féinmheasa, folláine agus gníomhaíochta fisciúla de a bhaineann leis an gclár siúil sa 'choillearnach ar son na sláinte', ar clár idirghabhála dhá sheachtain déag é do dhaoine a bhfuil tinneas meabhrach trom orthu. Tá ceangal idir siúlóidí grúpa agus méaduithe móra ar leibhéal féinmheasa agus folláine. Imríonn siad tionchar dearfach méadaithe ar leibhéal gníomhaíochta fisciúla agus ar ghiúmar freisin. Is cosúil go maolaíonn na siúlóidí coillearnachbhunaithe an tionchar a bhíonn ag strus an tsaoil laethúil agus go ngabhann tairbhí na gníomhaíochta fisciúla leo – mar shampla, muinín agus folláine mheabhrach a fheabhsú.

Dán 'A Walk in the Woods' le duine amháin de na rannpháirtithe

All it takes is a walk in the woods,
To calm your thoughts of should'n'ts and shoulds.
You can feel at peace beneath the trees,
Hearing the leaves or the buzzing of bees.
Surrounded by beauty, a real treat for the eyes,
From the ground, to the trees, right up to the skies.

Soothing sounds of the birds, or the squirrels up above,
No judgements or fears, just surrounded by love.
With a friend at your front and one at your back,
Keeping you walking and feeling on track.
Mindfully being, as friendship buds,
And all it takes is a walk in the woods.

Le Claragh Jane O'Brien

"Is mór an phribhléid é na rannpháirtithe a fheiceáil agus iad ag bualadh le chéile ar an gcéad lá. Bíonn roinnt díobh doicheallach agus bíonn roinnt eile cáiréiseach ar dtús agus iad ag siúl lena rannpháirtithe eile. De réir a chéile, gnóthaíonn siad muinín, siúlann siad díreach go bródúil agus tosaíonn siad ag labhairt lena chéile. Éiríonn siad mór lena chéile ar deireadh."

Ceannairí Siúil

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin Seachtain na Rothar 2019



FORBHREATHNÚ

An pobal a chur i mbun gníomhaíochtaí, imeachtaí agus deiseanna oideachais rothaíochta le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar 2019.



AIDHMEANNA

Is é an aidhm atá le Seachtain na Rothar ná tuilleadh daoine a spreagadh dul amach ar an rothar chun aon chríche agus taitneamh a bhaint as an líon mór tairbhí a ghabhann leis an rothaíocht. Tá Seachtain na Rothar ar oscailt do dhaoine de gach aois agus cumas, agus imeachtaí cuimsitheacha pobalbhunaithe ina ngné lárnach di. D'fhéach Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin leis an tSeachtain Rothar is mó riamh dá cuid a reáchtáil sa bhliain 2019. Bhí na himeachtaí scaipthe ar fud an chontae ar fad agus ghlac cuid mhór den pobal páirt iontu.

CUR CHUN FEIDHME

Cuireadh 25 imeacht ar siúl ar fud an chontae le linn Sheachtain Rothar Chill Mhantáin, agus breis agus 2,500 duine páirteach iontu. Mar chuid de na himeachtaí sin, d'óstáil clubanna áitiúla rothaíochta tionscnaimh phobail ar mhaithe lena gclub a chur chun cinn, lena gcuid scileanna a thaispeáint agus le baill nua a mhealladh. Reáchtáladh ceardlanna rothar cothromaíochta, taispeántais sábháilteachta, ceardlanna cothabhála rothar, babhtáí 'Dul ar ais ar do Rothar' agus rothaíocht féir ar an Inbhear Mór. Seoladh Club Rothaíochta Sléibhe Chill Mhantáin freisin. Reáchtáil 17 scoil gníomhaíochtaí le linn na seachtaine agus bhí gach aoisghrúpa páirteach iontu. Bhí tóir ar leith ag na ranganna is óige ar na rothair chothromaíochta, a thug sárbhealach chun aonaid eile laistigh den scoil a chomhtháthú lena n-aoisghrúpa féin. Cuireadh bac-chúrsaí rothaíochta agus oiliúint i scileanna Sprocket Rocket ar siúl i ngach cuid den chontae. Tríd is tríd, chuir Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin raon leathan scoileanna, clubanna rothaíochta agus eagraíochtaí pobail i mbun gníomhaíochta, agus cuid mhór den chontae á cumhdach.

TORTHAÍ

Ghlac breis agus 2,500 duine páirt i Seachtain na Rothar 2019 i gCill Mhantáin agus bhí 25 cinn de ghrúpaí, scoileanna agus clubanna difriúla páirteach inti. Bhí sé sin ar an tSeachtain Rothar ba mhó riamh sa chontae agus tá gealladh ann cheana féin faoin imeacht don bhliain 2020.

Fuarthas infheistíocht **€11,000** ón Roinn Iompair
Fuarthas infheistíocht **€3,000** ó Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin

Ghlac thart ar **2,500 duine** agus **17 scoil** páirt san imeacht agus reáchtáladh

8 n-imeacht pobail lena linn

" Bhain mo mhac úsáid as rothar cothromaíochta den chéad uair riamh le linn Sheachtain na Rothar. Ní fhaca mé é riamh agus é ag déanamh rothaíochta nó ag glacadh páirt i gcorpoideachas lena rang toisc go bhfuil sé san aonad Uathachais. Ba bhreá liom é a fheiceáil. Cheannaigh an scoil rothair chothromaíochta don aonad ansin ionas gur féidir leis na leanaí iad a úsáid níos minice. Bhí sé ina chloch mhíle mhór dúinn!"

Tuismitheoir duine de na rannpháirtithe

" D'éirigh go geal leis an mbac-chúrsa a reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin agus bhí an-tóir ag na leanaí air."

Ball d'Fhóram Dhún Luáin



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Beidh Seachtain na Rothar 2020 ar siúl ón 6 go dtí an 14 Meitheamh agus tá pleanáil ar siúl ina leith. Lorgóidh an Chomhpháirtíocht Spóirt iarratais go luath sa bhliain 2020 agus déanfaidh sí iarracht pobail nua a spreagadh páirt a ghlacadh san imeacht. Díreofar go príomha ar bhabhtáí 'Dul ar ais ar do Rothar' agus ar bhabhtáí rothaíochta teaghlaigh thar an tseachtain.


Cuid 4

Meastóireacht

Agus leas á bhaint aige as tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, bhunaigh Spórt Éireann foireann meastóireachta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an meastóireacht ar thionscadail náisiúnta agus ar obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. D'fhorbair an fhoireann creat meastóireachta sistéamaí trí fhaireachán ar leibhéal náisiúnta ach leas a bhaint as bearta déimeagrafacha agus bearta gníomhaíochta fisiciúla araon. Sa bhliain 2019, thug an fhoireann sin faoi mheastóireachtaí ar thionscadail ar 18 Mol Spóirt sa Phobal, ar an Tionscnamh Cóitseála Pobail agus ar na tionscadail 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh'.

Meastóireacht Shistéamach 2019

Chun tionchar a gcuid oibre a mheasúnú, ghlac Comhpháirtíochtaí úsáid an Tomhais Mhíre Aonair (M1). Is é is M1 ann ná tomhas féintuairiscithe a bhfuil bailíochtú idirnáisiúnta aige agus ar féidir le heagraíocht é a úsáid chun rátaí rannpháirtíochta an duine aonair sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a rianú. Leis an gceist, iarrtar ar rannpháirtithe a athchuirneamh cá mhéad lá a bhí siad gníomhach ar feadh 30 nóiméad nó níos mó (ar aon dul leis na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil) sna seacht lá a chuaigh thart. Cuirtear an cheist sin ar rannpháirtithe ar chlárú don chlár dóibh, ar an lá deiridh den chlár, agus sa mheasúnú leantach trí mhí tar éis dheireadh an chláir. Aicmítear na daoine sin nach bhfuil gníomhach ar lá ar bith nó atá gníomhach ar lá amháin a bheith neamhghníomhach, aicmítear na daoine sin atá gníomhach ar líon idir dhá lá agus ceithre lá a bheith measartha gníomhach agus aicmítear na daoine sin atá gníomhach ar chúig lá nó níos mó a bheith gníomhach.




Is é an ról atá ag tionscnaimh rannpháirtíochta a gcistíonn Spórt Éireann iad ná rannpháirtithe a bhogadh ón ngrúpa neamhghníomhach agus i dtreo an ghrúpa measartha gníomhach agus an ghrúpa ghníomhaigh. Má táthar in ann a bogadh sin a thaispeáint thar shaolré roinnt clár, beidh Spórt Éireann in ann fianaise láidir inbhráite a chur i láthair don rialtas, do chomhpháirtithe agus do na comhlachtaí a chistítear ar na tairbhí a ghabhann lena chuid oibre.

Sholáthair foireann meastóireachta Spórt Éireann seisiúin oiliúna i dTionchar a Mheas do Chomhpháirtíochtaí agus do roinnt bheag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sa bhliain 2019 chun cabhrú leis na comhlachtaí a gcistímid iad M1 a úsáid. Rinne Spórt Éireann Treoirlínte maidir le Tionchar a Mheas agus Teimpléad Tuairiscithe a chur le chéile agus a scaipeadh chun tacú leis na seisiúin oiliúna sin. Triailéadh an córas meastóireachta sin le cúig Chomhpháirtíocht i mí an Mhárta 2019. Cuireadh i bhfeidhm é ina dhiaidh sin ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí agus sna cláir seo: 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht'. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an fhoireann meastóireachta acmhainní anailíse riachtanas agus sholáthair sí oiliúint in anailís riachtanas do na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019 chun a chinntiú go mbíonn infheistíochtaí Spórt Éireann á ndíriú ar na pobail agus na daoine aonair is mó gá agus a bhainfidh an tairbhe is mó astu.

Ag teacht sna sála ar sholáthar na hoiliúna meastóireachta do na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2019, thosaigh gach ceann díobh ag baint úsáid as M1 chun tionchar a gcuid oibre ar leibhéal ghníomhaíochta fisiciúla a thomhas. Bíonn sonraí M1 á bhfáil ag Spórt Éireann ó na Comhpháirtíochtaí ar bhonn leanúnach. Bainimid úsáid as na sonraí sin chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar na gnéithe riachtanacha atá taobh thiar de thionscnaimh ghníomhaíochta fisiciúla a n-éiríonn leo (nó nach n-éiríonn leo). Imreoidh sé sin tionchar ar an dóigh a gcomhlíonfaimid na spriocanna atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt. Go dtí seo, tá sonraí bonnlíne M1 faighte againn le haghaidh níos mó ná 1,300 rannpháirtí. Fuair Spórt Éireann sonraí ón measúnú leantach tar éis trí mhí le haghaidh 450 rannpháirtí, rud ina léirítear go bhfuil cláir na gComhpháirtíochtaí ag bogadh na rannpháirtithe ó shaol neamhghníomhach go saol gníomhach ar bhealach inbhuanaithe.

Fíor Q - Sonraí M1 na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt



Léirítear sna sonraí M1 a bailíodh go dtí seo go bhfuil tionscnaimh na gComhpháirtíochtaí ag spríodhíriú ar na daoine cearta, ós rud é nach bhfuil ochtar as gach deichniúr ag comhlíonadh na dTreoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil ar chlárú dóibh agus go n-aicmítear breis agus ceathrú na rannpháirtithe a bheith neamhghníomhach.

Ina theannta sin, léirítear sna sonraí go bhfuil ag éirí le tionscnaimh na gComhpháirtíochtaí céatadán ard daoine a bhogadh amach ó shaol neamhghníomhach agus i dtreo saol gníomhach. Idir thomhais bhonnline agus mheasúnú leantach trí mhí tar éis an cúrsa a chur i gcrích, feicimid gurbh ann do laghdú ó 27% go 12% sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí neamhghníomhach agus gurbh ann do mhéadú comhfhreagrach ó 55% go 62% sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí measartha gníomhach agus ó 18% go 26% sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí gníomhach.

Sa mhiondealú ar shonraí, is féidir le Spórt Éireann a fheiceáil gur mó an tionchar atá ag roinnt tionscnamh ar ghrúpaí déimeagrafacha éagsúla ná an tionchar atá ag roinnt eile. Comhlánófar úsáid na ceiste M1 ach meastóireacht cháilíochtúil níos doimhne a dhéanamh ar thionscnaimh roghnaithe sna blianta 2020 agus 2021 chun a thuiscint cé na tosca is tábhachtaí atá taobh thiar de rath na dtionscnamh. Is féidir linn na sonraí sin a chomhcheangal chun léargas a ghnóthú ar na tionscnaimh is mó tionchar de chuid na gComhpháirtíochtaí agus chun tuiscint a fháil ar cén fáth a bhfuil siad éifeachtach.

Meastóireachtaí ar Thionscadail sa bhliain 2019

Cuireadh trí mheastóireacht modha mheasctha ar leibhéal an tionscadail i gcrích sa bhliain 2019.

- Meastóireacht ar na Moil Spóirt sa Phobal do na blianta 2016 agus 2017 (Céimeanna 2 agus 3)
- Meastóireacht ar an gClár Cóitseála Pobail do na blianta 2016 agus 2017
- Meastóireacht ar na clár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' do na blianta 2017 agus 2018

Meastóireacht ar na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fhisiciúla sa Phobal do na blianta 2016 agus 2017 (Céimeanna 2 agus 3)

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar na 18 Mol Spóirt agus Gníomhaíochta Fhisiciúla sa Phobal gur infheistíochtaí dearfacha i bpobail áitiúla iad Moil Spóirt sa Phobal. Bhí príomhthosca ratha le feiceáil ar fud na mol. Áirítear leo sin gníomhaíocht moil a ailíniú leis an ngá áitiúil, láthair/saoráid mhoil atá so-shainaitheanta a bheith acu, úinéireacht agus rannpháirtíocht an phobail a chruthú, agus díriú láidir a bheith acu ar oiliúint agus ar fhorbairt acmhainne. Toisc thábhachtach eile atá taobh thiar de rath na mol is ea ról an chomhordaitheora, agus leagadh béim sa mheastóireacht ar an raon leathan ról a chomhlíonann comhordaitheoirí moil. Leagadh béim sa mheastóireacht freisin ar na príomhréimsí ar cheart do na moil díriú orthu agus iad ag pleanáil le haghaidh inbhuanaitheachta.

Áirítear leo sin ról straitéiseach an chomhordaitheora, inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí an mhoil, deiseanna nua cistiúcháin a shaináithint, agus comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt. Baineadh leas as na fionnachtana ón meastóireacht sin nuair a bhíodas ag ullmhú na leaganacha athbhreithnithe de na foirmeacha iarratais ar chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ina theannta sin, beidh siad ina mbonn eolais faoi chinntí gaolmhara ar chistiú sa bhliain 2020.

Meastóireacht ar an gClár Cóitseála Pobail do na blianta 2016 agus 2017

Aimsíodh sa mheastóireacht ar an gclár Cóitseála Pobail gur ghnóthaigh 51% de na rannpháirtithe a chomhlánaigh an suirbhé trí mhí tar éis an cúrsa a chur i gcrích ceann amháin nó níos mó de na ceithre thoradh (post a fháil, obair mar chóitseálaí, obair mar oibrí deonach, nó dul ar aghaidh chuig ardoideachas san earnáil spóirt). Léiríodh sna fionnachtana freisin gur luaigh líon ard rannpháirtithe go raibh feabhas ann ar a leibhéal muiníne, rud a mheastar a bheith luachmhar agus ábhartha. Cé gur moladh roinnt modhnaithe beaga agus coigeartuithe beaga, rinne na geallsealbhóirí difriúla lenar bhain (rannpháirtithe, Comhpháirtíochtaí, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, eagraíochtaí is comhpháirtí agus óstaigh) a chur in iúl go raibh dea-eispéiris acu agus luaigh siad go mbeadh siad toilteanach páirt a ghlacadh sa chlár agus/nó é a chur chun cinn sa toadhcháil.

Meastóireacht ar na cláir 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' do na blianta 2017 agus 2018

Sa mheastóireacht ar na cláir 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht', leagadh béim ar an bhfíric gur baineadh leas as úsáid an chistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun cur ar chumas níos mó ná 50,000 duine ar fud na hÉireann na spóirt sin a thriail. Tá an cistiú á úsáid ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun cláir shamhlaíochta dhírith a sholáthar, go háirithe do dhaoine óga. Thug rannpháirtithe sna cláir aiseolas rídhearfach: bhain siad taitneamh as spóirt nua a thriail, cheap siad go raibh na spóirt spráúil agus cheap siad gur thug na cóitseálaithe tacaíocht iontach dóibh. Ina lán cásanna, luaigh siad gur spreag sé sin spéis i leanúint le páirt a ghlacadh sa spóirt. Saináithníodh sa mheastóireacht go bhféadfadh Spóirt Éireann agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta leanúint ar aghaidh ag beachtú an chuir chuige a ghlacann siad i leith faireacháin agus meastóireachta. Is é an toradh atá air sin gur bunaíodh grúpa oibre meastóireachta, ar dá bharr a thosaigh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ag baint triail as an Tomhas Míre Aonair a úsáid mar uirlis mheastóireachta

An Comhar Taighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil in Éirinn

Leanann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht don eagraíocht mar chomhpháirtí agus rannpháirtí tábhachtach sa Chomhar Taighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil in Éirinn (I-PARC). Is é an aidhm atá le I-PARC forbairt a dhéanamh ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fianaise, modhanna éifeachtacha soláthair a fhorbairt, agus timpeallachtaí tacúla a fhorbairt le haghaidh feabhas a chur ar leibhéal ghníomhaíochta fisiciúla in Éirinn. Tá Spóirt Éireann ag obair le I-PARC chun creat uileghabhálach meastóireachta agus cur chun feidhme a fhorbairt, rud a chabhróidh leis an dea-chleachtas a sholáthar i dtionscnaimh ghníomhaíochta fisiciúla. Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar an tionscadal agus leanfaidh Spóirt Éireann ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le I-PARC chun cuspóirí an tionscadail a chomhlíonadh.

Cuid 5

Na Chéad Chéimeanna Eile do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Tá sé mar aidhm ag Spórt Éireann a infheistíocht sa líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí a mhéadú ar bhonn bliantúil. Is é an toradh atá ar an infheistíocht mhéadaithe sin go dtugtar deis do Spórt Éireann aon acmhainní breise Comhpháirtíochtaí a chomhdhlúthú agus cur tuilleadh le hacmhainneacht an líonra Comhpháirtíochtaí cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann agus na cuspóirí sin a shaináithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ón Rialtas a chomhlíonadh.

Féachann Spórt Éireann le hinfeistíochtaí a mhéadú chun acmhainn na gComhpháirtíochtaí a fhorbairt agus chun clúdach agus tionchar thionscnaimh na gComhpháirtíochtaí a mhéadú ar fud na hÉireann. Cinntear straitéis infheistíochta Spórt Éireann do na Comhpháirtíochtaí ar leibhéal náisiúnta, agus é mar sprioc aici acmhainn agus cumas gach Comhpháirtíochta in Éirinn a mhéadú chun comhsheasmhacht deiseanna ard-rannpháirtíochta a sholáthar i ngach pobal. Tá an straitéis infheistíochta bliantúla sin bunaithe ar spriocanna Straitéis Spórt Éireann agus ar ghníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil. Bunaithe ar na beartais sin, chuaigh Spórt Éireann i gcomhairle fhairsing leis na Comhpháirtíochtaí i suíomhanna grúpa ag cruinnithe leathbhliantúla le comhordaitheoirí, ag cruinnithe ar leith le cuideachtaí teoranta agus le hÚdarás Áitiúla agus ar bhonn aonair le gach Comhpháirtíocht le linn cruinnithe plean oibríocháin agus cuairteanna ar an láithreán. Is leagtha amach thíos atá na príomhthéamaí de chuid straitéis infheistíochta reatha Spórt Éireann maidir leis na Comhpháirtíochtaí.

Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt

Féachfaidh Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt fós do gach duine de na 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt (Oifigeach). Tá sé mar aidhm leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh. Oibríonn na hOifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i gcáil comhordaithe le gach geallsealbhoir ábhartha chun deiseanna rannpháirtíochta a mhéadú agus a chothú do dhaoine faoi mhíchumas.

Luaitear an méid seo a leanas i nGníomh 12 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: *Agus aghaidh á tabhairt ar na grádáin mhíchumais ó thaobh rannpháirtíochta de, féachfaimid ar an bhféidearthacht atá ann líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a thabhairt isteach, rud a bheidh ailínithe leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bheifí ag súil leis go n-oibreodh na hOifigigh sin go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ábhartha, leis an earnáil mhíchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le hIonad CARA agus le geallsealbhoirí eile ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt*. Faigheann na Comhpháirtíochtaí cistiú ó Spórt Éireann gach bliain le haghaidh Oifigeach a fhostú agus le haghaidh na n-acmhainní a theastaíonn chun Clár Spórt Éireann um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a sholáthar. Trí thacaíocht leanúnach a thabhairt do gach ceann de na 29 gComhpháirtíocht le haghaidh Oifigeach a fhostú, bainfear amach an cuspóir sa Bheartas Náisiúnta Spóirt go bhfostófaí Oifigigh ar fud na hÉireann.

Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal

Féachfaidh Spórt Éireann le hinfeistíocht a dhéanamh fós sa líonra Comhpháirtíochtaí le haghaidh Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal (Oifigigh) a fhostú. Cuirtear de chúram ar Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal pobail áitiúla a ghníomhachtú ar roinnt bealaí difriúla, lena n-áirítear cláir agus tionscnaimh oiliúna spriocdhírthe a chomhordú do chlubanna agus pobail. Tacaíonn na hOifigigh freisin leis na cuspóirí sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil maidir le *'Acmhainn na gComhpháirtíochtaí a neartú agus a bhreisiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil agus ar chláir inbhuanaithe fhadtéarmacha ghníomhaíochta fisiciúla'*.

Mná sa Spórt

Tagraítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt do thacaíocht bhreise a thabhairt do Mhná sa Spórt. Tagraítear go sonrach don sprioc ardleibhéal um rannpháirtíocht a mhéadú trí *"deireadh a chur leis an ngrádán rannpháirtíochta gníomhaí idir fir agus mná sa spórt"*. Oibríonn an líonra Comhpháirtíochtaí le treoraí Spórt Éireann um Mná sa Spórt agus díríonn sé tionscnaimh shonracha ar spriocghrúpaí ban, lena n-áirítear mná i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná faoi mhíchumas, mná scothaosta agus cailíní sna déaga.

Cláreagrú

Ós rud é go bhfuil Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal á bhfostú ar fud an líonra, tá sé tábhachtach go dtabharfar do na poist sin an tacaíocht agus na hacmhainní a theastaíonn chun cláir agus tionscnaimh nuálacha a fhorbairt agus a sholáthar ar leibhéal áitiúil do na spriocghrúpaí sonracha a gcuirtear de chúram orthu iad a ghníomhachtú.

Tá cistiú clár ina chuid lárnach de rannpháirteachas na gComhpháirtíochtaí le rannpháirtithe agus éascaítear leis raon leathan tionscnamh, clár agus imeachtaí a sholáthar i bpobail, i gclubanna agus i scoileanna. Is é aidhm na gComhpháirtíochtaí gach bliain cistiú breise clár a fháil trí ioncam saothraithe agus infheistíochtaí ó ghníomhaireachtaí is comhpháirtí chun tacú le soláthar na gclár sin. Tacaíonn an cistiú sin le méadú a dhéanamh ar an líon cúrsaí Cumhdaigh a sholáthraítear, ar chistiú clár agus ar chistí forbartha club agus pobail. Trí infheistiú i gcláir agus tionscnaimh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme do spriocghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht, tacóidh an cistiú sin le Gníomhartha 5, 6, 9, 14 agus 28 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar.

Rialachas agus Bainistíocht Riosca

Tháinig méadú mór ar an líon Comhpháirtíochtaí a d'iompaigh ina gcuideachtaí teoranta ó bunaíodh iad den chéad uair. De réir mar a d'fhás na heagraíochtaí, is amhlaidh gur fhás a bhfreagrachtaí agus a n-ualach oibre riaracháin. Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Spóirt Éireann, chuir na Comhpháirtíochtaí ar cuideachtaí teoranta iad iarraidh chomhcheangailte i scríbhinn chuig Spóirt Éireann inar iarradh infheistíochtaí sonracha chun cabhrú leo beartais nua-aimseartha láidre a fhorbairt sna réimsí seo: an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Acmhainní Daonna. Thacaigh Spóirt Éireann le gach ceann de na naoi gComhpháirtíocht ar cuideachtaí teoranta iad chun cabhrú leo na tionscadail rialachais agus bhainistíochta riosca sin a chur chun feidhme. Tacaíonn sé sin le Gníomh 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh ach na tacaí a theastaíonn ó na Comhpháirtíochtaí ar cuideachtaí teoranta iad a thabhairt dóibh chun go mbeidh siad in ann comhlíonadh an Chóid Rialachais agus an dea-chleachtas Rialachais a bhaint amach agus a coinneáil ar bun.

Feasacht a Mhéadú

Le blianta beaga anuas, shainithin an líonra Comhpháirtíochtaí gurb é atá i gceann de na deacrachtaí is mó atá aige ná feasacht ar dheiseanna a mhéadú i measc na spriocghrúpaí a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu, amhail daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mionlaigh eitneacha agus daoine faoi mhíchumas. Ceann de na mórfhionnachtana a d'éascair as an Meastóireacht ar na Moil Spóirt sa Phobal a rinneadh le déanaí sa bhliain 2019 ba ea an dúshlán a bhaineann le feasacht a mhéadú. D'ainneoin na hoibre iontaí agus an lín iontaigh daoine a chuireann cláir na gComhpháirtíochtaí i gcrích, cuireann an easpa feasachta sin ar na Comhpháirtíochtaí as do chumas na gComhpháirtíochtaí tathant a dhéanamh thar ceann an spóirt ar leibhéal áitiúil, oibríthe deonacha a earcú, infheistíocht áitiúil a fháil agus, rud ba thábhachtaí fós, freastal ar na spriocghrúpaí is dúshlánaí. Chun Gníomhartha 6, 7 agus 9 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh, ní mór acmhainní a thabhairt do na Comhpháirtíochtaí *"chun an rannpháirtíocht is leithne is féidir a chur chun cinn, lena gcinnteofar cáilíocht agus inrochtaineacht do gach grúpa"*. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, forbróidh Spóirt Éireann Treoirínte Méadaithe Feasachta agus Cur Chun Cinn do na Comhpháirtithe. De bhreis air sin, tabharfaidh Spóirt Éireann tacaíocht ar fud an líonra atá comhdhéanta de 29 gComhpháirtíocht ar mhaithe leis na treoirínte a chur chun feidhme chun deiseanna le páirt a ghlacadh sa spóirt a chur chun cinn ar fud a spriocphobal.

Pleananna Áitiúla Spóirt

Cuireadh de chúram ar Spóirt Éireann le Gníomh 8 den Bheartas Náisiúnta Spóirt cabhrú leis na hÚdarás Áitiúla Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt. Ag teacht sna sála ar chomhairliúcháin le Stiúrthóirí Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil sa bhliain 2019, féachfaidh Spóirt Éireann le cruinniú a eagrú leis an gCoiste Eacnamaíoch, Fiontair, Pobail agus Cultúir de chuid Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach ar ball. Ag an gcruinniú sin, féachfaidh Spóirt Éireann le béim a leagan ar ról agus tábhacht na gComhpháirtíochtaí agus plé a dhéanamh ar fhorbairt na bPleananna Áitiúla Spóirt. Anuas air sin, leagfaidh Spóirt Éireann béim ar earcú agus fostú na mball foirne de chuid na gComhpháirtíochtaí, ar chomhlíonadh chod rialachais na gComhpháirtíochtaí i gcomhthéacs na nÚdarás Áitiúil agus ar straitéisí cistiúcháin Spóirt Éireann le haghaidh na gComhpháirtíochtaí atá bunaithe in Údarás Áitiúla. Chomh maith leis sin, leithdháilfidh Spóirt Éireann buiséad chun cabhrú leis na Comhpháirtíochtaí agus na hÚdarás Áitiúla Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt.

Rioscaí Eacnamaíocha a Bhainistiú

Is eol do Spóirt Éireann an éifeacht anuas a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht agus ag an gCoróinvíreas ar gheilleagar na hÉireann agus go bhféadfadh go laghdófaí an infheistíocht ón rialtas láir sna blianta atá le teacht dá mbeadh drochiarmhairtí eacnamaíocha ann. Trí níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcláir agus níos lú infheistíochta a dhéanamh in acmhainní daonna, beidh cumas níos fearr ag Spóirt Éireann agus ag an líonra Comhpháirtíochtaí aon tuairt eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí a ionsú toisc gur lú an riosca go mbeadh cur isteach ann ar acmhainní daonna agus go ndéanfaí dochar d'acmhainní daonna, don iontaoibh agus don fhorbairt spóirt dá bharr. Sa bhliain 2019, ba chun tuarastail agus costais oibriúcháin a íoc a úsáideadh 88% d'infheistíocht Spóirt Éireann isteach sa líonra Comhpháirtíochtaí. Féachfaimid leis an neamhchosaint sin a laghdú sa todhchaí.





Aguisíní

Aguisín A

Liosta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

An Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Bliain an Bhunaithe
Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann	2001
Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin	2001
Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara	2001
Comhar Spóirt na Laoise	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí	2002
Comhpháirtíocht Spóirt na Mí	2002
Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge	2002
Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí	2004
Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh	2004
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo	2004
Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí	2004
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh	2007
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe	2007
Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Lú	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Loch Garman	2008
Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma	2008
Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin	2008

Aguisín B

Gluais Téarmaí

CARA

Is é is CARA ann ná eagraíocht náisiúnta a sholáthraíonn ardán comhoibríoch agus comhpháirtíochta ar fud na hÉireann chun feabhas a chur ar na deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla atá ann do dhaoine faoi mhíchumas.

Oifigeach Leanaí an Chlub

Ról deonach laistigh de chlub spóirt is ea ról Oifigeach Leanaí an Chlub. Is é/í an nasc idir na leanaí agus na haosaigh sa chlub é/í. Glacann sé/sí freagracht freisin as faireachán a dhéanamh ar an tionchar a imríonn beartas an chlub ar dhaoine óga agus ar Cheannairí Spóirt agus as tuairisc a thabhairt do Choiste Bainistíochta an Chlub air sin. Ba cheart d'Oifigeach Leanaí an Chlub a bheith ina chomhalta/comhalta de Choiste Bainistíochta an Chlub agus ba cheart é/í a chur in aithne do dhaoine óga i bhfóram cuí.

CSDO – Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal

Is é aidhm an Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal ná acmhainn na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a neartú agus a bhreisiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil agus ar chlár inbhuanaithe fhadtéarmacha gníomhaíochta fisiciúla faoin bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

CSPA – Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal

Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal a chistítear ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil. Tugann na moil faisnéis, tacaíocht agus comhairle maidir le raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla chun cabhrú le daoine i limistéir faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh ann agus stíl mhaireachtála níos gníomhaí níos sláintiúla a bheith acu.

CYPSC – Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga

Is é atá i gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga ná coistí ar leibhéal an chontae a thugann príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha na seirbhísí do leanaí agus daoine óga le chéile. Tá siad ina bhfóram le haghaidh comhphleanáil agus comhordú gníomhaíochta chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus a dteaghlach seirbhísí feabhsaithe inrochtana. Is é an ról atá acu ná feabhas a chur ar chomhar idirghníomhaireachta agus na torthaí náisiúnta atá leagtha amach in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020 a bhaint amach.

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bunaíodh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2011. Tá príomhról aici i ngnéithe ríthábhachtacha de ghníomhaíocht gheilleagrah na hÉireann a sholáthar, lena n-áirítear ár gcuid bonneagair agus seirbhísí iompair a fhorbairt tuilleadh agus tacú lenár n-earnálacha suntasacha turasóireachta agus spóirt agus iad a bhreisiú.

Teagmhálaí Ainmnithe

Ról deonach laistigh de chlub spóirt is ea ról an Teagmhálaí Ainmnithe. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloítear leis an mbuan-nós imeachta tuairiscithe chun go dtarchuirtear cásanna líomhnaithe failli i leanaí nó cásanna líomhnaithe mí-úsáide leanaí chuig an teagmhálaí ainmnithe in TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó, i

gcás éigeandála nó i gcás nach bhfuil fáil ar TUSLA, go gcuirtear na cásanna sin chuig an nGarda Síochána.

DAF – Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tá Ciste na gCuntas Díomhaoin faoi fheagracht an Aire don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Faigheann Spóirt Éireann cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun tacú le tionscnaimh spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar mhaithe le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, le forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó le daoine atá faoi mhíchumas.

BOOnna – Boird Oideachais agus Oiliúna

Is é atá i mBoird Oideachais agus Oiliúna ná údarás reachtúla oideachais a bhfuil freagracht orthu as oideachas agus oiliúint, as obair don óige agus as raon feidhmeanna reachtúla eile. Déanann Boird Oideachais agus Oiliúna bainistiú agus oibriú ar scoileanna dara leibhéal, ar choláistí breisoideachais, ar threoir-phobalscoileanna náisiúnta agus ar ionaid éagsúla oideachais aosaigh agus bhreisoideachais a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna.

Meastóireacht

Is é atá i meastóireacht ná measúnú sistéamach ar dhearadh, cur chun feidhme, aschuir agus torthaí aon tionscnaimh chun críche foghlama agus chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht sa todhchaí.

An tAthbheithniú ó Fitzpatrick & Associates ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Is é atá san Athbheithniú ó Fitzpatrick & Associates ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ná tuarascáil ar fhóilsigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta í sa bhliain 2005. Déantar meastóireacht sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinne na Comhpháirtíochtaí ach tagairt a dhéanamh do na príomhaidhmeanna agus na príomhchuspóirí, agus déantar roinnt moltaí inti le haghaidh an tionscnaimh Chomhpháirtíochtaí.

GIW – Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl

Is é atá sa chlár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' ná tionscnamh de chuid Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm leis an líon daoine atá ag glacadh páirt i siúl ar mhaithe le sláinte, le folláine agus le haclaíocht a uasmhéadú ar fud na hÉireann.

HI – Éire Shláintiúil

Is é Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíocht uile-Rialtais agus uile-shochaí chun sláinte agus folláine na ndaoine a chónaíonn in Éirinn a fheabhsú. Leagtar amach ann ceithre sprioc lárnacha agus tugtar gníomhartha faoi shé réimse théamacha ar féidir leis an tsochaí páirt a ghlacadh iontu chun na spriocanna sin a bhaint amach. Saináithnítear sa Chreat roinnt gníomhartha idir-earnála leathana, a ngealltar i gceann amháin díobh go bhforbrófar plean chun leibhéal mhéadaithe gníomhaíochta fisiciúla a chur chun cinn.

FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an t-údarás reachtúil atá freagrach as Seirbhísí Sláinte, Pearsanta agus Sóisialta a sholáthar do dhaoine a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann.

IPPEA – Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Is é atá i gCumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann ná cumann atá tiomanta don fheasacht ar shaincheisteanna corpoideachais i mbunscoileanna a mhéadú agus tá sé mar aidhm aige gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn i gcomhthéacs oideachasúil.

LCDCanna – Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

Faoi alt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ní mór do gach údarás áitiúil Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú. Tá sé mar aidhm ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil cur chuige comhleánach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le forbairt áitiúil agus pobail.

LSP – Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Is é atá sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ná tionscnamh de chuid Spóirt Éireann agus tá sé mar aidhm leo forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Is iad na príomhaidhmeanna atá ag na Comhpháirtíochtaí an rannpháirtíocht sa spóirt a mhéadú agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí is féidir as acmhainní áitiúla. Tá an tionscnamh Comhpháirtíochtaí ina chuid dhílis de straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann.

NGB – Comhlacht Rialaithe Náisiúnta

Eagraíocht atá aitheanta ag Spóirt Éireann agus a chomhordaíonn forbairt aon spóirt nó aon spóirt ar leith trí chlubanna comhpháirteacha.

NPAP – An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil

Sa bhliain 2016, sheol an Rialtas an chéad Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil de chuid na hÉireann riamh. Is é is aidhm dó spreagadh a thabhairt laistigh de dheich mbliana do leathmhíliúin Éireannach níos mó ar a laghad aclaíocht rialta a dhéanamh. Is é an príomhsprioc ná an líon daoine atá ag déanamh aclaíocht rialta a mhéadú faoi 1% sa bhliain thar dheich mbliana trí ghnáthchuid den saol laethúil a dhéanamh den aclaíocht agus trí níos mó deiseanna le bheith gníomhach a thabhairt do dhaoine.

An Beartas Náisiúnta Spóirt

An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a seoladh an 25 Iúil 2018.

Daoine Scothaosta

Faoi mar a úsáidtear é ar fud na tuarascála seo, tagraítear sa téarma ‘daoine scothaosta’ do na daoine sin atá os cionn 50 bliain d’aois.

OD&C – An tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Is é an príomhaidhm atá ag an Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i Spóirt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spóirt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

OCB – Forbairt Cumais Eagraíochta

Is iad sin na seirbhísí a sholáthraíonn an tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta chun cabhrú leis na hocht réimse cumais do chlianteagraíochtaí spóirt a fhorbairt agus a thógáil. Is iad seo na hocht réimse cumais sin: Ceannaireacht Eagraíochta, Bainistíocht Athruithe, Bainistíocht Riosca, Pleanáil Straitéiseach, Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe, Bainistíocht Tionscadal, Rialachas Corparáideach agus Teagmháil le Geallsealbhóirí.

OT – Operation Transformation

Is é is Operation Transformation ann ná seó teilifíse sláinte agus aclaíochta a chraoltar ar RTÉ. Tá Spóirt Éireann i mbun comhpháirtíochta le Operation Transformation ó bhí an bhliain 2011 ann chun forbairt a dhéanamh ar imeachtaí éagsúla a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn.

SARI – An Spóirt in aghaidh an Chiníochais in Éirinn

Is é is SARI ann ná eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil stádas carthanúil aici agus atá tiomanta do chomhtháthú dearfach agus do chuimsiú sóisialta tríd an spóirt.

SIDO – Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Tá sé mar aidhm ag Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt deiseanna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Féach an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt.

SOLAS – An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna

Is é SOLAS an ghníomhaireacht náisiúnta oiliúna agus fostaíochta a bhfuil freagrach uirthi as cabhair a thabhairt do na daoine sin atá ag lorg fostaíochta.

An Tomhas Míre Aonair – M1

Is é is an Tomhas Míre Aonair – M1 ann ná tomhas féintuairiscithe a bhfuil bailíochtú idirnáisiúnta aige agus ar féidir le duine é a úsáid chun rátaí rannpháirtíochta an duine aonair sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a rianú.

SPEAK – An Córas Pleanála Straitéisí, Meastóireachta agus Eolais

Táirge de chuid NEXUS Research (comharchumann taighde neamhbhrabúis atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath) is ea an córas SPEAK. Leis an gcóras, tairgtear d’eagraíochtaí an cumas chun féinmheastóireacht a dhéanamh, rud as a dtagann tuiscint chuimsitheach ar obair na heagraíochta agus ar thionchar na hoibre sin.

Spóirt Éireann

Tugann Spóirt Éireann Comhairle Spóirt na hÉireann, Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Cóitseáil Éireann le chéile ina gcomhlacht cuíchóirithe dinimiciúil nua amháin a bhfuil de dhualgas air todhchaí spóirt na hÉireann a bhrú chun cinn. Is údarás reachtúil é Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm aige forbairt inbhuanaithe an spóirt iomaíoch agus áineasa in Éirinn a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.

SIDP – An Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Is clár é a bhfuil mar aidhm leis spreagadh agus cúnadh a thabhairt do níos mó daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a bhforbairt i ngach suíomh.

Inbhuanaitheacht (maidir le cláir rannpháirtíochta na gComhpháirtíochtaí)

Is é atá i gclár inbhuanaithe ná clár as a dtagann rannpháirtíocht mharthanach sa spóirt agus/nó i ngníomhaíocht fhisiciúil agus ar féidir leis é féin a chothabháil (gan tacaíocht dhíreach a fháil ó na Comhpháirtíochtaí).

TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

An 1 Eanáir 2014, d’éirigh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ina heintiteas dlíthiúil neamhspleách atá comhdhéanta de Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlach FSS, den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlach agus den Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais agus a chuimsíonn roinnt seirbhísí síceolaíochta mar aon le seirbhísí éagsúla a fhreagraíonn d’fhoréigean baile, d’fhoréigean gnéasach agus d’fhoréigean inscnebhunaithe. Is í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an Ghníomhaireacht Stáit speisialaithe atá freagrach as leas agus torthaí a fheabhsú do leanaí.

WIS – Mná sa Spóirt

Is tionscnamh de chuid Spóirt Éireann é a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spóirt a mhéadú ach deiseanna malartacha a sholáthar agus cláir shonracha a fhorbairt ina ndírítear ar mhná agus ar chaillíní.

Aguisín C

Sonraí Teagmhála na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt



Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach

www.carlow.ie
 059 9136 205
 mjduggan@carlowcoco.ie
 @County Carlow Sports Partnership



Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin

www.cavansportspartnership.ie
 049 437 8582
 info@cavansportspartnership.ie
 @CavanSportsPartnership
 @CavanSP



Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir

www.claresportspartnership.ie
 065 686 5434
 info@claresports.ie
 @claresports
 @Claresports



Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí

www.corksports.ie
 021 434 7096
 info@corksports.ie
 @CorkSportsPartnership
 @CorkSports



Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall

www.actedonegal.com
 074 911 6078
 info@actedonegal.com
 @actedonegal
 @ActiveDonegal



Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath

www.dublincity.ie/main-menu-services-recreation-culture/sport-and-recreation
 01 222 7852
 sports@dublincity.ie
 @DublinCitySportandWellbeingPartnership
 @dccsportsrec
 @dublincitysportandwellbeing



Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin

www.dlrsportspartnership.ie
 01 271 9502
 info@dlrsportspartnership.ie
 @dlrsportspartnership
 @dlrSportsTeam



Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall

www.fingalcoco.ie/community-and-leisure/sports-and-fitness
 01 890 5107
 Sports@fingal.ie
 @FingalSports
 @FingalSports



Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

www.galwayactive.ie
 091 509572/509577/536459
 galwayactive@galwaycoco.ie
 @Galway Sports Partnership
 @GalwayLSP



Páirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí

www.kerryrecreationandsports.ie
 066 718 4776
 info@kerryrecreationandsports.ie
 @kerryrecreationandsportspartnership
 @KerryRSP



Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

www.kildare.ie/kildaresp
 045 980 546
 ksp@kildarecoco.ie
 @KildareSportsPartnership
 @KildareSP
 @kildare_sports_partnership
 Kildare Sports Partnership



Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh

www.krsp.ie
 056 779 4990
 info@krsp.ie
 @Kilkennysports
 @kilkennysports



Comhar Spóirt na Laoise

www.laoissports.ie
 057 867 1248
 info@laoissports.ie
 @laoislsp
 @LaoisSportsLSP



Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma

www.leitrimsports.ie
 071 965 0498
 sports@leitrimcoco.ie
 @leitrimsportspartnership
 @Leitrimsport



Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

www.limericksportspartnership.ie
 061 333 600
info@limericksports.ie
 @limerickcitysportspartnership
 @Limericksports



Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt

www.longfordsports.ie
 043 334 9402
info@longfordsports.ie
 @longfordsportspartnership
 @LSPLongford



Comhpháirtíocht Spóirt Lú

www.louthsp.ie
 042 932 4318
louthsp@louthcoco.ie
 @louthcoco



Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

www.mayosports.ie
 094 904 7025
mstp@mayococo.ie
 @Mayo Sports Partnership
 @MayoSport1



Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

www.meathsports.ie
 046 906 7337
mlsp@meathcoco.ie
 @meathsportspartnership
 @MeathLocalSport
 MeathSports



Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin

www.monaghansports.ie
 042 975 5126
info@monaghansports.ie
 @monaghansportspartnership1
 @monaghansports



Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailé

www.offalysports.ie
 057 934 6843
sports@offalycoco.ie
 @Offaly Sports Partnership
 @OffalySP



Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin

www.rosactive.org
 090 663 0853
info@rosactive.org
 @RoscommonSportsPartnership
 @Ros_sports
 @roscommonsportspartnershipclg



Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh

www.sligosportandrecreation.ie
 071 916 1511
info@sligosportandrecreation.ie
 @SligoSportandRecreationPartnership
 @SSRPSligo
 @Sligosportandrecreation



Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas

www.sdscsp.ie
 01 414 9157
info@sdscsp.ie
 @sdscsp
 @SDCSP1
 @sdscsp1



Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann

www.tipperarysports.ie
 076 106 6201
info@tipperarysports.ie
 @tipperarysports
 @TipperarySports
 @tipperarysportspartnership



Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge

www.waterfordsportspartnership.ie
 0761 10 2194
info@waterfordsportspartnership.ie
 @WaterfordSportsPartnership
 @WaterfordLSP
 @Waterford_LSP



Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí

www.westmeathsports.ie
 044 939 0208
info@westmeathsports.ie
 @WestmeathSport
 @WestmeathSport



Spóirt Gníomhach Loch Garman

www.sportsactivewexford.ie
 053 919 6557
sports.active@wexfordcoco.ie
 @SportsActive
 @SportActiveWex
 @sportsactivewexford



Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin

www.wicklowlsp.ie
 0404 20100
wiclowlsp@wicklowcoco.ie
 @wicklowlocalsportspartnership
 @WicklowLsp
 @ActiveWicklow



SPÓRT
ÉIREANN
RANNPÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION

Spórt Éireann
An Clós Cúirte
Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15, D15 PN0N

www.sportireland.ie